DRÉACHT

An Roinn Oideachais
agus Eolaíochta

# GAEILGE

**Ardteistiméireacht**

Ardleibhéal agus gnáthleibhéal

# TREOIRLÍNTE

MAR THACA LE

## MÚINEADH AN CHÚRSA LEASAITHE LITRÍOCHTA

Faoi scrúdú den chéad uair i 2006



NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Published by The Stationery Office
To be purchased directly from:
Government Publications Sales Office,
Sun Alliance House,
Molesworth Street, Dublin 2.
Or by mail order from:
Government Publications, Postal Trade Section,
51 St. Stephen's Green, Dublin 2.
Tel: 01-647 6000 Fax: 01-647 6843
Or through any bookseller.

Price: €3.81

Designed by: Langley Freeman Design Group Limited
© 2004 Government of Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

**D'Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal.**

Imlitir M4/04

**Leasú ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta**

**- Cúrsa leasaithe litríochta le cur faoi scrúdú i 2006, i 2007 agus i 2008 -**

Iniata leis an imlitir seo tá moltaí ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le leasuithe ar chúrsa próis agus filíochta na hArdteistiméireachta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Is mian leis an Aire a chur in iúl go bhfuil na moltaí seo faofa aige agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm i 2004. Reáchtálfar an chéad scrúdú a bheidh bunaithe ar na leasuithe seo in 2006.

Eiseofar treoirlínte mar thaca le múineadh an chúrsa leasaithe seo agus seolfar chuig na scoileanna iad faoin 1ú Meán Fómhair 2004.

Iarrtar oraibh a bhfuil san imlitir seo a chur faoi bhráid na n-oidí sin in bhur scoileanna a mbaineann an leasú seo leo.

Bheifí buíoch díbh ach cóip den imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na n-oidí.

Seán O Duinneacha

Ard Rúnaí.

Aibreán 2004.

# GAEILGE na hARDTEISTIMÉIREACHTA

## PRÓS AGUS FILÍOCHT DO NA BLIANTA 2004-2006<br>2005-2007<br>2006-2008

## GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

Mhol an Coiste Cúrsa gur mar seo a bheadh an cúrsa próis agus filíochta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal do na blianta 2004-2006, 2005-2007, 2006-2008.

Tá moltaí déanta ag an gCoiste Cúrsa maidir leis an gcúrsa **comónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal.** Tá na moltaí atá déanta ag an gCoiste Cúrsa rianaithe anseo thíos.

**1. AN tÁBHAR AINMNITHE**

(a) **An tÁbhar Ainmnithe: Prós - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe próis atá molta don **Ghnáthleibhéal** **agus** don **Ardleibhéal**.

(i) *An Cearrbhach Mac Cába*

Scéal béaloidis [go huile]

as Niall Ó Dónaill agus Anraí Mac Giolla Chomhaill eag.

*Scéalta Johnny Shéamaisín* (Comhaltas Uladh).

(ii) *Coileach Ghleann Phádraig* Biddy Jenkinson

Gearrscéal [go huile]

as Jenkinson, B. *An Grá Riabhach: Gáirscéalta*

(Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2000), lgh 25-33

*NÓ*

*An Bhean Óg* Máire Mhac an tSaoi

Gearrscéal [go huile]

Foilsíodh in *Comhar*, Imleabhar 7, mí Iúil 1948.

le fáil in Eoghan ó hAnluain (eag.), *Leath na Spéire: Imeachtaí Scoil Gheimhridh Mherriman* 1991 (An Clóchomhar, BÁC, 1992), lgh 91-92

**[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thuas idir** *Coileach Ghleann Phádraig* **agus** *An Bhean Óg*.]

(iii) *Lig Sinn i gCathú* Breandán Ó hEithir

Giota as úrscéal as Ó hEithir, B (1976) *Lig Sinn i gCathú*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill [lgh. 9-17 ó bharr lch. 9 go dtí deireadh líne 25, lch. 17
"… a Iníon Uí Chinnéide"]

(iv) *Fiche Bliain ag Fás* Muiris Ó Súilleabháin

Giota as dírbheathaisnéis Ó Súilleabháin, M (1976) *Fiche Bliain Ag Fás*

[lgh. 74-76 dar tús líne 3, lch. 74 '*Téanaíg anso isteach* …..' agus dar críoch an líne dheireannach, lch. 76 '…… *agus pingin aige féin.*']

(v) Lá Buí Bealtaine Mairéad Ní Ghráda

Dráma as *Drámaí an Chéid*, Indreabhán: Cló iar-Chonnacht (2000)

[lgh. 95-107]

<u>*NÓ*</u>

*Clare sa Spéir* (scannán 30 nóiméad) TG4

**[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (v) thuas .i. dráma <u>*nó*</u> scannán.]**

**(b) An tÁbhar Ainmnithe: Filíocht - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe filíochta atá molta don **Ghnáthleibhéal <u>agus</u>** don **Ardleibhéal**.

**(i)** *Gealt* Áine Ní Ghlinn
*: Teanga Bheo,* Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lgh. 66-67]

**(ii)** *Níl Aon Ní* Cathal Ó Searcaigh
*: Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 119]

**(iii)** *Mo Ghile Mear / Bímse buan ar buairt gach ló* Seán Clárach
Duanaire na hArdteistiméireachta [na cheithre véarsa tosaigh agus curfá]

**(iv)** *Jack* Máire Mhac an tSaoi
*: Teanga Bheo,* Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 117]

**(v)** *Faoiseamh a Gheobhadsa* Máirtín Ó Direáin
Duanaire na hArdteistiméireachta.

**(c) Dánta Dualgais Breise Don Ardleibhéal**

Seo a leanas na dánta dualgais breise don Ardleibhéal atá le saothrú ag lucht an Ardleibhéil amháin:

*Oíche Nollaig na mBan* Seán Ó Ríordáin
: *Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 109]

*Dán do Mhelissa* Nuala Ní Dhomhnaill
: *Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 43]

*An Chéad Dráma* Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha

*as Buille faoi Thuairim Gabha* Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha

(Cló Iar-Chonnachta)

*An Mháthair* Caitlín Maude
*Duanaire na hArdteistiméireachta*

*Úirchill an Chreagáin* Art Mac Cumhaidh
*Duanaire na hArdteistiméireachta*

*Maigdiléana* Cathal Ó Searcaigh
*Coiscéim: Baile Átha Cliath* [lch. 19]

*An tOileán* Deirdre Brennan
*: Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 17]

*Dá mb'fhéidir arís d'ár gcumann* Eithne Strong
*: Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 132]

## 2. AN tÁBHAR ROGHNACH: TREOIR

Is den riachtanas é go gcloífí leis na treoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú.

### (a) An tÁbhar Roghnach: Prós - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Agus téacsanna oiriúnacha próis á roghnú ba chóir na critéir seo leanas a chur san áireamh.

**(i) Cineálacha:**

**Cúig** ghiota próis agus ceann amháin díobh ag freagairt do gach ceann ar leith de na cineálacha (i) go (v) thíos:

**(i) Sliocht béaloidis**

**(ii) Gearrscéal**

**(iii) Giota as úrscéal**

**(iv) Giota as dírbheathaisnéis**

**(v) Dráma [nó giota as]**

<u>*nó*</u>

**Scannán Gaeilge**

**(ii)** Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear.

Glactar leis an ábhar próis ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

**(iii) Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna giotaí:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na ndaltaí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní ghlacfar le sliocht ar bith as *Díolaim Próis na Meánteistiméireachta*.
- **Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.**

**(b) An tÁbhar Roghnach: Filíocht - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Agus téacsanna oiriúnacha filíochta á roghnú ba chóir na critéir seo leanas a chur san áireamh.

(i) **Cineálacha**

Déantar staidéar ar *chúig* dhán ar fad. Agus na cúig dhán á roghnú ní mór gur sa tréimhse **roimh** 1850 a cumadh **dán amháin** díobh sin.

(ii) **Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear.**

**Glactar leis an ábhar filíochta ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú**, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú ins na dánta:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na ndaltaí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- ceol agus liriciúlacht a chur san áireamh

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní ghlacfar le dán ar bith as *Duanaire na Meánteistiméireachta*.
- **Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.**

## 3. CÚRSA NA hARDTEISTIMÉIREACHTA: ARDLEIBHÉAL

Ag tagairt do na moltaí atá déanta ag an gCoiste ó thaobh ábhair de is mar seo a leanas a bheidh an cúrsa ag an Ardleibhéal.

**(i)** Maidir leis an **Ábhar Comónta** don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal.

- Beidh cead ag iarrthóirí tabhairt faoi cheann ar bith de na roghanna seo a leanas:

  - prós ainmnithe agus filíocht ainmnithe

  *NÓ*

  - prós roghnach agus filíocht roghnach

  *NÓ*

  - prós ainmnithe agus filíocht roghnach

  *NÓ*

  - prós roghnach agus filíocht ainmnithe

**Tugtar faoi deara go bhfuil rogha níos fairsinge i gceist anois d'iarrthóirí maidir leis an ábhar comónta.**

- Ní ceadmhach d'iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (a) thuas, a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach. **Tá a mhalairt i gceist freisin**.
- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (b) a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar na dánta roghnacha.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán de phrós ainmnithe agus de phrós roghnach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa roghnach i gceist eile.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán d'fhilíocht ainmnithe agus d'fhilíocht roghnach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa roghnach i gceist eile.

**(ii)** Maidir leis an **bPróstéacs Breise**

- Níor mhór d'iarrthóirí Ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar phróstéacs breise (ainmnithe **nó** roghnach).
- Maidir leis an bpróstéacs breise (Ceist 2, Páipéar 2) is é an cúrsa céanna a bheidh i bhfeidhm go dtí 2008 is a bhí i gceist ó 1995. Ní bheidh cead ag iarrthóirí Ardleibhéil úsáid a bhaint as saothar a d'úsáid siad cheana i bhfreagairt na ceiste faoin bprós ainmnithe / prós roghnach (Ceist 1, Páipéar 2).

Mar shampla, má bhaintear úsáid as Fiche Bliain Ag Fás i bhfreagairt na ceiste ar an bprós ainmnithe (Ceist 1, Páipéar 2) ní bheidh cead úsáid a bhaint as an saothar sin i gCeist 2 (próstéacs breise). Nó, mar shampla, má bhaintear úsáid as an ngiota as úrscéal e.g. Gafa faoin bprós roghnach i gCeist 1, ní bheidh cead úsáid a bhaint as aon chuid den úrscéal sin i gCeist 2 faoin bpróstéacs breise. Nó, mar shampla, má bhaintear úsáid as aon ghearrscéal as cnuasach gearrscéalta i bhfreagairt na ceiste ar an bprós roghnach (Ceist 1) ní bheidh cead úsáid a bhaint as an gcnuasach gearrscéalta sin i bhfreagairt na ceiste ar an bpróstéacs breise (Ceist 2).

- **Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.**

**(iii)** Maidir leis na **Dánta Dualgais Breise don Ardleibhéa**l

- Níor mhór d'iarrthóirí Ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar na dánta dualgais breise atá ainmnithe.

**(iv)** Maidir le **Stair na Gaeilge**

- Níl aon athrú i gceist ó thaobh Stair na Gaeilge de. Is é an cúrsa céanna a bheidh i bhfeidhm go dtí 2008 is a bhí i gceist ó 1995. Féach Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal, lch. 43.

*************************

## 4. CÚRSA NA hARDTEISTIMÉIREACHTA: GNÁTHLEIBHÉAL

Ag tagairt do na moltaí atá déanta ag an gCoiste ó thaobh ábhair de is mar seo a leanas a bheidh an cúrsa ag an nGnáthleibhéal.

Maidir leis an **Ábhar Comónta** don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal.

- Beidh cead ag iarrthóirí tabhairt faoi cheann ar bith de na roghanna seo a leanas

  - prós ainmnithe agus filíocht ainmnithe

  *NÓ*

  - prós roghnach agus filíocht roghnach

  *NÓ*

  - prós ainmnithe agus filíocht roghnach

  *NÓ*

  - prós roghnach agus filíocht ainmnithe

  **Tugtar faoi deara go bhfuil rogha níos fairsinge i gceist anois d'iarrthóirí maidir leis an ábhar comónta.**

- Ní ceadmhach d'iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar na dánta roghnacha.

- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán de phrós ainmnithe agus de phrós roghnach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa roghnach i gceist eile.

- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán d'fhilíocht ainmnithe agus d'fhilíocht roghnach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa roghnach i gceist eile.

- Beidh cead ag iarrthóirí Gnáthleibhéil aon cheann de na dánta atá luaite faoi Dhánta Dualgais Breise don Ardleibhéal a úsáid i bhfreagairt ceiste ar bith faoin bhfilíocht roghnach. Mar shampla, d'fhéadfaidís freagra ar an bhfilíocht roghnach a bhunú ar an dán, 'An Mháthair' atá luaite faoi Dhánta Dualgais Breise don Ardleibhéal.

- **Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.**

*************************

# CL«R


1 RÉAMHRÁ . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .5

2 GEARRSCANNÁN . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .35

Clare Sa Spéir . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

3 PRÓS . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .49

Sliocht as Lig Sinn i gCathú (Sliocht as úrscéal) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

An Cearrbhach Mac Cába (Sceál béaloidis) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Coileach Ghleann Phádraig (Gearrscéal) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Sliocht as Fiche Bliain Ag Fás (Dírbheathaisnéis) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

An Bhean Óg (Gearrscéal) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Lá Buí Bealtaine (Dráma) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

4 FILÍOCHT DON GHNÁTHCHÚRSA AGUS DON ARDCHÚRSA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .75

Jack . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Gealt? . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Faoiseamh A Gheobhadsa . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Níl Aon Ní . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Mo Ghile Mear/ Bímse Buan Ar Buairt Gach Ló . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

5 FILÍOCHT DON ARDCHÚRSA . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .101

An tOileán . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Úrchill An Chreagáin . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

An Chéad Dráma . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Dán do Mhelissa . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Oíche Nollaig na mBan . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

An Mháthair . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Maigdiléana . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

Dá mB'fhéidir Arís Dár gCumann . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

# Réamhrá

# RÉAMHR«

Déantar iarracht sa cháipéis seo múinteoirí a spreagadh chun tabhairt faoi mhúineadh na litríochta de réir an chur chuige chumarsáidigh. Tá siollabas cumarsáideach ann don Ghaeilge ó lár na 1990í ar aghaidh. Ní mholtar mar sin go mbeadh deighilt ar bith idir múineadh cumarsáideach na teanga mar a mholtar sa siollabas agus múineadh na dtéacsanna próis agus filíochta. I d*Treoirlinte do Mhúinteoirí: Ardteistiméireacht Gaeilge* lch 10 (An Roinn Oideachais, gan dáta), tá sé molta, cuir i gcás: "…go ndéanfaí ionramháil chumarsáideach ar na téascsanna próis agus filíochta a mbeidh staidéar á dhéanamh ag daltaí orthu."

**Ní chuig nótaí leirmheastóireachta ar na téacsanna atáthar anseo**. Tá raidhse téacsleabhar ar an margadh cheana féin a dhíríonn ar a leithéid.

Ní cuing dho-bhogtha atá sna Treoirlínte seo ach oiread. Cuirtear **sraith de mholtaí** ar fáil anseo a d'fhéadfadh cúnamh breise a thabhairt do mhúinteoirí i mbun na dtéacsanna próis is filíochta a mhúineadh de réir an chur chuige chumarsáidigh. Tá cúram ar leith á dhéanamh de fhorbairt na scileanna teanga. Leagtar béim ach go háirithe ar an taitneamh agus ar an rannpháirtíocht. Gan taitneamh agus rannpháirtíocht mhothúnach a chothú, bheadh sé deacair a chur ar chumas foghlaimeoirí a n-acmhainneacht maidir lena bhforás pearsanta, intleachtúil agus sóisialta a bhaint amach.

## CUR CHUIGE CUMARS«IDEACH A GUS TÉACSANNA LITR OCHTA

Ní mór cuimhneamh gurb é aimsiú na teachtaireachta bunghnó na cumarsáide (an bhearna eolais). Bíonn teachtaireacht an fhile/údair (don saol mór/dó/di féin/don ealaín féin) í. guth an údair/an fhile nó an phobail go soilseach/ folaithe sa saothar litríochta.

Tá dhá fhéidearthacht maidir le múineadh na litríochta ó thaobh siollabais chumarsáidigh de:

1. *Aimsiú na teachtaireachta*
   Ní mór gnáth-theanga a úsáid chun teacht ar bhunteachtaireachtaí an tsaothair litríochta i ngnáth-chomthéacsanna cumarsáide, m.sh., daoine ag caint faoi ábhar/scéal scannáin nó faoi liricí amhráin etc.

2. *Tuairimí a chur in iúl/mothúcháin a nochtadh i dtaobh na teachtaireachta sin*
   Bíonn an saothar litríochta fréamhaithe i saoltaithí an fhile/an údair.

   Bíonn saoltaithí ag an bhfoghlaimeoir chomh maith agus faightear amach an bhfuil taithí aige/aici ar thaithí an fhile/an údair.

Níl i saothar litríochta ar bith ach dúch agus pár go dtí go mbíogann sé an léitheoir go mothúchánach tríd an léamh. Bíonn an dá léamh i gceist:

1. Aimsiú eolais agus na teachtaireachta
2. Léamh aestéitiúil/taitneamhach

## SIOLLABAS NA GAEILGE

Tá ceithre eilimint thábhachtacha i siollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta:

1. Béim ar chumarsáid
2. Feasacht teanga
3. Feasacht chultúir agus litríochta
4. Comhtháthú scileanna sa teagasc

### 1. CUMARS«ID

Sealbhaítear teanga tríd an gcumarsáid. Chuige sin, ní leor cleachtadh teanga amháin. Ní mór an fhíorchumarsáid a bheith i gceist. Tá tús áite tugtha don chumarsáid i ndearadh na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach anseo. Chuige sin cuirtear béim ar ghníomhaíochtaí mar rólaithris, mar thuar, agus mar nochtadh tuairime.

Moltar tús áite a thabhairt don labhairt i gcomhthéacs Obair bheirte nó an obair ghrúpa trí bheith:

- Ag nochtadh tuairime
- Ag nochtadh mothúchán i leith
- Ag ceapadh comhráite (ag scripteáil)
- Ag tuar………………
- Ag cumadh deirí eile etc.

Tá scríobh i gceist chomh maith ar ndóigh. Moltar áfach go gcleachtaítear an scríobh i gcomhthéacsanna obair bheirte agus obair ghrúpa trí/bheith:

- ag cur tuairime in iúl-ag cur leis an tuairim le tagairtí ón téacs

- athinsint

- ag cothú gutha (ag athscríobh an scéil ó thaobh na gcarachtar éagsúla atá ann :m.sh *Coileach Ghleann Phádraig* tusa an mac léinn óg…déan cur síos ar a tharla agus cuir do thuairim in iúl faoi)

- tionscnamh –ag lorg eolais ar an Idirlíon agus cur i láthair (m.sh tionscnamh ar phiseoga *Coileach Ghleann Phádraig*).

Baineann scríobh chomh maith le:

**a. Cothú scileanna léirmheastóireachta**

- ag díriú ar dhearcadh an údair/an fhile, m.sh.
- dearcadh ar shuíomh
- dearcadh ídé-eolaíochta
- dearcadh siceolaíóchta

**b. Suíomh**

- suíomh pearsanta an údair/fhile /samhlaitheach/drámatúil
- spreagadh agus ionsparáid
- cosúlachtaí agus codarsnachtaí le saothair eile dírithe ar an téama céanna, m.sh. liricí ceoil, scannáin, ealaín, damhsaí, drámaí etc

**c. Dearcadh idé-eolaíochta**

- an fáth a bhfuil an saothar á scríobh
- an chaoi ina bhfuil sé cumtha/leagtha amach
- slite eile ar féidir cur síos ar an ionsparáid chéanna?
- luacha an údair/an fhile
- grinnscrúdú ar fhocail

**d. Dearcadh siceolaíochta**

- cé dó an reacaireacht?
- cé leis a bhfuiltear ag caint sa saothar?
- cé acu pearsa atá in úsáid:1ú nó 3ú pearsa? (dearcadh siceolaíoch inmheánach nó dearcadh seachtrach?)

## 2. AN FHEASACHT TEANGA

Cabhraíonn an fheasacht teanga le foghlaimeoirí úsáid na teanga sa saol laethúil a thabhairt faoi deara. Dírítear ar bhfuil i gceist sa dátheangachas, ar úsáid na teanga sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, ar choincheap canúna, ar chanúintí i gcoitinne agus ar chanúintí na Gaeilge.

Tá béim curtha sna tascanna agus sna gníomhaíochtaí ar fhorbairt agus ar chothú na feasachta teanga. Leagtar béim ar roghnú na bhfocal/an fhriotail agus ar ghnéithe den chomhrá .m.sh. intriachtaí i gcás an tsleachta dírbheathaisnéise *Fiche Bliain Ag Fás* agus úsáid an Bhéarla *By Dad*/vet/srl sa ghearrscéal *Coileach Ghleann Phádraig*) agus gnéithe canúnacha.

## 3. AN FHEASACHT CHULT“IR

Tugtar léargais ar an gcultúr trí théacsanna litríochta. Deir Kramsch faoi seo:

Culture – *the very core of language teaching is…to help learners see their culture in relation to others…* (Kramsch 1993:8).[1]

Is iomaí léargas agus blaiseadh cultúir atá i gceist sna téacsanna agus sa ghearrscannán:

- An litríocht bhéil
- Cultúr agus fochultúir
- An Ghaeltacht
- Béaloideas
- Fochultúr na hóige anallód - Fiche Bliain Ag Fás
- Cultúr comhaimseartha teaghlaigh - Clare Sa Spéir
- Fochultúr shaol na mac léinn - Lig Sinn i gCathú
- Fochultúr an tigh altramais – Lá Buí Bealtaine
- Fochultúr gairme - an vet
- Cultúr agus stair - amhráin - Bímse Buan Ar Buairt Gach Ló
- Piseoga - Coileach Ghleann Phádraig

[1] Kramsch, C. (1993) Context and Culture in Language Teaching. Oxford University Press.

## 4. COMHTH«TH“ SCILEANNA

Cur chuige comhtháite arís atá á mholadh anseo i dtreo is go ndéantar freastal ar fhorbairt na scileanna uile.

Scríobh is mó a shamhlaítear le litríocht ach is í an labhairt is nádúrtha, is cumarsáidí agus is túisce a bhíonn i gceist go minic. Dá léifeá leabhar/alt irise suimiúil,/dá bhfeiceá scannán maith/ dá gcloisfeá ceol deas, seans (maith!) go labhrófá faoi….

### MOLTAÍ PRAITICIÚLA

Sna Treoirlínte seo, tugtar rogha leathan de ghníomhaíochta ranga a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid agus saothair litríochta á n-ionramháil acu sa seomra ranga. Táthar ag súil go rachfar i gcion anseo ní amháin ar mhúinteoirí agus ar an gcleachtas sa rang ach ar lucht scríofa téacsleabhar chomh maith chun gníomhaíochtaí ar aon dul leis na cinn atá leagtha amach thíos anseo a sholáthar ina gcuid téacsleabhar amach anseo.

**Ní treoir iomlán chuimsitheach atá á tabhairt. Ní gá go leanfaí gach gníomhaíocht céim ar céim. <u>Níl i gceist ach moltaí</u>** Táthar ag súil, ámh, go spreagfar múinteorí lena ngníomhaíochtaí féin a ullmhú agus a chur in oiriúint dá gcuid foghlaimeoirí féin agus feidhm a bhaint as foinsí agus as áiseanna a bheidh oiriúnach agus tairbheach.

Seo a leanas roinnt prionsabail agus moltaí bunaithe ar a bhfuil d'ábhar anseo a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí agus iad i mbun a n-ullmhúchán ranga féin:

**Ní mór an teagasc a bhunú ar an siollabas agus an cur chuige cumarsáideach a bheith lárnach chomh fada agus is féidir.**

Chuige sin moltar:

1. cur chuige comhtháite (na scileanna go léir/ éagsúla á bhforbairt i dteannta a chéile) a úsáid

2. taitneamh a spreagadh

3. iarraidh ar fhoghlaimeoirí mothúcháin agus tuairimí a nochtadh i dtaobh an tsaothair

4. iarraidh ar dhaltaí tarrac as a gcuid saoltaithí féin agus iad ag iarraidh tuairimí agus mothúcháin a nochtadh i leith an spriocthéacsa

5. an bhearna eolais a bheith i gceist sna tascanna (foghlaimeoirí cíocrach chun teacht ar eolas/thuairim éigin)

6. idirghníomhú bheith i gceist idir foghlaimeoirí- m.sh foghlaimeoirí og obair le chéile i mbeirteanna, i ngrúpaí, ag déanamh suirbhéanna etc.

7. deis a bheith ag foghlaimeoirí agus ag an múinteoir machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha, agus ar a gcuid modhanna foghlama

8. iarraidh ar fhoghlaimeoirí gluais a ullmhú roimh ré agus feasacht teanga a fhorbairt trí fhoclóir a úsáid i gceart agus trí dhíriú ar fhriotal an tsaothair

9. aistriúcháin agus achoimrí a sheachaint

10. foghlaimeoirí a bheith gníomhach i mbun foghlama (léitheoireacht le chéile)

11. deis a bheith ag foghlaimeoirí díriú ar ghnéithe den chultúr agus iad a bhlaiseadh.

Moltar úsáid a bhaint i gcónaí as:

- **tascanna nó gníomhaíochtaí réamhléitheoireachta/réamhfhéachana (i gcás scannáin)**
- **tascanna nó gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta/le linn féachana**
- **tascanna nó gníomhaíochtaí iarléitheoireachta/iarfhéachana**

Úsáidtear **tascanna réamhléitheoireachta/réamhfhéachana** d'fhonn:

- Cumarsáid a spreagadh
- Suim fhoghlaimeoirí a mhúscailt san ábhar/sa saothar
- Fiosracht a mhúscailt
- Foclóir an tsaothair a chur i láthair foghlaimeoirí

Úsáidtear **tascanna le linn léitheoireachta/féachana** d'fhonn:

- Gluais a chur ar fáil
- Foclóir a úsáid (an fheasacht teanga)
- Léitheoireacht phríobháideach (gnó príobháideach an léitheoireacht de ghnáth ach ní gá gurbh ea)
- Léitheoireacht mar obair ghrúpa/mar obair bheirte (léitheoireacht le chéile)

- An saothar a roinnt i gcodanna solámhsaithe de réir mar a oireann
- Plé le deacrachtaí tuisceana
- Cumarsáid a spreagadh

Úsáidtear **tascanna iarléitheoireachta/iarfhéachana** d'fhonn:

- Tairimí/mothúchán a nochtadh
- Cumarsáid a spreagadh dá réir
- Comparáid le saoltaithí na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt
- Tuar a dhéanamh
- Deirí eile a thuar
- Dearcadh a chur in iúl
- An scéal/an t-ábhar a insint/a chumadh ó pheirspictíochtaí eile
- Drámaí/suímh scannáin a bhunú ar an mbuntéama
- Díriú ar na cúiseanna ar cumadh an saothar
- Comparáid a dhéanamh le saothair ealaíne eile

## NÓTAÍ TÁBHACHTACHA

1. **Tugtar samplaí eiseamláireacha de thascanna réamhléitheoireachta**/réamhfhéachana, le linn léitheoireachta/féachana agus iarléitheoireachta/iarfhéachana anseo thíos.

   Ní mór cuimhneamh:

   - **nach gá gach tasc/gníomhaíocht a dhéanamh.**
   - gur féidir rogha áirithe tascanna/gníomhaíochtaí a dhéanamh an chéad uair a dhéantar staidéar ar an saothar agus cinn eile a dhéanamh nuair a bhítear ag dul siar air.
   - **go mb'fhearr go mór do gach múinteoir tascanna a dhearadh agus a chur in oiriúint dá rang féin, seachas gach treoir anseo a leanúint go dílis beacht.**
   - gur féidir cur leo/tógaint dá bhfuil anseo de réir mar a oireann, toisc nach mbíonn aon dá rang mar an gcéanna.

2. **I gcás an chúrsa roghnaigh ní cheadaítear úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n mar go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge agus an téacs sin a bheith foilsithe.**

3. Tá iarracht déanta anseo ag lucht cumtha na ngníomhaíochtaí ábhar a dhearadh agus a chur in oiriúint d'aicmí áirithe foghlaimeoirí:

   GL =Gnáthchúrsa

   AC = Ardchúrsa

   SG = Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

   Ach níl anseo ach treoir scaoilte agus b'fhearr go mór go gcuimhneoidh múinteoirí ar riachtanais a gcuid ranganna féin agus tascanna dá gcuid féin a n-ullmhú acu.

   **I gcás na scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge, moltar go láidir nach gá do na múinteoirí a gcuid foghlaimeoirí a theorannú dona gníomhaíochtaí atá tugtha thíos. Moltar go rachfar i ngleic chomh doimhin agus is féidir de réir scileanna teanga agus raon suime na ndaltaí.**

4. Ní mór cuimhneamh gur meitheal mhúinteoirí a chuir an t-ábhar le chéile. Tá éagsúlacht ó thaobh chur chuige de, a oirfidh do stíleanna teagaisc múinteoirí éagsúla. Aithneoidh an múinteoir aonair cur chuige sna tascanna éagsúla thar a chéile a thaitníonn leis/léi féin agus a mbeadh fonn air/uirthi aithris a dhéanamh air agus é/í i mbun a c(h)eachtanna féin a ullmhú agus a chur in oiriúint dá c(h)uid daltaí féin.

## LÉIRMHEASTÓIREACHT AGUS TEAGASC

Seo a leanas roinnt tuairimí agus moltaí gur féidir le múinteoirí a chur san áireamh agus iad i mbun ullmhúcháin.

"Poetry begins in delight and runs to a bit of wisdom," a dúirt Robert Frost. Is beag is fiú filíocht nó prós a mhúineadh mura féidir an taitneamh sin a spreagadh agus a chothú. Baineann an fhilíocht agus an prós cruthaitheach le croí agus le haigne, le mothúcháin is le samhlaíocht agus ní ceart iad a scrúdú mar a scrúdófaí fadhb chasta ghramadaí. Caithfear an fhilíocht, an prós agus an scannán a chur i láthair ar bhealach a mhúsclóidh suim agus a spreagfaidh samhlaíocht na ndaltaí, agus is é sin a bhí mar chuspóir leis na treoirlínte seo.

Nuair a léann dalta dán, cuir i gcás, nó nuair a fhéachann sé ar scannán, tagann dhá aigne le chéile – aigne an fhile/an scríbhneora agus aigne an léitheora. Téann dán maith i gcion ar an duine a léann é – bogann sé an léitheoir ar chaoi éigin. Músclaíonn sé mothúcháin nó bíogann sé an tsamhlaíocht nó spreagann sé machnamh. Déanann an léitheoir a chuid féin den dán agus, i gcás an dalta, cabhraíonn an múinteoir leis é sin a dhéanamh.

Is aonad é gach dán, gach scéal, gach scannán – aonad a bhfuil eilimintí difriúla ann. Chun anailís a dhéanamh ar dhán, cuir i gcás, caithfidh na foghlaimeoirí a bheith ábalta na heilimintí sin a aithint agus a mheas. Cabhróidh sé go mór leo má tá tuiscint mhaith acu ar na téarmaí seo sula dtéann siad i ngleic le filíocht agus sleachta próis an tsiollabais ar chor ar bith. Is fiú go mór am a chaitheamh ar na rudaí seo.

Tá sé úsáideach obair an fhile/an údair a chur i gcomparáid le hobair an phéintéara. Cuireann siad araon pictiúir os ár gcomhair. Díreach mar a úsáideann an péintéir péint úsáideann an file/an t-údar focail agus úsáideann an léiritheoir scannáin solas, fuaim, seiteanna agus graificí. Cruthaíonn an péintéir íomhánna, codarsnacht agus atmaisféar i bpictiúr le péint agus lena rogha dathanna. Déanann an file an rud céanna i ndán leis na focail a roghnaíonn sé.

**Íomhá:** Tá pictiúir le feiceáil i ngach dán/scannán/ sliocht próis chruthaithigh. Cuir na daltaí ag tarraingt! Mar shampla, léigh dán simplí leo agus iarr orthu a súile a dhúnadh agus na pictiúir a shamhlaíonn siad a chur ar pháipéir. Iarr orthu na focail a spreagann na híomhánna sin a bhreacadh síos.

*mar shampla*

| Pictiúr a shamhlaigh mé | Na línte a spreag é |
|---|---|
| | ____________________ |
| | ____________________ |
| | ____________________ |
| | ____________________ |

….srl.

**Samhail**: Nuair a úsáideann an file an focal "mar", nó focal eile cosúil leis, chun an íomhá a chur in iúl, tugtar samhail ar an íomhá.

**Meafar**: Is íomhá faoi leith an meafar, nuair a chuireann an file dhá rud dhifriúla le chéile - de ghnáth rudaí nach bhfuil baint ar bith acu lena chéile. Arís cuir na daltaí ag tarraingt! Roghnaigh dán le meafair shimplí ann; Seomra na Ríomhairí (2.45pm) le Déaglán Collinge, mar shampla.

*Ní minic pleidhcíocht*
*I seomra na ríomhairí*
*Is teampall beannaithe*

Tascanna Samplacha

- Cén fáth ar úsáid an file an meafar sin?
- Ar chabhraigh sé leis an bhfile rud éigin a léiriú?
- Ar chabhraigh sé leatsa rud éigin a thuiscint?

**Codarsnacht:** Cuir ceist ar na daoine sa rang a dhéanann ealaín faoi cad a tharlaíonn nuair a chuirtear dubh agus bán in aice lena chéile, nó glas agus dearg. Léirigh tú féin sa rang é, le cártaí daite. Díreach mar a dhéanann an péintéir codarsnacht le dathanna, déanann an file codarsnacht - idir íomhánna, idir focail nó idir mothúcháin. Cuireann codarsnacht béim ar na difríochtaí idir an dá rud. De ghnáth bíonn sé éasca samplaí den chodarsnacht a aithint, má thuigtear cad atá i gceist.

**Friotal:** Tugtar friotal ar an bhfoclóir a úsáideann an file – na focail agus na nathanna a roghnaíonn sé don dán. Tá fuaim, ciall agus cruth ag gach focal agus is é scil an fhile an focal nó an nath is oiriúnaí a roghnú. Is féidir liosta de na focail a dhéanann cur síos ar fhriotal a chur ar fáil. Nuair a léann daltaí dán (cinn simplí ar dtús ) iarr orthu ciorcal a chur timpeall ar na cinn a bhaineann leis an dán áirithe sin. Is féidir foclóir níos leithne a chur ar fáil do na daltaí ardleibhéil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Simplí | nádúrtha | sothuigthe | binn |
| ceolmhar | gonta | dúchasach | lom |
| casta | fileata | tíosach | neamhchoitianta |
| ornáideach | bríomhar | snoite | ……….srl |

Iarr orthu línte nó focail as an dán a roghnú mar léiriú.

Toisc go bhfuil an file ag rá mórán i mbeagán focal, tá sé suimiúil féachaint ar na focail a bhfuil tábhacht nó cumhacht ar leith ag baint leo i gcomhthéacs an dáin.

mar shampla *"I measc mo dhaoine"* seachas *"I measc na ndaoine"*

(Faoiseamh a Gheobhadsa)

- Cad a chuireann "mo" in iúl nach gcuireann *"na"*?

  *"Bhí fuinneamh sa stoirm a d'éalaigh aréir"* seachas *"………a tharla aréir"*

  (Oíche Nollaig na mBan)

- Cad a chuireann "*a d'éalaigh*" in iúl nach gcuireann "*a tharla*"?

**Mothúcháin:** Is fiú stór focal a dhéanann cur síos ar na mothúcháin a ullmhú. Tá sé úsáideach freisin ord a chur orthu.

*mar shampla:*

**Cuir na mothúcháin seo in ord, ag tosú leis an gceann is láidre**

| | |
|---|---|
| aithne | 1. ____________ |
| grá | 2. ____________ |
| paisean | 3. ____________ |
| cairdeas | 4. ____________ |
| saobhchion | 5. ____________ |
| buanghrá | 6. ____________ |
| meas | 7. ____________ |

Agus ansin déan cleachtadh ar an stór focal le dánta simplí.

| Mothúcháin | Na línte ina léirítear iad |
|---|---|
| | |

**Atmaisféar:** Mar a bhíonn atmaisféar i ngach pictiúr, bíonn atmaisféar i ngach dán/scéal/scannán.

Úsáideann an péintéir dathanna, úsáideann an file, mar shampla, fuaim agus ciall na bhfocal agus úsáideann an léiritheoir scannán soilse agus fuaim. Ba cheart go mbeadh stór focal ag na daltaí chun cur síos a dhéanamh ar atmaisféar.

Le dánta simplí is féidir leo teacht i dtaithí air seo go réidh.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| síochánta | gruama | gliondrach | bagrach | drámata |
| dólásach | dóchasach | scanrúil | dorcha | éadóchasach |
| diaga | gnóthach | glórach | …….*srl* | |

Tabhair liosta mar sin do na daltaí agus lig dóibh na focail chuí a aimsiú nuair is gá.

(Ar ndóigh tá teicníochtaí eile ag an bhfile – uaim, comhfhuaim, siombal, meadaracht srl. gur ceart a bheith ullmhaithe le rang san ardleibhéal.)

Cuirfidh na tascanna réamhléitheoireachta, atá ullmhaithe sna treoirlínte seo, ábhar agus teanga na ndánta iad féin os comhair na ndaltaí, sula léann siad iad. Má bhíonn an téarmaíocht a bhaineann leis an bhfilíocht/bprós/ scannánaíocht acu chomh maith, beidh seans i bhfad níos fearr acu an fhilíocht/an prós agus an scannán a bhlaiseadh mar ba cheart, agus bainfidh siad taitneamh agus tairbhe as.

**Taitneamh**

An ghné is tábhachtaí agus is cumarsáidí ar deireadh thiar ná an deis a bheith ag foghlaimeoirí an taitneamh nó an easpa taitnimh a bhaineann le saothar a bhlaiseadh a chur in iúl. Mar a luadh thuas, níl i saothar litríochta ar bith ach dúch agus pár go dtí go mbíogann sé an léitheoir go mothúchánach. Ní mór gach deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar an ábhar sin, tuairimí agus mothúcháin i leith an tsaothair a léiriú.

Mar atá ráite thuas, caithfear an fhilíocht, an prós agus an scannán a chur i láthair ar bhealach a mhúsclóidh suim agus a **spreagfaidh** samhlaíocht, tuairimí agus mothúcháin na bhfoghlaimeoirí, agus is é sin atá mar chuspóir leis na treoirlínte seo.

# Gearrscannán

# CLARE SA SPÉIR

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

An Teaghlach

Na Meáin Chumarsáide

Daoine ar leith

Cearta an duine

### FEIDHMEANNA TEANGA

Cur síos ar thréithe daoine

Mothúcháin a nochtadh

Tuairimí a nochtadh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Téamaí: Brú/Réalachas/Daoine ar an imeall

Oíche Nollag na mBan

Gealt?

### RÉAMHOBAIR RANGA:

Téarmaíocht Scannánaíochta

**Pictiúr agus fuaim**

I scannán oibríonn na pictiúir agus na fuaimeanna le chéile chun scéal a insint.

Mínigh don rang cuid de na téarmaí a úsáidtear chun labhairt faoi scannán.

A **Foclóir ginearálta:**

ag amharc ar = ag féachaint ar = ag breathnú ar

cloisimid

éistimid le

feicimid

féachaimid ar

radharc

léiritheoir

stiúrthóir

ceamaradóir

aisteoir aisteoirí

carachtar/carachtair

an fhuaim; na fuaimeanna

fuaimrian

sraitheog = sraith de sheiteanna a théann le chéile mar aonad nó sraitheog cheoil

B **Saghasanna seiteanna - ag tagairt do dhaoine:**

*Seit fhada nó seit leathan* = Seit a thaispeánann an duine ar fad ó bhonn go baithis.

*Meánseit* = Seit a thaispeánann an duine ón gcom aníos.

*Seit teann* = Seit a thaispeánann cuid de dhuine m.sh. aghaidh/cosa

*Seit an-teann* = Garamharc a thaispeánann mionsonra m.sh. súile/béal an duine nó na bróga ar a c(h)osa

C **Saghasanna seiteanna - ag tagairt do rudaí/shuímh**

*Seit bhunaidh* = Seit leathan a léiríonn suíomh an scéil; de ghnáth ag tús scannáin. Insíonn seit mar seo seo dúinn cá bhfuil an scéal suite (sa chathair nó faoin tuath; in Éirinn nó thar lear; srl) agus cén tréimhse atá ann (an t-aonú céad is fiche nó tréimhse éigin stairiúil)

*Seit fhada* = Seit a thaispeánann iomlán an radhairc ina bhfuil an mhír seo den scéal ag titim amach m.sh. an chistin agus an teaghlach ar fad ina suí thart ar an mbord.

*Meánseit* = Seit a thaispeánann cuid den radharc m.sh. Clare ina suí ag bord na cistine agus na soithí salacha ós a comhair

*Seit teann* = Seit a léiríonn mionsonraí sa radharc m.sh. na soithí salacha agus an nuachtán ar an mbord

*Seit an-teann* = Garamharc a théann isteach ar mhionsonra m.sh. cinnlínte an nuachtáin

D **Graificí**

*An teideal* = ainm an scannáin. Feictear ag tús an scannáin é.

*Na teidil chreidiúna* = an liosta a léiríonn cé a d'oibrigh ar an scannán; bíonn sé ag deireadh an scannáin de ghnáth.

E **Fuaimeanna**

*Ceol teidil* = an ceol ar leith lena dtosaíonn / lena gcríochnaíonn scannán ar leith. Go minic is ceol nuachoimisiúnaithe a bhíonn ann.

*Ceol aitheantais* = an ceol ar leith lena dtosaíonn sraithchlár ar leith

*Cúlcheol* = ceol in úsáid faoi radhairc tríd an scannán

*Comhrá* = caint idir bheirt nó níos mó

*Guthú* = seo nuair a chloistear guth an scéalaí ach ní fheictear a (h)aghaidh

**NÓ**

feicimid aghaidh an duine nach bhfuil ag caint ach cloisimid na smaointe atá ag rith trína (h)intinn.

*Ciúnas* = tá tábhacht ag baint le ciúnas i scannán; go minic cuireann sé síocháin **NÓ** teannas in iúl.

*Fuaim ar láthair* = m.sh ceol na n-éan; an teilifís sa chúlra; an doras ag dúnadh 7rl.

Feic: **Téarmaí Teilifíse agus Raidió**, An Gúm, 1996.

## TASCANNA RÉAMHFHÉACHANA

OBAIR AONAIR   OBAIR GHRÚPA   OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

1. Lig do na daltaí a rogha freagraí a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas. Faigh a dtuairimí uathu ach ná pléigh cé acu an bhfuil na freagraí ceart nó mícheart go dtí go bhfuil an scannán feicthe acu.

   Do thuairim uait, cén fáth a bhfuil an teideal *Clare sa Spéir* ar an scannán?

   (a) De bharr go mbíonn Clare ag eitilt go minic?

   (b) De bharr go mbíonn tuairimí míréalaíocha aici?

   (c) De bharr go gcónaíonn sí in airde ar chrann?

   (d) Eile?

2. I gcás gach rogha thíos, buille faoi thuairim cé hí Clare:

   (a) Girseach óg   (b) Cailín sna déaga   (c) Bean mheánaosta

   (a) Dalta scoile   (b) Iníon an tí   (c) Bean chéile

   (a) Bean a'tí   (b) Iníon Léinn   (c) Píolóta

3. Cén téama a bheidh sa scannán?

   (a) Taisteal   (b) An Teaghlach   (c) Éin

## TASCANNA LE LINN FÉACHANA

**N.B.: Moltar go láidir go dtaispeánfar an scannán ina iomláine don rang roimh aon tasc a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go bhfaighidh foghlaimeoirí seans tait-neamh a bhaint as an scéal mar aonad ar dtús. Ansin, taispeáin arís é, sraitheog ar shraitheog, ag stopadh chun na tascanna féachana a chomhlíonadh ar gach mír roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad sraitheog eile.**

### AN TSRAITHEOG OSCAILTE: AN CRANN SA GHÁIRDÍN

OBAIR RANGA

**GL/AL**

**Na seaiteanna bunaidh**

De ghnáth, bíonn leid ar fáil sa chéad chúpla seit de scannán faoi shuíomh agus ábhar an scannáin. Dírigh aird na ndaltaí ar na seiteanna bunaidh ag tús an scannáin.

**A Fuaimeanna tosaigh an scannáin**

1. Tosaíonn an scannán seo le fuaim seachas le pictiúr. Cad í an chéad fhuaim a chloisimid? Cad a chuireann an fhuaim sin in iúl? Cén bhaint atá idir an fhuaim sin agus teideal an scannáin?

2. An dara fuaim a chloisimid ná ceol teidil an scannáin. Cén cineál ceoil é? Binn nó díchordach? Trom nó éadrom? Cén t-atmaisféar a chruthaíonn sé?

3. Cad í an tríú fuaim a chloisimid? Cad a léiríonn an fhuaim seo faoi shaol an teaghlaigh?

**B Pictiúir tosaigh an scannáin**

1. Déan cur síos ar an gcéad seit. Cén bhaint atá ag an gcéad seit leis an bhfuaim a chloisimid ag an am céanna?

2. Cá bhfuil an scéal suite - i bhfobhaile nó faoin tuath?

3. Cén sórt tí ina gcónaíonn an chlann seo - bungaló nó gnáththeach leathscoite nó árasán?

4. Cad atá ag fás sa ghairdín cúil acu - bláthanna nó crann mór?

OBAIR RANGA    OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

**C An chéad chúpla radharc**

1. Déan cur síos ar an chéad chúpla radharc sa scannán. Cén t-eolas a fhaighimid faoi shuíomh an scéil ó na radharcanna seo?

## SRAITHEOG 2: AN TSRAITHEOG SA CHISTIN

### Mír 1: Clampar, rí rá 's rúille búille

OBAIR BHEIRTE    OBAIR GHRúPA

**GL/AL**

1. An ceathrú fuaim a chloisimid sa scannán ná glór an scéalaí. Cén t-eolas a thugann an iníon is óige dúinn faoi dhearcadh chuile dhuine ar an rud a rinne a máthair? Déan liosta de na rudaí a deir daoine dar léi.

2. Fíor nó bréagach?

(i) Tá triúr mac agus beirt iníon ag Clare agus Eoin

(ii) Tá Eoin lánpháirteach i dtógáil na clainne.

(iii) Tá Clare sona sásta lena saol.

(iv) Tá na páistí ciúin agus síochánta.

(v) Tá cumarsáid mhaith idir Eoin agus Clare.

(vi) Tá scéal sa nuachtán faoi fhear a d'fhan 70 lá faoin talamh.

(vii) Tá na páistí ag dul ar scoil i ndiaidh a mbricfeasta.

(viii) Tá post ag Lisa, an iníon is sine.

(ix) Fágann na páistí an chistin deas néata ina ndiaidh.

(x) Is í an scéalaí an duine is óige sa chlann.

(xi) Tá an teaghlach ar fad ag brath ar Clare.

(xii) Tagann an scéalaí ar ais sa chistin chun póg a thabhairt do Chlare.

3. Tá clampar sa chistin agus tá baill éagsúla an teaghlaigh ag argóint faoi rudaí éagsúla.

(i) Cén fáth a bhfuil Clare crosta leis na gasúir?

(ii) Cén fáth go bhfuil na buachaillí, Caomhán agus Joe, ag troid?

(iii) Cén argóint atá ag an dara cailín is sine leis an iníon is óige?

4. Conas a léiríonn Clare a frustrachas leis na gasúir?

5. Nuair a bhéiceann Clare ar na gasúir éiríonn siad ciúin go tobann. Cad a léiríonn an ciúnas sin dúinn?

6. Féach ar aghaidh Chlare nuair a fhilleann an scéalaí sa chistin. Cad é a bhfuil Clare ag súil leis uaithi, meas tú? Cén mothú a fheiceann tú ar aghaidh Chlare nuair a thuigeann sí nach bhfuil an scéalaí ach ag lorg a lóin?

7. Nuair atá na páistí imithe as an gcistin, ligeann Clare osna. Cad a chuireann an osna sin in iúl dúinn? Cad a deir sí atá aici anois?

TASCANNA BREISE LABHARTHA / FOCLÓRA

8. Cuir an scannán siar go dtí an seit leathan den chlann ag an mbord. Iarr ar an rang:

(i) Cur síos a dhéanamh ar an teaghlach

(ii) An trealamh ar fad a fheiceann siad sa chistin a ainmniú

(iii) Na soithí agus na gréithre ar fad ar bhord na cistine a ainmniú

### Mír 2: An comhrá idir Clare agus Eoin

1. Tosaíonn Eoin ag léamh os ard as an nuachtán faoi fhear a rinne curiarracht. Cén churiarracht a rinne sé?

2. An bhfuil meas ag Eoin ar an gcuriarracht a rinne an fear? Cá bhfios duit?

3. An aontaíonn Clare le hEoin faoin gcuriarracht? Cá bhfios duit?

4. 'Déanann Eoin neamhaird ar a bheanchéile agus ar a pháistí.'
Fíor nó bréagach? Cuir fáthanna le d'fhreagra.

**Mír 3: Clare ina haonar sa chistin**

**NB:** Níl aon chomhrá sa mhír seo ach tuigimid go maith ó na fuaimeanna agus ó na seiteanna an chaoi a bhfuil Clare ag mothú agus cad atá ag dul trína hintinn.

1. Féach ar Chlare ag bailiú na soithí ón mbord. Conas a bhfuil a fhios agat go bhfuil sí go hiomlán frustraithe? Éist le gliogarnach na soithí.

2. Feicimid cinnlínte an nuachtáin atá á léamh ag Clare. Cad a chuireann an stiúrthóir in iúl dúinn tríd an ngaramharc ar na cinnlínte? Cad atá ag dul trí intinn Chlare ag an bpointe seo?

3. Go tobann cloiseann Clare ceol na n-éan agus féachann sí amach an fhuinneog. Cén smaoineamh a ritheann léi anois? Cén bhaint atá ag an seit seo le seit oscailte an scannáin?

4. Sa mhír seo tagann athrú ar Chlare. Go dtí seo, bhí sí frustraithe ag an gcaoi a dhéanann an chlann uilig talamh slán den obair ar fad a dhéanann sí ar a son. Anois tógann sí cinneadh rud éigin a dhéanamh faoi. Déan cur síos ar an radharc ina dtaispeántar dúinn go bhfuil Clare ag athrú.

## FEASACHT TEANGA

**AL/SG**

### TASCANNA LABHARTHA

Céard a chuireann na nathanna seo a leanas in iúl?

(Clare) *Síocháin faoi dheireadh thiar thall*!

(Clare) *Ach nach mór an éacht é?*

(Clare) *Thuigfinn dó!*

(Eoin) *Beidh mé friggin'deireanach!*

**Tréithe daoine**

As an liosta aidiachtaí thíos, pioc amach cinn a dhéanann cur síos ar

(a) na páistí (b) Eoin (c) Clare

mífhoighdeach; leithleasach, éilitheach, gruama, míshona,

cantalach, glórach, frustraithe, leisciúil, dícheallach,

**Mothúcháin**

Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

(i) Tá díomá ar Clare nuair a éilíonn a hiníon is óige a lón mar ....

(ii) Tá drochmheas ag Eoin ar an bhfear a rinne an curiarracht mar ....

(iii) Tá Clare míshona le hEoin mar .....

(iv) Baintear preab as na páistí nuair a ........

(v) Tá Clare in éad leis an bhfear a d'fhan faoin talamh mar.....

**Curiarracht/Gaisce**

(i) Cad atá i gceist le curiarracht?

(ii) Cad í do thuairim faoin bhfear sa scannán a d'fhan seasca lá faoin talamh? An aontaíonn tú le hEoin gur amadán é nó an aontaíonn tú le Clare go ndearna sé éacht?

(iii) Cad a cheapann tú faoi Clare agus a curiarracht féin?

(iv) Ar fhéach tú riamh tríd an Guinness Book of Records?

(v) Cad iad na curiarrachtaí a bhfuil eolas agat futhu?

(vi) An bhfuil fonn ort féin aon churiarracht a shárú? Inis don rang.

(vii) An bhfuil éinne sa scoil atá ag traenáil do GAISCE - Gradam an Uachtaráin?

(viii) Má tá, cad atá ar siúl ag an duine/dream sin?

## SRAITHEOG 3:
## AG TEACHTABHAILE Ó SCOIL

Ag tús na sraitheoige seo, níl aon chaint ná comhrá ach insítear an scéal go héifeachtach trí phictiúir agus fuaimeanna:

1. Féach ar an iníon óg ag teacht abhaile ón scoil. Cén fáth, meas tú, a bhfuil deifir chomh mór sin uirthi?

2. Conas a bhfuil fhios agat go bhfuil iontas uirthi nuair a shiúlann sí isteach sa chistin? Cén fáth a bhfuil iontas uirthi?

3. Tagann athrú obann ar a haghaidh - cén mothú/mothúcháin a fheiceann tú uirthi? Gliondar? Scanradh? Bród? Uafás?

4. Cad a cheapann an iníon nuair a fheiceann sí cosa Clare ar liobarna ón gcrann? Conas atá a fhios agat gur sin an rud a ritheann léi?

5. Cad a rith leat féin nuair a chonaic tú an seit sin? Cén mothú a mhúscail sé ionat? An raibh buairt/scanradh/iontas ort?

6. Cad a cheapann tú faoin seat sin de chosa Clare sa spéir? Cad is dóigh leat go raibh an stiúrthóir ag iarraidh a dhéanamh tríd an seit? An dóigh leat gur seit mhaith é nó a mhalairt?

## SRAITHEOG 4: CLARE IN AIRDE SA CHRANN

**Tuairimí**

1. Tá tuairimí difriúla ag na carachtair éagsúla faoi cé chomh daingean is atá Clare faoin rún. Meaitseáil an tuairim leis an gcarachtar cuí:

| | |
|---|---|
| Eoin | Sáróidh Clare an churiarracht |
| An chomharsa bhéal dorais | Níl sí cinnte cén fáth a bhfuil sí á déanamh |
| Clare | Tiocfaidh sí anuas chun breathnú ar na sobail |
| An iníon is óige | Déanfaidh Clare an rud a theastaíonn uaithi |

2. Cén iarrachtaí a dhéanann Eoin chun Clare a mhealladh anuas ón gcrann?

3. Conas a bhfuil fhios agat nach bhfuil Clare meallta agus go bhfuil sí ag dul ar aghaidh lena curiarracht go cinnte?

4. Cad iad na fáthanna atá ag Eoin lena thuairim go dtiocfaidh Clare anuas gan mhoill?

   Cé hiad na daoine sa liosta thíos atá (i) tacúil? (ii) naimhdeach?

   Lisa, an scéalaí, an chomharsa bhéal dorais, Eoin

## SRAITHEOG 5: CLARE ISTOÍCHE SA CHRANN

1. Cad a insíonn na pictiúir dúinn faoi Clare sa tsraitheog seo? (a) nó (b)?

(i) Tá Clare (a) sásta (b) míshásta le cúrsaí?

(ii) Caitheann sí a cuid ama (a) ag cniotáil (b) ag fúáil?

(iii) Éisteann sí le (a) ceol traidisiúnta (b) ceol clasaiceach?

(iv) (a)Ba bhreá léi bheith ag féachaint ar *Coronation Street* (b) Is cuma léi faoi *Coronation Street*?

## SRAITHEOG 6: AN 6Ú LÁ

**Mír 1: Clampar sa teach arís**

1. Conas a choinníonn Clare cuntas ar an méad lá den churiarracht atá déanta aici?

2. Cén fáth nach bhfuil sí bréan de bheith in airde sa chrann?

3. Tá cúis ghearáin ag beagnach gach duine sa chlann. Meaitseáil an duine leis an ngearán:

   a)Eoin b)Caomhán c)Lisa d)Joe e)an scéalaí

(i) Tá sé bréan de sceallóga agus ispíní don dinnéar

(i) Tá sé amuigh ag obair ar feadh an lae

(ii) Marófar é mura bhfuil kit spóirt glan aige

(iii) Tá dualgais an tí ag titim uirthi de bharr gur cailín í

(iv) Tá cabhair ag teastáil uaithi lena cuid obair bhaile

### FEASACHT TEANGA

Cloisimid caint tharcaisniúil in úsáid ag cuid de na carachtair sa tsraitheog seo m.sh. *Dún do chlab*.

Bíonn Eoin ag eascainí as Béarla: *An bloody bean sin!*

Dírigh ar…cé a úsáideann í? Cén fáth a n-úsáideann siad í?

**Mír 2: Sa teach tábhairne**

1. Nuair a éiríonn cúrsaí ró-achrannach sa teach cad a roghnaíonn Eoin a dhéanamh?

2. Conas a bhfuil a fhios againn go bhfuil curiarracht Clare mar ábhar spéise do na fir sa teach tábhairne?

3. Conas a théann na fir sa teach tábhairne i bhfeidhm ar Eoin?

4. Tá greann sa mhír seo – conas a léirítear é?

**Mír 3: Eoin sa bhaile arís**

1. Nuair a thagann Eoin abhaile, feiceann sé an chuid eile den chlann in airde sa chrann le Clare. Déan cur síos ar an radharc atá aige.

   Roghnaigh (a) nó (b) i gcás gach abairte thíos:

(i) Tá cuma (a) shuaimhneach (b) achrannach ar an gcuid eile den chlann.

(ii) Tá na gasúir (a) ag moladh (b) ag cáineadh Eoin.

(iii) Tá Clare (a) sásta (b) míshásta léi féin.

(iv) Tá cuma (a) shásta (b) uaigneach ar Eoin

2. I lár na hoíche, dúisíonn Eoin nuair a thosaíonn sé ag clagarnaíl báistí. Cén fáth a gceapann sé go bhfuil leis ag an bpointe seo?

3. Conas a léiríonn Eoin go bhfuil sé buartha faoi Clare?

4. *'Tá do phointe cruthaithe anois agat'* a deir sé le Clare. Cén pointe a bhí Clare ag iarraidh a chruthú dó, dar le hEoin?

5. Cad a chuireann Clare i gcuimhne do Eoin? Conas go bhfuil a fhios againn go dtéann focla Clare i bhfeidhm go mór ar Eoin?

6. An aontaíonn tú go bhfuil fadhbanna na lánúine pósta mar théama mór sa scannán?

### FEASACHT TEANGA

Cloisimid cuid mhaith beannachtaí agus mallachtaí sa chuid seo den scannán agus sa chéad shraitheog eile. Cé a úsáideann iad? Cén fáth a n-úsáideann siad iad?

*A Mhaighdean!*

*Go sábhála Mac Dé sinn!*

*Mallacht Dé uirthi!*

*Go n-éirí leat!*

## SRAITHEOG 7:
## EOIN AG TACÚ LE CLARE

### TASCANNA LABHARTHA

**GL/AL**

1. Conas a mhúsclaíonn an stiúrthóir ár bhfiosracht sa tsraitheog seo?

2. An dtuigeann na gasúir cad atá ar siúl? An dtuigeann Clare? Conas atá a fhios agat?

3. Conas a léiríonn Eoin a thacaíocht do Clare (i) i bhfocail (ii) i ngníomh?

4. Céard a d'athraigh meon Eoin i leith na curiarrachta, meas tú?

### TASC SCRÍOFA

**AL**

5. Tá téama na sobaldrámaí go láidir tríd an scannán. Léirigh.

## SRAITHEOG 8:
## AN TEAGHLACH SUAIMHNEACH

### TASCANNA SCRÍOFA / LABHARTHA

**GL/AL**

1. Cad atá ar siúl ag na gasúir ag tús na sraitheoige seo? Cuir tic leis na freagraí cearta:

(i) Ag argóint

(ii) Ag déanamh a gcuid obair bhaile

(iii) Ag féachaint amach an doras

(iv) Ag baint taitnimh as an radharc ar a dtuistí

2. Déan an radharc seo a chur i gcodarsnacht leis an radharc den chlann ag tús an scannáin

3. I gcás gach duine acu seo a leanas, abair cén fáth a bhfuil siad sona anois:

(i) Clare (ii) Na Gasúir (iii) Eoin

## SRAITHEOG 9:
## AN CHURIARRACHT THART

1. Cén dearmad a rinne Clare maidir leis an gcuriarracht?

2. Cén fhadhb a bheadh ag éinne a bheadh ag iarraidh an churiarracht áirithe seo a shárú, pé scéal é?

3. Conas a léiríonn Clare gur cuma léi faoi, pé scéal é?

4. Conas a léiríonn Clare go bhfuil sí *glan craiceáilte*, dar le hEoin?

5. Conas go bhfuil a fhios againn gur maith le hEoin go bhfuil Clare as a meabhair?

6. An dóigh leat féin go bhfuil Clare glan craiceáilte? An bhfuil meas agat uirthi agus ar an rud a rinne sí nó nach bhfuil? Cuir fáth le d'fhreagra.

**Siombailí físiúla**

(i) Ar thug tú faoi deara go raibh *dreamcatcher* de chuid na mBundúchasach Meiriceánach crochta ag Clare ar an gcrann? Céard a thugann sé sin le fios dúinn?

(ii) Bhí fear grinn crochta in airde aici chomh maith. An siombail í sin dá dearcadh ar an saol, meas tú? Cén dearcadh é sin?

(iii) Sa radharc deireanach a fhaighimid de Clare agus Eoin tá siad gléasta in éadaí atá an-chosúil lena chéile. Cad atá á chur in iúl dúinn ag an stiúrthóir anseo?

**An tsraitheog dheiridh:**

1. Éiríonn an ceol níos láidre ag deireadh an scannáin? Conas a théann an ceol i bhfeidhm ort ag an bpointe seo? Cad atá á rá ag an stiúrthóir linn tríd an gceol ardaithe?

2. Cad é an tseit dheireanach? An bhfuil sé oiriúnach mar chríoch? An aontaíonn tú go dtugann an tseit seo aontacht don scannán? Conas?

3. An bhfuil deireadh an scannáin sásúil, dar leat? Cuir fáth le do thuairim.

4. Féach ar na teidil chreidiúna. Ainmnigh na haisteoirí a ghlac páirt sa scannán.

5. Ainmnigh an léiritheoir, an stiúrthóir agus an ceamaradóir.

## TASCANNA IARFHÉACHANA

OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

**Mar a chuaigh an scannán i gcion ort**

1. Cén radharc/tsraitheog sa scannán is mó a thaitin/nár thaitin leat? Cén fáth?

2. Pioc amach seit éifeachtach amháin agus déan cur síos go mion uirthi. Inis cén fáth ar cheap tú gur seit éifeachtach í.

3. An léiriú réalaíoch ar shaol an teaghlaigh é *Clare sa Spéir?* Cuir fáthanna le do thuairim.

4. Ar thaitin an scannán leat ina iomláine nó nár thaitin? Inis céard a thaitin leat nó a mhalairt agus cén fáth.

**Na carachtair, a mothúcháin agus a dtréithe**

OBAIR AONAIR OBAIR GHRúPA

**GL**

1. Déan liosta de *na carachtair* go léir sa scannán.

2. Ar iompair na carachtair seo iad féin go grámhar/cairdiúil/tacúil/leithleasach dar leat? Mínigh.

3. Seo liosta de *na mothúcháin* a bhí ag na daoine éagsúla sa scéal. Ainmnigh an duine/na daoine ar a raibh na mothúcháin seo:
díomá, grá, frustrachas, fearg, áthas, scanradh, iontas.

TASCANNA LABHARTHA

**GL**

4. Líon na bearnaí le hainm carachtair ón scéal agus críochnaigh an abairt i ngach cás:

(i) Tá fearg ar _________ le __________ mar...

(ii) Tá díomá ar __________ le ___________ mar...

(iii) Tá ______ míshona le gach duine mar ....

(iv) Tá dímheas ag _______ do ________ mar ...

(v) Tá iontas ar __________ nuair a ........

(vi) Tá trua ag _________ do _________ mar...

(vii) Tá áthas ar _________ ag deireadh an scéil mar ..

(viii) Thit Eoin i ngrá le ______ mar ...

(ix) Léiríonn Eoin an grá atá aige do ______ nuair a ...

## OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

5. Seo thíos tá liosta thréithe na gcarachtar éagsúil sa scannán. Bain feidhm as aidiachtaí ón liosta agus cibé cinn eile atá oiriúnach dar leat chun na bearnaí sna habairtí 1-7 a líonadh:

   ciallmhar, seafóideach, mífhoighdeach(a), imníoch, craiceáilte, tuisceanach(a), gan tuiscint, praiticiúil, ró-údarásach, sona, tacúil, cantalach(a), cuiditheach(a), magúil (magúla), leithleasach(a), glórach(a), spleách(a), frustraithe, millte, fiosrach, cneasta

(i) Is duine __________ , ______________ é Eoin ag tús an scéil.

(ii) Is duine __________ , ______________ í an chomharsa.

(iii) Is duine __________ , ______________ í Clare.

(iv) Is daoine __________ , ______________ iad na fir sa teach tábhairne.

(v) Is duine __________ , ______________ é Eoin ag deireadh an scéil.

(vi) Is páistí __________ , ______________ iad páistí Eoin agus Clare ag tús an scéil.

(vii) Is páistí __________ , ______________ iad páistí Eoin agus Clare ag deireadh an scéil.

**Tuairim a nochtadh:**

## OBAIR AONAIR

**GL/AL**

6. Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas le focal/nath ón liosta a ghabhann leis an gceacht:

*Foclóir:*

curiarracht, scéalaí, sobail, d(h)earcadh, as an ngnách,

easpa tuisceana, as a meabhair, glan craiceáilte, amadán, óinseach, seafóideach

(i) Ceapann Eoin go bhfuil Clare _______ ______________.

(ii) Tá suim ag Clare sna ______________ ar an teilifís.

(iii) Is í an iníon is óige an _______________ sa scannán.

(iv) Tá Clare ag iarraidh _________ _________ a shárú!

(v) Ceapann na fir sa teach tábhairne go bhfuil Clare __ __ ______________.

(vi) Ní bhíonn meas ag duine ar rud atá ______________ dar leo.

(vii) Bhí _______ _______________ ag Eoin ar chás Clare.

(viii) Rinne Clare rud __ ___ ______ chun meas a teaghlaigh a thuilleamh.

(ix) Is ionann ______________ mná agus ______________ fir.

(x) Bhí a _________ féin ag gach duine ar an eachtra.

## OBAIR RANGA

**GL**

**OBAIR SCRÍOFA**

**AL/SG**

**Greann**

Tá an scannán lán de **ghreann**. Déan liosta de na radharcanna ina léirítear greann nó áibhéil.

**Codarsnacht**:

Léirigh an chodarsnacht idir iompar Eoin agus iompar na gcailíní sa scéal.

Léirigh an chodarsnacht idir iompar Eoin ag tús an scéil agus a iompar sa dara leath den scéal.

Léirigh an chodarsnacht idir iompar na gcomharsan (na mban) agus iompar na bhfear sa teach tábhairne.

Léirigh an chodarsnacht idir an gaol idir Eoin agus Clare ag tús an scéil agus an gaol eatarthu ag deireadh an scéil.

**Téamaí**

Roghnaigh téama as an liosta thíos agus léirigh mar a thugtar léargas dúinn ar an téama sin sa scannán:

(i) Saol an teaghlaigh

(ii) Fadhbanna an lánúin phósta

(iii) A bhfuil i gceist le gealtachas

(iv) A bhfuil i gceist le curiarracht

(v) Ról an fhir 's ról na mná sa saol

FEASACHT TEANGA

Céard iad na focail/téarmaí nua a d'fhoghlaim tú faoi chúrsaí scannánaíochta?

**Tascanna breise scríofa**

**AL/SG**

1. Ceap **aiste** ar an téama: Agóidíocht mar bhealach chun aird an phobail a dhíriú ar fhadhbanna.

2. **Díospóireacht** ranga ar son agus in aghaidh an rúin: *Ba cheart obair an tí a roinnt go cothrom ar gach duine sa teaghlach*.

3. Scríobh **alt nuachtáin** ar fhadhbanna an teaghlaigh nua-aimseartha.

4. **Óráid phoiblí**: Is tusa an t-Uachtarán ar Choiste na dTuismitheoirí sa scoil. An chaint a thabharfar uait ar an ábhar: *Cumarsáid sa bhaile.*

# Prós

# LIG SINN I GCATH“

### COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

#### TOPAIC

Daoine ar an imeall

Fochultúr na hóige

Greann

#### FEIDHMEANNA TEANGA

Ag lorg nó ag tabhairt eolais

Ag cur tuairimí nó dearcadh in iúl

Ag áitiú

Sóisialú

#### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Maigdiléana

Gealt

Clare sa spéir

Fiche Bliain ag Fás

Cuimhní

Jack

Faoiseamh a Gheobhadsa

La Buí Bealtaine

Coileach Ghleann Phádraig

An Cearrbhach Mac Cába

Stair na Gaeilge: Béaloideas na Gaeilge

### TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

#### OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

1. Cá bhfuil sé lonnaithe?

(a) Bíodh na focail thíos scríofa ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga.

(b) Mínigh do na foghlaimeoirí go bhfuil liosta agat de 8 slí bheatha agus go bhfuil na slite beatha sin luaite sa mhír a léifidh siad ar ball.

(c) Is í aidhm na gníomhaíochta ná go gcaithfidh na foghlaimeoirí buille faoi thuairim a thabhairt faoi chineál áite/eagraíochta a bhfuil an píosa seo lonnaithe i.e. otharlann, oifig, banc…

(d) Inis dóibh go ndéanfaidh tú na slite beatha a thaispeáint dóibh ceann ar cheann agus go gcaithfidh siadsan a rá cén áit a gceapann siad atá i gceist agus cad iad na fáthanna a gceapann siad é sin.

(e) Lean ar aghaidh ag taispeáint na slite beatha dóibh ceann ar cheann go dtí go mbeidh an freagra ceart ag duine éigin.

| |
|---|
| garraíodóir |
| doirseoir |
| sparánaí |
| uachtarán |
| rúnaí |
| cúntóir |
| mac léinn |
| léachtóir |

**2. Feasacht Teanga**

(a) Cuir na slite beatha seo ar an chlár dubh/bán/scáileán: garraíodóir, doirseoir, cúntóir agus léachtóir. Cuir ceist orthu cad a thugann siad faoi deara faoi na slite beatha seo.

(b) Críochnaíonn gach ceann acu ar ‘eoir’ nó ‘óir’. Cuir ceist orthu faoi shlite beatha eile i nGaeilge.

(c) Tá seans go mbeidh a fhios ag duine acu go gcríochnaíonn go leor de na hainmfhocail ar slite beatha iad ar ‘eoir’ nó ar ‘óir’.

(d) Iarr ar na mic léinn breis samplaí a sholáthar. Mar shampla múinteoir, cuntasóir, meicneoir…

(e) Cuir ceist orthu an bhfuil na hainmfhocail seo firinscneach nó baininscneach.

#### OBAIR GHRúPA

**GL/AL**

3. Mac léinn i gcruachás

(a) Déan an blúire seo thíos as an phíosa léitheoireachta a scríobh ar an chlár nó ar thréshoilseán. Mínigh do na foghlaimeoirí go bhfuil sparánaí an choláiste ina oifig ag labhairt leis an phríomhcharachtar, an mac

léinn Máirtín Ó Méalóid.

**… Ní íocfaidh an rialtas pingin eile leat…caolsheans go ligfear duit suí don scrúdú céime mura mbíonn…**

(b) Scríobh an cheist seo ar an chlár 'Cad iad na fáthanna a bhfuil Máirtín i dtrioblóid, meas tú?' Ansin cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu liosta a scríobh de na cúiseanna a d'fhéadfadh mic léinn a bheith i dtrioblóid le linn a gcuid ama ar coláiste.

(c) Nuair a bheidh an rang críochnaithe, déan liosta iomlán de na cúiseanna a luaigh na foghlaimeoirí ar thréshoilseán. Pléigh na rudaí atá ar an liosta leis an rang go léir. Ná hinis dóibh aon rud faoin phíosa léitheoireachta ag an phointe seo ach abair leo a bheith ag smaoineamh ar dheacrachtaí Mháirtín agus iad i mbun léitheoireachta.

**Stór focal**

**N.B.** Tá go leor den stór focal sa mhír léitheoireachta 'Lig Sinn i gCathú' a bheidh deacair go leor do na foghlaimeoirí, moltar gur cheart díriú ar chuid de na focail roimh ré. Tugtar dhá ghníomhaíocht a bhaineann le stór focal thíos. D'fhéadfaí ceann amháin a úsáid sa rang agus an ceann eile a dhéanamh mar chuid den rang teanga nó a thabhairt dóibh mar obair bhaile. Tá an baol ann, má dhéantar an iomarca faoi stór focal in aon iarracht amháin sa rang litríochta, go n-éireoidh na foghlaimeoirí de.

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

**GL**

**4. Mothúcháin**

(a) Tabhair cóip den bhileog oibre thíos do gach duine sa rang agus abair leo gur nathanna iad seo a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar dhaoine agus ar a gcuid mothúchán. Beidh na nathanna go léir le fáil sa phíosa léitheoireachta.

(b) Abair leo go gcaithfidh siad na leaganacha Gaeilge a mheaitseáil leis na cinn Bhéarla.

(c) Nuair a bheidh a gcuid roghanna déanta acu, abair leo na nathanna a phlé leis an duine in aice leo. An bhfuil siad ar aon intinn fúthu?

(d) Ansin, pléigh thusa na nathanna leis an rang ar fad.

| | |
|---|---|
| cúthail | unapologetic |
| easpa misnigh | shy |
| brúidiúil | he was taken aback |
| glanteipeadh néarógach | in dotage/senile |
| lách | independent |
| giorraisc | confusion |
| mearbhall | lack of courage |
| neamh-leithscéalach | complete nervous breakdown |
| saonta | indifferent |
| líonraithe | naive |
| fuarbhruite | friendly |
| neamhspleách | brutal |
| san aois leanbaí | abrupt |
| baineadh geit as | terrified |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | |

OBAIR AONAIR   OBAIR RANGA

**GL/AL**

**5. Cén chuma atá air/uirthi ?**

(a) Déan cinnte go bhfuil cóip den phíosa léitheoireachta ag gach duine de na foghlaimeoirí. Abair leo go bhfuil 5 nóiméad acu le dul tríd agus focail agus frásaí a bhaineann le **cur síos fisiciúil** a dhéanamh ar dhuine a phiocadh amach. Abair leo nach gá dóibh ach spléachadh tapa a thabhairt ar gach leathanach chun na focail agus na frásaí a aimsiú. Ní gá go dtuigfidís na rudaí a bhreacann siad síos.

(b) Ansin, iarr orthu an liosta atá acu a chur ar fáil duit agus déan iad a scríobh ar an chlár nó ar thréshoilseán, ceann ar cheann.

(c) Beidh go leor focal ann nach dtuigfidh said. Déan iarracht duine amháin sa rang a aimsiú atá in ann an focal/frása a mhíniú i nGaeilge. Cuir i gcuimhne dóibh gur féidir leo úsáid a bhaint as mím nó sceitsí beaga leis an fhocal nó an frása a léiriú.

(d) Feasacht Teanga Déan plé leo faoi na focail/frásaí nár chuala siad cheana. An mbaineann siad úsáid as leaganacha Béarla na bhfocal sin go rialta? Cén uair a bhaineann siad úsáid as a leithéid de chur síos de ghnáth? Mar shampla, nuair a bhíonn siad ag déanamh cur síos ar phearsa i gclár teilifíse nó i scannán.

| | |
|---|---|
| muineál | duine púdarlach |
| guaillí | duine dúchraicneach |
| croiméal | buta beag fir |
| ordóg | fiarshúil |
| corrmhéar | tá leathmhaing air |
| bolg ollmhór | tá máchaille ar a shúil |
| cnámhach | |

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**GL/AL**

6. Cén uair a tharla sin?

(a) Tá roinnt tagairtí d'eachtraí agus do ghluaiseachtaí staire sa phíosa agus tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na foghlaimeoirí an chiall atá leo. Tá siad ina ngné thábhachtach den aighneas idir an Púca agus an Garraíodóir.

(b) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus tabhair an bhileog oibre do gach beirt.

(c) Is éard atá le déanamh acu ná na rudaí sa cholún ar chlé a mheaitseáil leis na sainmhínithe sa cholún ar dheis.

| | |
|---|---|
| **Cogadh na Saoirse:** | Bhí an ghluaiseacht seo bunaithe ar ghluaiseachtaí faisisteacha na hEorpa. D'fhás sí ó na fórsaí a bhí dílis don Saorstát. |
| **An Saorstát:** | Bhí an ghluaiseacht seo i gcoinne an Chonartha Angla-Éireannaigh mar bhí siad den tuairim nach raibh saoirse bainte amach go fóill. |
| **Cogadh na gCarad:** | Síníodh Conradh Angla-Éireannach i 1921 a thug neamhspleáchas do 26 de 32 contae na hÉireann. As seo amach seo an t-ainm a tugadh ar na 26 contae. |
| **Na Léinte Gorma:** | An cogadh a troideadh idir na Poblachtaigh agus na Saorstátóirí mar gheall ar an dearcadh a bhí acu ar an Chonradh Angla-Éireannach a síníodh i 1921. |
| **Poblachtaigh:** | An cogadh a throid Óglaigh na hÉireann in éadan riail na Breataine in Éirinn ón 1918 – 1921. |

(d) Nuair a bheidh siad críochnaithe, pléigh na téarmaí leis an rang go léir. Ní gá dul thar an eolas atá tugtha anseo. Is leor buneolas ar na cúrsaí seo chun go mbeidh na foghlaimeoirí in ann tairbhe iomlán a bhaint as an mhír léitheoireachta.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

**Nóta don mhúinteoir.** Bheadh sé úsáideach, b'fhéidir, an píosa a roinnt mar seo.

**Cuid 1** Máirtín agus an Púca –suas go dtí (…"Bhí sé de scéala thart anseo go raibh tú bailithe as an gcoláiste ar fad.")

**Cuid 2** Cur síos ar an aighneas idir an Púca agus an garraíodóir – suas go dtí (…"chuile sheans go mbrisfí an Púca as a phost.")

**Cuid 3** An Monsignór de Bláca – suas go dtí (…"Ní raibh cur síos ná inseacht scéil ar an sult míchuíosach a bhaineadh foireann an choláiste as an bhfíoch seo.")

**Cuid 4** Máirtín agus an Púca agus cuairt Mháirtín ar an spáránaí

GL/AL/SG

**1. Léitheoireacht le chéile**

(a) Léigh an chéad agus an dara cuid den phíosa sa rang. Iarr ar dhaoine giotaí éagsúla a léamh.

(b) Nuair a bhíonn deacrachtaí acu le haon fhocal nó le frása déan iarracht dalta a aimsiú a bhfuil an leagan ar eolas aige/aici agus iarr uirthise nó airsean é a mhíniú don chuid eile den rang. Níor cheart dóibh, áfach dul i muinín an Bhéarla.

(c) D'fhéadfaí na cleasanna seo a leanas a úsáid sna ranganna chun déileáil le focail/frásaí nach bhfuil ar eolas acu:

(i) cabhraigh leo úsáid a bhaint as comhthéacs an phíosa nó na habairte chun an chiall a thomhas

(ii) úsáid a bhaint as mím nó sceitsí beaga chun an bhrí a léiriú

(iii) malairt an fhocail nó an fhrása a úsáid. Mar shampla, fial – santach.

(iv) tagairt d'fhocail sa Bhéarla, sa Fraincis nó sa Ghearmáinis atá cosúil leis.

(v) ceap cluichí chun iad a dhéanamh eolach ar an úsáid cheart a bhaint as foclóirí

OBAIR BHEIRTE    OBAIR RANGA

GL

**2. Cum ceist**

(a) Tabhair cóip den bhileog oibre do na foghlaimeoirí. Abair leo go gcaithfidh siad ceisteanna a chumadh a mbeidh na frásaí seo thíos oiriúnach mar fhreagraí orthu. (Is gníomhaíocht bhreá shimplí í seo lena chinntiú go dtuigeann na mic léinn bunbhrí an phíosa.)

(b) Nuair a bheidh na ceisteanna cumtha acu, tabhair an deis dóibh iad a phlé leis an duine in aice leo sula ndéanann tusa iad a phlé leis an rang go léir.

Nuair a bheidh cuid a haon agus cuid a dó den mhír léite agat, ceap ceisteanna do na freagraí seo a leanas. Nuair a bheidh tú críochnaithe, déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat. Mar shampla: Ceist: Cén tslí bheatha atá ag Máirtín Ó Méalóid?

Freagra: Mac léinn.

(i) Aimsir na Cásca.

(ii) Bhí sé ag obair mar dhoirseoir.

(iii) Throid sé in arm an tSaorstáit agus ansin throid sé i gcoinne na Léinte Gorma.

(iv) Ba leis an Uachtarán é.

(v) Bhí an geata faoi ghlas agus ní raibh sé in ann filleadh ar an choláiste.

(vi) Cuireadh cosc air labhairt leis an gharraíodóir nó aon duine a bhain leis.

OBAIR BHEIRTE    OBAIR RANGA

AL/SG

**3. Cad a tharla?**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus abair leo gur tuairisceoir duine amháin acu atá ag cur agallaimh ar bhean an gharraíodóra tar éis don Phúca an teach a ionsaí. Cad iad na ceisteanna a chuirfeadh Mac Léinn A agus cad iad na freagraí a thabharfadh Mac Léinn B?

(b) Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar chúpla grúpa na ceisteanna agus na freagraí a scríobh siad a léamh amach don rang.

(c) Pléigh iad leis an rang go léir. An bhfuil aon cheist/aon phointe eolais a fágadh ar lár, dar leo?

OBAIR AONAIR    OBAIR RANGA

GL/AL/SG

**4. Léitheoireacht**

(a) Iarr ar na foghlaimeoirí an tríú píosa a léamh os íseal leo féin nó é a dhéanamh sa bhaile. Abair leo líne a chur faoi aon rud nach dtuigeann siad ach cuir ina luí orthu gur chóir dóibh úsáid a bhaint as comhthéacs chun buille faoi thuairim a thabhairt.

(b) Déan na rudaí nár thuig siad a phlé leis an rang.

**Scríbhneoireacht**

OBAIR RANGA

**GL/AL**

**5. Coimriú**

(a) Nuair a bheidh an tríú píosa léite ag na foghlaimeoirí iarr orthu abairt nó dhó a scríobh a thugann coimriú gearr dúinn ar ábhar an phíosa seo. Nuair a bheidh sé sin déanta acu, iarr ar roinnt díobh na rudaí a scríobh siad a léamh amach.

(b) Faigh tuairimí na bhfoghlaimeoirí eile sa rang agus, in éineacht a chéile, déan iarracht coimriú beacht, cruinn a chur le chéile óna samplaí go léir.

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

**6. Ag lorg poist!**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus iarr orthu na ráitis thíos a léamh.

*"…De bharr a sheirbhís airm sa gCogadh Cathartha a fuair sé an post mar dhoirseoir san ollscoil…"*

*"…an Monsignór de Bláca… fuair sé an post de thimpiste agus de bharr an chineál comhréiteach a raibh seanchleachtadh air sa gcoláiste…"*

(b) Anois, iarr orthu breathnú arís ar an mhéid a deirtear sa phíosa léitheoireachta faoin chaoi a bhfuair an Monsignór de Bláca an post mar Uachtarán ar an Choláiste. Ansin ba chóir dóibh na ceisteanna seo a leanas a phlé:

(i) Cén tuairim atá agat faoin chaoi ar roghnaíodh daoine do na poist a luaitear sa scéal?

(ii) An dtarlódh a leithéid sa lá atá inniu ann, meas tú? Cén fáth?

(c) Nuair a bheidh siad críochnaithe, faigh tuairimí roinnt de na foghlaimeoirí faoi na ceisteanna thuas agus déan iarracht díospóireacht ranga a chur sa tsiúl ag úsáid nathanna mar seo:

(i) An aontaíonn tusa leis an tuairim sin, a …?

(ii) An bhfuil an ceart ag … a …?

(iii) Cén dearcadh a bheadh agatsa ar an phointe sin, a …?

**Ag aithris an phíosa**

**GL/AL/SG**

**7. Léitheoireacht**

(a) D'fhonn an píosa deireanach a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí, b'fhiú daoine a roghnú le páirt na gcarachtar éagsúil a léamh.

(b) Beidh cúigear ar fad ag teastáil – an Púca, Máirtín, an sparánaí, Iníon uí Chinnéide agus reacaire. Roghnaigh duine a bhfuil Gaeilge mhaith labhartha aige/aice chun páirt an reacaire a léamh.

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**GL/AL**

**8. Carachtar an Phúca**

(a) Cuir na mic léinn ag obair i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu na rudaí seo a phlé.

(i) Déan liosta de roinnt aidiachtaí a mbainfeá úsáid astu le cur síos ar charachtar an Phúca.

(ii) Cén fáth ar roghnaigh tú na haidiachtaí áirithe sin?

(iii) Aimsigh píosaí sa mhír léitheoireachta chun tacú leis na roghanna a rinne tú.

(iv) Cén fáth nár briseadh an Púca as a phost tar éis dó ionsaí a dhéanamh ar áit chónaithe an gharraíodóra?

(b) Pléigh na ceisteanna leis an rang go léir.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

**GL**

**1. Togha agus rogha**

(a) Tabhair an bhileog oibre seo do gach duine de na foghlaimeoirí. Sula dtéann siad i mbun oibre léigh trí na treoracha leo chun a chinntiú go dtuigeann siad gach rud.

(b) Nuair a bheidh an obair déanta acu, déan na habairtí a phlé leo. Is iad abairtí d agus l nach mbaineann leis an phíosa léitheoireachta.

(c) Anois, agus an píosa iomlán léite agat, féach ar na habairtí thíos. Tá dhá cheann acu nach mbaineann in aon chor leis an phíosa a léigh tú. Cad iad?

(d) Anois, cuir na habairtí eile san ord ina dtarlaíonn siad sa mhír. Nuair a bheas tú críochnaithe, pléigh na roghanna a rinne tú leis an duine in aice leat.

(i) Tugann an Púca cárta do Mháirtín a chuireann in iúl dó gur cheart dó cuairt a thabhairt ar sparánaí an choláiste.

(ii) Tagann an sparánaí amach as a oifig chun labhairt le Máirtín.

(iii) Tosaíonn an sparánaí ag cur comhairle ar Mháirtín.

(iv) Faigheann Máirtín glaoch gutháin ó Uachtarán an choláiste.

(v) Titeann seic Mháirtín as lámha an sparánaí.

(vi) Déanann Máirtín iarracht comhrá grinn a dhéanamh leis an rúnaí.

(vii) Cailleann an sparánaí foighne le Máirtín.

(viii) Smaoiníonn Máirtín ar scéal grinn agus briseann an gáire air.

(ix) Bristear ar fhoighne an sparánaí.

(x) Deir an sparánaí le Máirtín nach dócha go bhfaigheadh sé an t- airgead in aon chor ach go raibh a athair tinn.

(xi) Insíonn an sparánaí do Mháirtín gur chuir sé a dheartháir, an sagart, ar an eolas faoin scéal.

(xii) Deir an sparánaí le Máirtín go raibh a dheartháir ag teacht go dtí an coláiste chun labhairt leis.

(xiii) Tógann Máirtín leis an seic agus fágann sé an oifig.

OBAIR GHRÚPA   OBAIR RANGA

**GL/AL**

**2. Léargas ar phearsantacht Mháirtín**

(a) Scríobh an liosta aidiachtaí seo thíos ar an chlár.

(b) Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí agus abair leo go gcaithfidh siad plé a dhéanamh ar na haidiachtaí is fearr a chuireann síos ar phearsantacht Mháirtín. An bhfuil aon aidiachtaí eile, nach bhfuil sa liosta, a d'úsáidfidís féin? Abair leo a bheith cinnte agus tagairt don phíosa léitheoireachta chun tacú leis na roghanna a dhéanann siad.

| | | | |
|---|---|---|---|
| greannmhar | teasaí | saonta | glic |
| freagrach | leithliseach | díograiseach | amaideach |
| | mí-aibí | duairc | |

**AL/SG**

**3. Cleachtadh scríbhneoireachta**

(a) Abair le gach duine díobh a shamhlú gurb eisean/ise Máirtín Ó Méalóid agus go bhfuil sé/sí ag scríobh dialainne, oíche Déardaoin 14 Aibreán 1949. Cén tuairisc a thabharfá ar imeachtaí an lae agus cén cur síos a dhéanfá ar an chaoi ar mhothaigh tú tar éis ar tharla i gcaitheamh an lae?

OBAIR AONAIR   OBAIR GHRÚPA   OBAIR RANGA

**AL/SG**

**4. Cad a déarfaidís?**

(a) Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Beidh duine amháin sa ghrúpa (Mac léinn A) ag cur agallaimh ar na daoine eile. Roghnaigh duine atá muiníneach go maith leis an ról seo a ghlacadh. Caithfidh gach duine den triúr eile ról mar seo a roghnú:

Mac léinn A: Ag cur agallaimh ar na daoine eile sa ghrúpa

Mac léinn B: An Púca

Mac léinn C: Balor

Mac léinn D: Rúnaí an sparánaí (Iníon uí Chinnéide)

(b) Is éard atá le déanamh ag Mac Léinn A ná agallamh a chur ar na daoine eile sa ghrúpa chun a fháil amach cén dearcadh atá acu ar Mháirtín agus faoin chineál duine atá ann. Ba chóir do Mhac léinn A cúpla nóiméad a thabhairt do na daoine eile sa ghrúpa chun smaoineamh ar cad a déarfaidh siad.

OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**GL/AL**

**5. Leasainmneacha**

(Nasc le Stair na Gaeilge: Béaloideas)

(a) Abair leis na foghlaimeoirí léinn go ndéantar tagairt do leasainmneacha dhá uair sa phíosa seo agus iarr orthusan an dá shampla a sholáthar. (‘An Púca’ar Phádraic Puirséal agus ‘Balor’ ar an sparánaí.)

(b) Cuir ceist orthu cén fáth/cad iad na huaireanta a mbaintear úsáid as leasainmneacha de ghnáth?

(c) Bíodh an méid seo a leanas scríofa ar thréshoilseán nó ar leathanach agat roimh thús an ranga. Cuir na mic léinn ag obair i mbeirteanna agus abair leo an leasainm a shamhlaítear le gach ceann/duine acu a scríobh síos. (Tugtar na leasainmneacha idir lúibíní thíos mar threoir do na múinteoirí).

| | |
|---|---|
| Dónaill Ó Conaill | (The Liberator) |
| Frank Sinatra | (Ol’Blue Eyes) |
| Elvis Presley | (The King) |
| Duine atá ard | (Shorty) |
| George W. Bush | (Dubya) |
| Duine ón Nua-Shéalainn | (Kiwi) |
| Nua Eabhrac | (The Big Apple) |
| Chicago | (Windy city) |
| Arsenal | (The Gunners) |
| Man. Utd. | (The Red Devils) |
| Duine ó Learpholl | (Scouser) |
| Iománaíthe Chill Chainnigh | (The Cats) |

(d) Déan plé leo ar an tábhacht a bhaineann leis na leasainmneacha a úsáidtear sa phíosa seo: ‘An Púca’ agus ‘Balor’. An Púca: Is pearsa osnádúrtha é an púca a bhíonn ag cothú trioblóide agus ag déanamh aimhleas daoine. Féach gur duine achrannach é an doirseoir chomh maith. Balor: Pearsa miotaseolaíoch é Balor a raibh súil nimhe aige. Féach go bhfuil máchail ar shúil an sparánaí.

# AN CEARRBHACH MAC C«BA

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Tréithe an duine

Buanna agus lochtanna

Caitheamh Aimsire

### FEIDHMEANNA TEANGA

Cur síos ar thréithe dhaoine

Mothúcháin a nochtadh

Tuairimí a nochtadh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Stair na Gaeilge: Béaloideas

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

1. Tarraing pictiúr ar an gclár dubh. Tosnaigh le teach i lár na coille. Tá tine ar lasadh sa tigh. Lig do na daltaí a léamh féin a dhéanamh den den phictiúr. Cuir ceisteanna orthu cosúil le, 'Cé leis an teach?', 'Cé a las an tine?', 'Cá bhfuil an teach suite?'. Leanfaidh tú ort ag cur leis an bpictiúr de réir a chéile agus ag ligint do na daltaí a dtuiscintí éagsúla a fhorbairt trí cheisteanna agus trí chomhrá. Cuir leis an bpictiúr de réir a chéile ag cur na nithe seo isteach:

(i) Gealach

(ii) Máthair agus leanbh

(iii) Fear ag imeacht ón dtigh

(iv) Fear eile, fear naofa ag déanamh fé dhéin an tí.

(v) Séipéal agus tigh sagairt ag bun an phictiúr.

(vi) Carr i bhfolach sa choill.

(vii) Tigh tabhairne.

(viii) Paca cártaí.

(ix) Gadhar lasmuigh den tigh.

(x) An diabhal ag droichcead ag bun an chosáin.

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

2. Tabhair liosta de na ceisteanna seo a leanas do ghrúpaí sa seomra ranga agus iarr orthu a scéal féin a bhunú orthu agus é a ríomh os comhair an ranga. Tá cead ag na grúpaí eile ceisteanna a chur i dtaobh a bhfuil ráite ag an ngrúpa atá ag cur an scéal i láthair.

(i) Cén fáth ar deineadh an Cearrbhach a thachtadh?

(ii) Cad ba chúis leis an gcrann úll sa chúlghairdín aige?

(iii) Cad a bhí cearr leis an othar thall sa Spáinn?

(iv) Conas gur fágadh cártaí an Chearrbhaigh spréite ar na carraigeacha?

(v) Conas a bhraith sé nuair a chonaic sé a mhac don chéad uair?

(vi) Cén fáth go raibh sé ag lorg sagairt go déanach san oíche?

(vii) Cad a cheap sé faoin bhfear óg dathúil a bhí ag teacht ina threo?

(viii) An raibh sé ciallmhar a bhean chéile agus a mhac a fhágaint ina n-aonar?

(ix) Cad a rinne sé an Cearrbhach leis an gcéad achainí a fuair sé ó Dhia?

(x) An raibh a bhean chéile sásta leis anois, meas tú?

(xi) Cathain ar thosnaigh an Cearrbhach ag cur spéise sa dochtúireacht?

(xii) Cén fáth ar thug sé a shaol ar a choimeád ón mBás?

### OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

3. Faigh ceithre mhála, gur leis an gCearrbhach, Dia, an Bás agus an othar ceann amháin acu ach ní heol do na daltaí é seo. I ngach mála, tá rudaí ar leith ann a thabharfaidh leid do na daltaí faoin saghas duine a bheadh ag imeacht le mála den tsaghas seo ina sheilbh aige. Lig do na daltaí a léamh sainiúil a dhéanamh de ghiúirléidí gach mála agus pictiúir a chumadh den duine ar leis é. Mar shampla: 'Measaimid gur príosúnach é an duine seo. Imríonn sé cártaí. Tá sé i bpríosúin mar gur mharaigh sé a chailín. Tá an-bhrón air anois mar tá paidrín sa mhála seo agus deireann sé a phaidreacha gach lá……..'Nuair atá déireadh ráite ag grúpa amháin,

ceadaigh do na grúpaí eile ceisteanna a chur i dtaobh a bhfuil cumtha acu.

(i) I mála an Chearrbhaigh, cuir: leabhar urnaí nó paidrín, paca cártaí, cúpla ceint, bosca toitíní, lasáin, cíor, gallúnach, pictiúr chailín srl.

(ii) I mála Dhé, cuir: eochracha, an Bíobla, liosta achainí ó dhaoine ar fud an domhain, pictiúr shéipéil, guthán soghluaiste srl.

(iii) I mála an Bháis, cuir: dearbhán dí, pictiúr drugaí, ticéad ó gheallghlacadóir, ticéad lotto, clúdach litreach ó bhanc, carr beag agus pictiúr uaighe srl.

(iv) I mála an othair, cuir: mála níocháin, pictiúr teaghlaigh, buidéal leighis, buidéal Lucozade, irisleabhar, crosfhocal srl.

### OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

4. Faigh pictiúr den Bhás/den Diabhal agus é ag cur cathú ar fhear. Lig do na daltái cur síos a dhéanamh air. Léigh an scéal Gambling Hansel leis na deartháireacha Grimm nó scéal Faust a insint agus dein é a phlé leis an rang. Tá nasc leis an scéal Séadna chomh maith. Cuir an scéal i gcomparáid le scannáin a phléigh leis an dtéama céanna.

### OBAIR RANGA OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

5. Téir ar an idirlíon agus cuardaigh alt ar stair an chearrbhachais m.sh.

   www.gamblingphd.com/historical-information.html

   Pléigh sa rang é agus cruthaigh liosta foclóra a bheidh ag teastáil uathu m.sh. *horseracing, card games, English football, the lotto srl.*

   Lig dóibh dul ag cuardach na bhfocal seo lena bhfoclóirí nó le foclóirí na scoile.

### FEASACHT TEANGA

Cuir comhairle orthu i dtaobh conas foclóir a úsáid.

### OBAIR AONAIR

**AL/SG**

6. Samhlaigh gur cearrbhach tú atá tar éis a thuarastal go léir don choicíos seo chugainn a chailliúint ar na capaill. Scríobh an iontráil a dhéanfá i do dhialann don lá sin nó scríobh litir chuig Agony Aunt ag lorg treorach a leigheasfadh do ghalar.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

1. Tar éis don Chearrbhach a thriú achainí a fháil ó Dhia, téir ar ais go tús an scéil agus iarr ar na foghlaimeoirí grupaí a cheapadh agus comhartha réalta an chearrbhaigh a scríobh don lá/oíche atá roimis amach. Deis a bheidh ann béim a chur ar an aimsir fháistineach, an modh orduitheach agus foclóir na féidireachta m.sh., *seans go, b'fhéidir go, dhealródh sé go, is cosúil go*…srl.

### OBAIR GHRúPA

**GL**

2. Nuair a thagann an rang chomh fada leis an bhfear tinn sa Spáinn, iarr orthu fógra **nuachtáin** a chumadh, fógra idirnáisiúnta ag lorg dochtúra spéisialta. Luaigh an duais a bhaineann leis an bpost seo. Níor mhiste seoladh an othair a lua, a seoladh ríomhphoist, cur síos ar a thinneas, an méid ama atá fágtha aige sa tsaol seo srl.

### OBAIR GHRúPA

**AL**

3. Roghnaigh cúig abairt fhada ón dtéacs, abairtí nach bhfuil feicthe go fóill ag na foghlaimeoirí agus dean iad a mheascadh suas go maith sa mhéid is nach bhfuil tuiscint ar bith le fáil astu. Tabhair dúshlan do na grúpaí sa rang an chomhréir cheart a chur ar na habairtí.

### OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

4. Thíos i gcolún A, tá roinnt focal atá feicthe (cuid acu go minic) ag na foghlaimeoirí. I gColún B, tá focail atá cosúil leo. Iarr orthu iad a mheaitseáil agus nuair a bheidh críochnaithe acu, iarr orthu a gcuid iarrachtaí a chur i gcomparáid le pé duine atá taobh leo.

| Colún A | Colún B |
|---|---|
| Ag tarraingt | Much í! |
| Meirgeach | Othair |
| Ag bisiú | Áthas |
| Bheannaigh sé | Sláintiúil |
| An Garraí | Chuir sé dúil ann |
| Lúcháir | Ag dul i ngiorracht |
| Daoine tinne | Dúirt sé 'haidhe' |
| Shantaigh sé | An gáirdín |
| Folláin | Ag dul i bhfeabhas |
| Cuir as í! | Seanchaite |

### OBAIR BHEIRTE

**AL/SG**

5. Comhrá

(a) Tar éis dá bhean chéile an oíche a thabhairt i bpriacal, filleann an Cearrbhach abhaile ag éirí na gréine, é ar meisce agus a phingin dheireanach caillte aige. I mbeirteanna, scríobh an comhrá a bheadh eatarthu.

(b) Lig do ghrúpaí na mbeirteanna ról na mná agus an Chearrbhaigh a ghlacadh agus an comhrá atá scríte acu a chur ar bun os comhair an ranga.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

**AL/SG**

1. **Feasacht teanga.**

   Aird a tharraingt ar na focail a bhaineann le canúint Uladh m.sh., sceadamán, cha, gasta srl. Tabhairt isteach atá ann chun na difríochtaí idir na canúintí a léiriú do na foghlaimeoirí.

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

2. Foclóir na gcártaí féin.

(a) Beir paca cártaí isteach sa rang leat. Múin dóibh conas 'the six of clubs'a rá agus mar sin de.

(b) Tabhair deis do ghrúpaí cluiche cártaí atá simplí a roghnú agus iarr orthu rialacha an chluiche sin a bhreacadh síos.

(c) Tabhair cuireadh do dhuine amháin ó gach grúpa seasamh os comhair an ranga agus léiriú (le paca cártaí) don rang conas a gcluiche féin a imirt.

### OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

3. Spanish Train le Chris De Burgh. Focail an amhráin ar fail ón idirlíon. Suíomh amháin is ea:

   www.sing365.com

   Pléigh sa rang na cosúlachtaí idir é seo agus ábhar an scéil.

### OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

4. Tamall a thabhairt ag féachaint ar thionchar agus ar dhochar an chearrbhachais in aon cheann de na scannáin seo a leanas:

(i) *Oscar and Lucinda* (1998)

(ii) *The Sting*

(iii) *The Hustler (1961)/The Colour of Money* (1986)

(iv) *Waking Ned*

(v) *Rogue Trader*

(vi) *The Gambler* (1974)

(vii) *Bachelors' Walk*

# COILEACH GHLEANN PH«DRAIG

**Nóta:** Tábhair faoi deara go bhfuil rogha idir an gearrscéal seo agus An Bhean Óg.

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Cúrsaí Oibre

An Tuath

Cultúr

Cairde

Cairdeas

Cultúr

Saol na hoibre

Litríocht na Gaeilge

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Mothúcháin a nochtadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Cur síos a dhéanamh

Gearán a dhéanamh

Seasamh a ghlacadh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

An Béaloideas

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**GL**

1. Iarrtar ar fhoghlaimeoirí na habairtí seo a leanas a chríochnú:

**Ainmhithe agus Éanlaithe**

(i) An t-ainmhí is deise……..

(ii) An t-ainmhí is bródúla……..

(iii) An t-ainmhí is glóraí……….

(iv) An t-ainmhí is gránna……….

(v) An t-ainmhí is leisciúla……

(vi) An t-ainmhí is daonna…….

(vii) srl

Déan na tuairimí a phlé……………………….

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

2. Pléigh na cúiseanna a mbíonn meas ag daoine ar ainmhithe agus ar éanlaithe

Pléigh mar a mhothaigh daoine sa rang nuair a bhí peataí leo breoite.

**GL**

3. (a) Cén sort saoil atá ag tréadlia, dar leat……………

(b) Ba mhaith liom bheith i mo thréadlia, mar…………

(c) Níor mhaith liom bheith i mo thréadlia mar………

### OBAIR GHRúPA

**AC**

4(a) Rud amháin a thaitneodh liom faoi obair thréadlia ná………………………………

(b) Rud amháin nach dtaitneodh liom faoin obair ná…………………………………

**AL/SG**

5. Abair leis an rang:

Baineann an scéal seo le piseoga

Iarrtar ar an rang :

(a) Bailigh scéalta faoi phioseoga………..

(b) Cad iad na piseoga a gcreideann tú iontu….?

(i) Uimhir 13

(ii) Siúl faoi dhréimire

(iii) An bhean sí

(iv) Glaoch coiligh i lár na hoíche etc

(c) Tionscnamh: An Coileach sa Bhéaloideas/ Ainmmhithe sa Bhéaloideas

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

OBAIR GHRúPA

1. Moltar go ndéanfaí an léitheoireacht le chéile i ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna:

Bíodh na habairtí seo a leanas ar eolas:

*Ní thuigim cad is brí le*

*Cad a chiallaíonn*

*Níl a fhios agam cad a chiallaíonn*

*Is dóigh liom go gciallaíonn sé….ach nílm cinnte*

*Caithfidh go gciallaíonn sé*

*Féachaimis ar an ngluais/ bhfoclóir………*

OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

**1. FEASACHT TEANGA**

Dírigh ar:

(a) na focail Bhéarla sa ghearrscéal…vet/By Dad/ Murphy's Select

(b) intriachtaí- feidhm na hintriachta… Intriachtaí i dteangacha eile…... Ní féidir é…Cuimhnigh air sin ! By Dad! Ambaist! Níl tú á rá linn!

(c) An fhoirm cheana

firín

bóithrín

Seáiní

(d) Ainmneacha: Sally Tom

OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

2. Cuir d'áit chónaithe féin i gcomparáid leis an áit a bhfuil cur síos uirthi sa ghearrscéal.

3. An bhfuil aithne agat ar aon duine a mheabhraíonn na carachtair sa scéal seo duit?

OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRüPA

**GL/AL/SG**

4. Bhí tusa i láthair sa tigh tábhairne nuair a tháinig Sally Tom isteach. Inis mar a tharla do chara leat (rólaithris).

OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRuPA

**AL/SG**

5. Samhlaigh gur tusa fear chéile Sally Tom - inis mar a tharla do chara leat

Conas a mhothaigh tú faoi Sally?

6. Samhlaigh gur tusa Oisín - inis cad a tharla.

7. Deán suirbhé i measc bhaill an ghrúpa ar thréithe:

(i) an údair (an vet)

(ii) Sally

(iii) A fear chéile

Pioc amach íomhánna/eilimintí áiféiseacha

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

1. An Greann- conas a fheidhmíonn sé de ghnáth ?

Conas a fheidhmíonn sé sa scéal seo?

**GL/AL**

2. Inis do do pháirtí faoin gclár/scannán/ scéal is greannmhaire dár chuala tú riamh faoi.

**AL/SG**

3. Aimsigh eilimintí an ghrinn sa scéal seo:
   (i) Áiféis
   (ii) Codarsnacht
   (iii) Aicsean obann
   (iv) Imeartas Focal
   (v) An dul thar fóir

**GL/AL**

4. Cén ghné den ghearrscéal is mó a thaitin leat?
   Cén fáth?

**AL/SG**

5. Cum deireadh eile don scéal.

**AL**

6. Déan an scéal seo a athinsint ó thaobh na gcarachtar éagsúla atá ann

(a) An mac léinn óg

(b) Fear chéile Bheití

(c) An coileach féin

**SG**

7. Tionscnamh –ag lorg eolais ar phiseoga ar an Idirlíon nó go háitiúil agus déan cur i láthair ranga.

**GL**

8. Obair aonair agus comparáid mhalartach i ngrúpaí:

(i) An chuid den scéal is mó a thaitin liom ná…………

(ii) An carachtar sa scéal is mó a thaitin liom ná……….

(iii) An íomhá is suntasaí sa scéal ná…………..…

(iv) An chuid is greannmhaire sa scéal ná…………

(v) Na mothúcháin a spreag an gearrscéal ionam ná……………………..

FÉINMHEAS“N“

- Le líonadh ag an múinteoir
- Cad iad na tascanna is mó a spreag foghlaimeoirí?
- Ar léirigh siad taitneamh i mbun na dtascanna/ag léamh an ghearrscéil?
- Cad a dhéanfá ar shlí éagúil an chéad uair eile agus tú ag teagasc an tsaothair seo?

# SLIOCHT AS AN D RBHEATHAISNÉIS, FICHE BLIAIN AG F«S

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Fochultúr na hÓige anallód

Fochultúr an óil

Cairdeas

Greann

Freagracht

Fás agus Forbairt an duine

Saoirse

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Mothúcháin a nochtadh

Forbairt an duine a iniúchadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Comparáid a dhéanamh

Comhrá a phlé

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Lig sinn i gCathú - Cúrsaí ólacháin is grinn

Stair na Gaeilge - Scríbhneoirí an Bhlascaoid

Canúintí

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR    OBAIR GHRúPA

**GL**

1. Ar léigh tú beathaisnéis duine riamh? Ceann Roy Keane? Alex Ferguson? Bob Geldof? Daoine eile?

**AL/SG**

2.(i) Cén fáth a scríobhann duine dírbheathaisnéis?

(ii) Cén fáth a léann daoine dírbheathaisnéisí?

(iii) Dá mbeifeá ag scríobh do dhírbheathaisnéise féin anois, cad a chuirfeá isteach inti?

(iv) Conas a dhéanfá an scéal níos suimiúla?

(v) Cad é an scéal is greannmhaire a léigh tú/a chuala tú/a tharla duit riamh?

OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

3. Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn lá saor ón scoil agat?

(i) Ar ól tú alcól riamh?

(ii) Conas a tharla sin?

(iii) An gcuireann do chairde brú ort ól?

(iv) Conas a bhlais an chéad phiont/deoch meisciúil?

(v) An raibh tú riamh ar meisce?

(vi) Conas a bhraith tú?

(vii) An raibh tú tinn?

(viii) An raibh póit ort an lá ina dhiaidh sin?

(ix) An dtéann déagóirí ón mbaile seo amach ag ól ag an deireadh seachtaine?

(x) Ar tharla aon rud greannmhar do chara leat nuair a bhí sé/sí amuigh ag ól?

OBAIR GHRúPA

**AL**

4.(i) Dá mbeadh lá saor anois agat cad a dhéanfá? Cá rachfá?

(ii) Dá mbeadh airgead agat cad a dhéanfá? An rachfá ag ól?

(iii) An bhfuil fadhb sa tír seo maidir le daoine óga/déagóirí ag ól nó ag glacadh drugaí?

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

Gluais: Braithfidh an ghluais is an foclóir ar chaighdeán do ranga féin

1. Léitheoireacht le chéile:

*Ní thuigim cad is brí le…*

*Cad a chiallaíonn…*

*Níl a fhios agam cad a chiallaíonn…*

*Níl tuairim agam…*

*Is dóigh liom go gciallaíonn sé…*

*Féachaimis ar an ngluais…*

**AL/SG**

**FEASACHT TEANGA**

2. Féach ar intriachtaí agus conas a chabhraíonn siad le réalachas a chruthú

*Téanaíg anso isteach*

*N'fheadar 'on domhan*

*Th'anam ón diúcs!*

*Cad é an chaint atá ar siúl agat?*

*Dhera a dhuine*

Samhlaigh comhthéacsanna eile rólaithrise ina mbeidis úsáideach/nádúrtha

### OBAIR RANGA

**GL**

3. Céimeanna an Scéil

(i) Dá mba thusa bean an tí an dtabharfá an deoch do Mhuiris?

(ii) Cén fáth?

(iii) Cad a tharlaíonn i dtithe tábhairne na linne seo nuair a dhéanann daoine óga faoi aois iarracht deoch a cheannach?

(iv) Ar bhuail sibh riamh le tábhairneoir mar seo?

(v) An bhfuil an chaint seo greannmhar ?

*Tá blas bréan ar seo. Ní ólfad go deo é".*

(vi) Dírigh ar chomparáid a dhéanamh ar shaoltaithí do dhaltaí féin anseo.

### OBAIR GHRúPA

**AL**

4. Bhí tú féin i láthair nuair a cheannaigh Tomás an phíp agus nuair a bhuail sé an cúntar lena dhorn.

Déanaigí dráma beag a chumadh ar an dúshlán a leag sé

**AL/SG**

**FEASACHT TEANGA**

5. An fhoirm tháite den bhriathar a phlé mar chuid de chanúintí na Gaeilge m.s.phriocas/gheobham/bheireas.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

1(i) Cad é an píosa is greannmhaire sa sliocht seo,dar leat?

(ii) Cén fáth gur thug bean an tábhairne an deoch dóibh?

(iii) An raibh taithí ag an mbeirt bhuachaillí ar ól?

(iv) Cén toradh a bhí ar a chuid óil?

2. Cad a tharlódh dá dtiocfadh athair Thomáis nó Seán isteach sa tábhairne?

3. Dá mbeifeá sa teach tábhairne an rachfá ag troid le Tomás, meas tú?

4. Cén saghas saoil a bhí ag déagóirí ag an am sin de réir an eolais a thugtar sa sliocht seo?

5. Déan comparáid idir saol an lae inniu aqgus an saol a bhí ag Muiris agus ag Tomás.

**AL/SG**

OBAIR BHAILE

6. Scríobh scéal beag amach bunaithe ar cheann amháin de na ceannteidil seo:

   *Nuair a bhíonn an braon istigh,bíonn an chiall amuigh.*

   *An chiall cheannaithe an chiall is fearr*

# AN BHEAN ŒG

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

An Chlann/An Teaghlach

Cois Farraige/Laethanta Saoire

Caitheamh Aimsire

An Ghaeilge

An Ghaeltacht

An Aimsir

Éadaí

An Grá/An Pósadh

Creideamh

An Bochtanas

An Litríocht

### FEIDHMEANNA TEANGA

Sonraí pearsanta a thabhairt.

Ag tabhairt eolais.

Dúil nó mian a chur in iúl.

Mothúcháin a nochtadh—imní a chur in iúl.

Cumas a chur in iúl.

Atmaisféar a chruthú.

Cur síos a dhéanamh

### CULT“R

Bhí ceangal láidir ag an údar seo le Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Is féidir a rá go bhfuil an bhean óg sa scéal seo ar a laethanta saoire i gceantar Gaeltachta. Luaitear focail Ghaeilge a bheith á múineadh aici do na leanaí.

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**GL/AL**

**1. An samhradh**

(a) *Riachtanais* — Bileog pháipéir agus peann ag gach grúpa
Urlabhraí a ainmniú.

*Tasc* — Focail a bhaineann leis an samhradh a bhailiú.
Tar éis 5 nóiméad, scríobhtar na focail a bailíodh ar an gclár dubh/bán.

(b) Na grúpaí céanna: na bileoga céanna—ar chúl.

*Tasc* — Na focail ar an gclár a bhailiú i ngrúpaí focal an uair seo faoi theidil m.sh. Aimsir, Bia, Éadaí, Spórt, Laethanta Saoire…….

(c) Aiseolas — Cad nach bhfuil ar an liosta?
An rang a chríochnú le cúpla ceist a chur - freagraí ó bhéal.
(le críochnú mar obair bhaile - obair scríofa)

### OBAIR AONAIR

**GL/AL**

2. Conas a bhíonn an aimsir sa samhradh in Éirinn? Thar lear?

Cén sórt rudaí a dhéanann daoine nuair a bhíonn an aimsir go maith? An bhfuil trá in aice leatsa sa bhaile?…………….srl..

### OBAIR GHRúPA

**GL**

3. Is féidir an rang seo a leanúint an chéad uair eile le pictiúr/postaer a thabhairt isteach de shuíomh farraige. Tá an t-idirlíon lán de shamplaí; scríobh isteach an rud atá uait agus téigh go “Images”.

NÓ

Iarr ar na daltaí pictiúirí a thabhairt isteach chugat - grianghraif dá laethanta saoire féin, pictiúirí as an nuachtán - aon uair a lonraíonn an ghrian sa tír seo tógtar pictiúir de dhaoine ar an trá!, pictiúir a tharraing siad féin………..srl.

OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

**4. Ryan's Daughter**

*Riachtanais* Teilifís agus Fiséan

Taispéain píosa den scannán *"Ryan's Daughter"* (cuid na hiníne ag siúl ar an trá).

**GL**

(a) (i) Cá bhfuil sí?

(ii) Cad atá á dhéanamh aici?

(iii) An bhfuil sí sásta?

**AL/SG**

(b) Cén sórt atmaisféir atá sa phíosa?.........srl.

**SG**

(c) Tabhair roinnt eolais don rang faoin scannán seo:

(i) é déanta i nGaeltacht Chorca Dhuibhne,

(ii) téama an scéil go beacht

(iii) na príomhmhothúcháin a léirítearmann.

An ceangal idir an scannán agus an scéal a bheidh á léamh a nochtadh - an ceangal
a bhí ag údar an scéil le súiomh an scannáin.

OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

FEASACHT TEANGA

**AL**

**5. An Ghaeltacht**

(i) Cad atá i gceist le Gaeltacht?

(ii) Cad a tharlaíonn ann?

(iii) An bhfuil cónaí ortsa i nGaeltacht?......

(iv) Cad iad na difríochtaí idir Gaeltacht agus aon áit eile sa tír?

(v) Le críochnú mar obair bhaile más gá.

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**GL/AL**

**6. Na Gaeltachtai Éagsúla**

An rang ar fad-Bailigh an t-eolas atá acu faoi na Gaeltachtaí éagsúla agus líon na bearnaí san eolas sin.

Léarscáil na hÉireann áisiúil chuige seo. Is féidir na canúintí éagsúla a lua anseo chomh maith. Seinn píosa téipe agus iarr ar an rang na canúintí a mheatseáil le na ceantair éagsúla (Mumha, Connacht, Uladh).

**AL/SG**

**7. An Teaghlach**

(a) Crann teaghlaigh a dhéanamh amach duit féin, ceann gearr.

NÓ

(b) Liosta de cheisteanna simplí a bheith ag an múinteoir ar bhileoga. Cúpla bealach leis seo a dhéanamh.

(i) An rang a roinnt i ngrúpaí de 4/5.
Ceist dhifriúil a thabhairt do gach duine sa ghrúpa.
Cuireadh gach duine a cheist féin ar gach duine sa ghrúpa.
Tar éis cúpla nóiméad beidh 4 fhreagra ag gach duine.
Na freagraí a lorg ó bhéal ó na daltaí.

(ii) Bileoga móra a chur suas timpeall an tseomra- ceann do gach ceist a thugann tú le freagairt, leis an cheist ar a bharr.
Tugtar 5 cheist do gach dalta le freagairt.
Scríobhann an dalta féin a fhreagra ar gach ceist ar an mbileog chuí.....

(iii) Ceisteanna a thabhairt do gach dalta mar obair aonair sa rang le scríobh.

Samplaí de na ceisteanna:

a. Cé mhéad deartháir atá agat?

b. Cé mhéad deirfiúr atá agat?

c. An bhfuil páiste óg i do theaghlach?

d. An dtiomáineann aon duine sa bhaile carr? gluaisrothar?

FEASACHT TEANGA

OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

8. Scrúdaigh na difríochtaí idir an Ghaeltacht agus áiteanna eile sa tír. Cad is BreacGhaeltacht ann?

OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

**9. Saol na mBan**

(a) Cad atá i gceist le “máthair mhaith” ann?

(b) Íomhánna na mban i saol an lae inniu-cad iad?

(c) Scrúdaigh iad (samplaí ó na méain áisiúil anseo)

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

OBAIR RANGA

1(a) Léann an múinteoir an scéal ar fad ar dtús. Ansin cuireann sé/sí cúpla ceist ghinearálta.

**GL**

(i) Cad iad na focail a d’fhan libh?

(ii) Cad a chuala sibh?

(iii) Cé hiad na carachtair atá sa scéal?

(iv) An bhfuil aon chomhrá sa scéal?

(v) An bhfuil an scéal áthasach nó brónach?

**AL/SG**

(vi) Cad iad na rudaí a fhanann leat tar éis an scéal seo a chloisint?

(vii) An bhfuil tionchar ag an easpa comhrá ar an scéal? [tuairimí]

OBAIR BHEIRT

**GL/AL/SG**

(b) Iarr ar dhalta an chéad alt a léamh.

(i) Cad iad na hullmhúcháin a rinne an bhean óg chun dul chun na trá? Aiseolas.

OBAIR AONAIR

(c) Iarr ar dalta alt 2 a léamh. Freagair cúpla ceist.

(i) Cén mhí a bhí ann?

(ii) Conas a chuaigh sí go dtí an trá?

(iii) Conas a bhí sí gléasta?

NÓ

Iarr ar na daltaí pictiúr a tharrac duit bunaithe ar alt 1 nó alt 2.

**GL/AL**

**2. Léitheoireachta**

(i) Cad a léann tusa?

(ii) An léann tú irisí? Cén irisí? Cén fáth?

(iii) Cad a léann an bhean seo? Cén fáth?

**AL/SG**

(iv) An léifeása an sórt leabhair a léann an bhean seo? Cén fáth?

(v) Cad é an t-ábhar léitheoireachta atá oiriúnach do dhaltaí scoile, dár leat? Plé air seo.

**3. Na leanaí**

OBAIR BHEIRTE

**GL**

(a) (i) Cad iad na rudaí a dhéanann an mháthair leis na leanaí ag an trá?

(ii) An bhfuil na leanaí sásta, dár leat?

**AL/SG**

(iii) Pléigh an fhianaise sa scéal gur máthair mhaith í an bhean óg.

(iv) Ansin léigh an dán "Dán do Mhelissa." Pléigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá dhán (nasc le cúrsa filíochta).

## OBAIR GHRúPA

**GL/AL**

(b) Pictiúr de leanaí óga ag súgradh ar an trá- (Images-ar an idirlíon).

Tabhair cóip den phictiúr do gach grúpa. Tabhair liosta nathanna/foclóra dóibh agus iarr orthu roinnt abairtí a chur le chéile faoin bpictiúr.

Samplaí de nathanna:

Ag déanamh caisleáin gainmhí.
ag rith isteach agus amach as an uisce.
ag léim san uisce.
ag déanamh poll sa ghaineamh.
le buicéad agus spáid.
marbh ag an teas.
ag ithe aráin.
ag ól bainne.
ag cur tuáille timpeall air/uirthi.
ag gléasadh……………

## OBAIR AONAIR OBAIR BHEIRTE

**GL/AL/SG**

4. (a) Tarraing pictiúr den bhean óg agus í ar an trá, na páistí ina gcodladh sa phram

……am éigin tar éis lóin.

NÓ

(b) Déan dráma beag d'eachtraí an scéil.

NÓ

(c) Cuir le chéile pictiúr le píosaí as irisí/nuachtáin ar nós an phictiúir thuas.

NÓ

(d) Ceap dán bunaithe ar íomhá na mná suite ar an trá i dteas an mheánlae.

**GL**

(e) Abair rud amháin leis an rang faoi do phictiúr/léaráid/dhán.

**AL/SG**

(f) Inis don rang faoina bhfuil curtha le chéile agat. Freagair ceisteanna ón rang faoi do chuid oibre.

## OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

5. Léadh dalta alt 5. Tabhair liosta ceisteanna do gach grúpa, m.sh.

(i) Cá bhfuil fear céile na mná seo?

(ii) An mbeidh sé ag teacht? Cathain?

(iii) Conas a thiocfaidh sé?

(iv) Cén sórt duine é, dár leat?

**AL/SG**

(v) Cén fáth nach bhfuil an fear leí cheana féin?

(vi) Cén tionchar atá ag teacht a fir ar an mbean?

(vii) Cén sórt atmaisféar a bhraithimíd ag críoch an scéil?

Pléitear na difríochtaí idir na freagraí, má tá siad ann.

NÓ

Iarr ar na grúpaí 5 cheist a bhunú ar alt 5.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**GL**

1. Ceapadh gach dalta 6-8 gceist bunaithe ar an scéal. Cuireadh gach dalta sa ghrúpa ceist amháin ar a laghad ar gach duine eile sa ghrúpa.

**AL/SG**

2. Ó bhéal, daltaí ag ceistiú a chéile. Daltaí á spreagadh chun ceisteanna a chur:

(i) Ar thaitin an scéal seo leat?

(ii) Cad a thaitin leat?

(iii) Cad nár thaitin leat?

(iv) Cén pictiúr den saol pósta a fhaighimíd ón scéal seo?

(v) Fágtar ceisteanna gan fhreagairt ag críoch an scéil seo. Cad iad,dár leat?

(vi) Léigh an dán “Ar Thrá” le Caoimhín Ó Conghaile.

(vii) Pléigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an scéal seo agus an dán úd.

**GL**

Is féidir ceisteanna a chur ar dhaltaí faoi cad is dóigh leo is téama don scéal, nó cad í an teachtaireacht atá ann.

**AL/SG**

3. Tá mórán roghanna d’ábhair arbh fhéidir a phlé, m.sh.

- An bhochtaineacht.
- Cúrsaí Creidimh.
- Eirí in Airde.
- Sástacht inmheánach an duine féin.

**4. Smaointe eile: Tionscnaimh**

Má tá cónaí ort in aice na farraige, lorg iasacht de cheamara digiteach agus tóg roinnt pictiúr tú féin, nó iarr ar na daltaí dul amach leis an gceamara ón scoil chun roinnt pictiúirí a thógaint.

**GL/AL/SG**

- Eagraigh comórtas griangrafadóireachta bunaithe ar an scéal seo.
- Beidh roinnt tuairimí ag na daltaí iad féin maidir leis an obair arbh fhéidir leo a dhéanamh ar an scéal seo.
- Ní gá i gcónaí gach aon ní a chur ar fáil do dhaltaí. Uaireanta is maith leo stuif a eagrú iad féin.

**AL/SG**

- Tóg an rang ar phicnic cois trá. Iarr orthu a mheabhrú conas a bheadh an lá difriúil dá mbeadh leanbh ina dteannta.

**Ní gá gach gníomhaíocht a dhéanamh an chéad uair a léann tú an scéal leis an rang. Is maith an smaoineamh é roinnt rudaí a fhágaint go dtí go mbíonn tú ag dul siar arís ar an scéal, am a d’fhéadfadh sé éirí an leadránach sa rang.**

# L« BU BEALT AINE

**Nóta:** Tá rogha idir an dráma seo agus an gearrscannán: *Clare Sa Spéir*

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Cairdeas

Tréithe an duine

Cultúr

An Litríocht

### FEIDHMEANNA TEANGA

Ag lorg nó ag tabhairt eolais

Tuairimí a nochtadh

Aontú nó easaontú

Ag áitiú

Ag cur mothúcháin in iúl

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

1. Abair leis an rang go mbeidh dráma á léamh. Pléigh i ngrúpaí beaga:

**AL**

(a) Cad is dráma ann?

(i) Dírigh ar dhrámaí ar stáitse atá feicthe acu.

(ii) Dírigh ar an éifeacht a bhaineann le drama.

(iii) Dírigh ar shobail, scannáin agus drámaí.

(iv) Dírigh ar na difríochtaí idir dráma agus scannán.

**GL/AL**

(b) Cad leis a mbeifeá ag súil leis i ndráma maith?

**AL/SG**

(c) Cad a thabharfadh ort dul chun na hamharclainne chun dráma a fheiceáil?

**GL/AL**

(d) Inis do do pháirtí faoin drama (teilifíse) is fearr leat.

Déan cur síos ar an bplota/ar na carachtair/ar na codanna is drámatúla de

### OBAIR GHRúPA

AL

2. (a) Dírigh ar an teideal: Lá Buí Bealtaine.

(b) Dírigh ar uaim agus ar liriciúlacht an teidil.

(c) Cén téama a chuireann an teideal in iúl?

(d) Déan comparáid idir na leaganacha éagsúla.

**GL**

(e) Déan tomhas faoi théama/ábhar an dráma ón teideal.

### OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

3. (a) Abair leis na foghlaimeoirí gur dráma faoi chairdeas a bheidh i gceist. Roinntear an rang i ngrúpaí beaga. Déanann gach grúpa scéal/téama an dráma a thomhas/a thuar ag obair anois le teideal an dráma

### OBAIR BHEIRTE

GL

(b) Líonann gach foghlaimeoir an suirbhé seo a leanas agus roinneann sé/sí na freagraí ar a pháirtí:

Cara maith is ea duine……………

Is maith liom cairde a ……………

Rachainn amach le duine…………

Titim i ngrá le gnáth le duine atá…..

**AL**

(c) Dá mbeinn chun bean/fear a phósadh.ní mór dom/di……….

Aithneoidh mé mo ghrá geal caoga bliain amach anseo mar…………

OBAIR GHRÚPA   OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

4. Abair leis an rang gur drama faoi chuimhní a bheidh á léamh acu. Roinntear an rang i ngrúpaí beaga. Iarrtar ar gach duine cur síos a dhéanamh ar chuimhne bheo amháin atá acu- ní mór cur síos go mion ar an gcuimhne seo- na daoine, an aimsir, na dathanna, an cúlra. bolaithe srl..

OBAIR GHRÚPA   OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

5. Abair leis an rang gur dráma faoi chuimhní seandaoine atá i gceist. Roinntear an rang i ngrúpaí beaga. Déanann gach grúpa scéal/téama an dráma a thomhas/a thuar ag obair anois le teideal an dráma.

OBAIR GHRÚPA

**GL/AL/SG**

6(a) Dírigh ar thaithí fhoghlaimeoirí ar ospidéal do sheandaoine.

(b) Dírigh ar chuairt a thugadar ar ghaol/chara in ospidéal.

NÓ

Dírigh ar íomhánna ó scannáin/sobail ina raibh léiriú ar ospidéal/áiteanna mar sin.

(c) Dírigh ar an sort saoil a bhíonn ag seandaoine.

(d) Díospóireacht ranga: *Tá an saol nua-aimseartha beag beann ar sheandaoine agus ar a gcuimhní.*

**SG**

(e) Ullmhaigh tionscnamh ar an sort saoil a bhí ag seandaoine in Éirinn níos mó ná seachtó bliain ó shin.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

OBAIR RANGA

**GL**

**1. An suíomh**

(a) Tarraing pictiúr den seanduine (Peadar Mac Fhlannchadha) ina chathaoir rotha.

NÓ

(i) Cén sort íomhá atá agat den seanduine seo? Cén fáth?

(ii) An maith leat an duine seo? Cén fáth?

(iii) An meabhraíonn sé duine ar bith duit? Cé hé?/Cé hí? Inis do do pháirtí faoi.

OBAIR GHRÚPA

**AL/SG**

**2. Ag díriú ar thábhacht shonraí an chúlra**

(a)(i) An chuma atá ar Pheadar

(ii) *"Is léir, áfach go raibh sé ina fhear cumasach tráth"*, Conas gur léir?

(iii) Pléigh tréithe na banaltra (Banaltra 1)

(iv) *"Cailín dea-chroích go leor í; má bhraitear cruas ná easpa laíochta inti, is iad riachtanais a gairme beatha is cúis leis sin"*

Pléigh an ráiteas sin. Ar bhraith tú riamh go raibh banaltra nó dochtúir crua agus í/é ag plé leat?

(iv) An gá do dhochtúrí/bhanaltraí bheith crua i mbun a ngairme?

OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

3. Samhlaigh gur tusa an bhanaltra. Tá tú ag cur síos ar Pheadar agus tú ag caint le cara leat/le banaltra eile. Samhlaigh an comhrá.

**4. Cuid 1**

*Banaltra 1: Is ea anois…………go deireadh na mire sin…….beidh gal agat ar do shuaimhneas*

Léitheoireacht aonair nó léitheoireacht beirte nó aithris os comhair ranga a úsaid.

OBAIR RANGA

**GL**

5. (a) Ar tharla sa mhír sin- a raibh le feiceáil agus a raibh le cloisteáil?

**GL/AL**

(b) An léiriú atá ann ar charachtar/thréithe Pheadair?

**SG**

(c) Increidtheacht an tsuímh/an charachtair a phlé.

**Cuid 2**

*Tagann banaltra 2 isteach…. Deireadh na míre sin…..Ní chloiseann sise í*

**GL/AL**

(d) Léitheoireacht aonair nó léitheoireacht bheirte nó aithris os comhair ranga a úsaid.

Buailimid le Nóinín den chéad uair.

**AL/SG**

6. Cad iad na híomhánna de Nóinín atá sa mhír seo?

OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

7. An maith leat Nóinín? Cén fáth?

An meabhraíonn sé duine ar bith duit? Cé hí?/Cé hé? Inis do do pháirtí faoi.

OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

8. Tá 'Freeze-frame'an – úsáideach in áit ar bith i ndráma ar mhaith leat béim a chur ar shuíomh, ar chúlra nó ar ghuthanna inmheánacha na gcarachtar. Seo mar is féidir é a chur i bhfeidhm maidir leis an mír seo, mar shampla:

- Iarr ar fhoghlaimeoirí páirt na gcarachtar éagsúla (Peadar, Nóinín, Banaltra 1 agus Banaltra 2 a ghlacadh).
- B'fhearr fearas agus cultacha a úsáid más féidir. D'fhéadfaí obair ghrúpa a bhunú ar roghnú na gcultacha agus an fhearais.
- Iarrtar ar na foghlaimeoirí atá ag glacadh na bpáirteanna díriú ar aon líne amháin- smaoineamh amháin agus aisteoireacht a dhéanamh dá réir. Ansin stoptar iad amhail is dá mbeidis reoite (ní féidir leo bogadh)í. *freeze frame*.
- Cuirtear ceisteanna ansin faoina bhfuil le feiceáil, faoina bhfuil ag tarlú sa suíomh 'reoite'sin.
- Cuirear ceisteanna ar na foghlaimeoirí ansin faoina raibh le rá acu go hinmheánach ina gcroíthe istigh etc

**Ní mholtar é seo a dhéanamh le gach mír den dráma ach tá sé éifeactach tabhairt faoi anois is arís.**

**Cuid 3**

*Is aoibhinn an lá é………ar fónamh é*

OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

9(i) Ar tharla sa mhír sin- a raibh le feiceáil agus a raibh le cloisteáil.

(ii) An léiriú atá ann ar charachtair agus ar thréithe.

(iii) Dírigh ar éifeacht an athrá chun cuimhní a mhúscailt: Móin a Lín…..

**Cuid 4**

*Lá Buí Bealtaine…….ag an gcrosbhóthar*

OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

10(i) Ar tharla sa mhír sin- a raibh le feiceáil agus a raibh le cloisteáil.

(ii) An rud is mó a thaitin leo faoin mír a phlé.

(iii) Pléigh tábhacht theicníc na ngeáitsí aithrise.

(iv) Pléigh tábhacht na dtagairtí don dúlra.

OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

11(i) Ag an bpointe seo, dean deireadh an dráma nó a tharlaíonn sa chéad mhír eile eile den dráma a thuar nó a thomhas.

(ii) Iarr ar dhaltaí an chéad chuid eile a scríobh nó a aithris.

**Cuid 5**

An rincfidh tú liom a Nóinín…. Peadar Mac *Fhlannchadha*

OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

12(i) Ar tharla sa mhír sin- a raibh le feiceáil agus a raibh le cloisteáil a chur i láthair.

(ii) An chéad mhír eile a thuar.

(iii) An léiriú atá ann ar charachtair agus ar thréithe.

OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

13. Samhlaigh go raibh tú ag an rince an oíche sin agus go bhfaca tú an troid idir Peadar agus Paid Ó Se. Inis ar tharla do chara leat an lá dár gcionn.

OBAIR AONAIR

**SG**

14. Pléigh an t-iardhearcadh agus mar a chuirtear in iúl é.

**Cuid 6**

*Deich mbliana príosúin…… go dtí ……….deireadh*

OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

15(i) Ar tharla sa mhír sin- a raibh le feiceáil agus a raibh le cloisteáil a chur i láthair.

(ii) Pléigh deireadh an drama.

(iii) An bhféadfaí deirí eile a shamhlú agus a scríobh agus a aithris.

(iv) Pléigh an léiriú ar thréithe Pheadair agus Nóinín.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

1. **Ag léiriú an dráma**

**Nóta**: B’fhiú go mór iarraidh ar an rang an drama a chur ar stáitse. Bíodh meitheal aisteoirí/léiritheoirí/ teicneoirí/cúntóirí stáitse. Pléann gach meitheal an ról atá le comhlíonadh aici. Déantar machnamh ar a bhfuil déanta/le déanamh/ ar an ngné is tábhachtaí atá le léiriú sa dráma/ar na cultacha/ar an seit etc.

OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

2. Pléigh mar a thaitin an dráma leat

(i) an chuid is fearr leat

(ii) an chuid is drámatúla

OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

3(i) Ar athraigh an dráma seo do dhearcadh i leith seandaoine, i leith an chairdis, i leith an tsaoil.

(ii) Déan cur síos air.

(iii) Comparáid a dhéanamh idir leaganacha na ngrúpaí éagsúla.

## OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

4. Pléigh an dráma mar dhráma:

(a) Dírigh ar:

- an oscailt
- an cúlra (an seait)
- an leanúnachas
- an t-iardhearcadh
- forbairt na gcarachtar
- codarsnacht (idir an fhreacnairc agus an t-am atá caite/idir Nóinín agus Peadar/idir na banaltraí)
- drámatúlacht na troda
- an casadh ag deireadh
- deireadh an dráma
- inchreidteacht an pholta/ na gcarachtar

## OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

(b)(i) Cén chuid is fearr a thaitin leat faoin dráma?

(ii) Cén carachtar is fearr leat? Cén fáth?

**AL**

(iii) Cum deireadh eile a bheadh oiriúnach.

**AL/SG**

(iv) Léiriú cuid mhaith ar chinniúint an duine atá sa dráma. Déan plé ar an gcinniúint i saol Nóinín agus i saol Pheadair agus i saol daoine i gcoitinne.

**GL**

(v) Obair aonair agus comparáid mhalartach i ngrúpaí:

An chuid den dráma is a thaitin liom ná……………

An carachtar sa dráma is mó a thaitin liom ná…………

An íomhá is suntasaí sa dráma ná……………..…

An chuid is drámatúla den dráma ná……………

Na mothúcháin a spreag an dráma ionam ná………

## FEASACHT TEANGA

- Le líonadh ag an múinteoir.
- Cad iad na tascanna is mó a spreag foghlaimeoirí?
- Ar léirigh siad taitneamh i mbun na dtascanna/ag léamh an drama.
- Cad a dhéanfá ar shlí éagsúil an chéad uair eile agus tú ag teagasc an tsaothair seo?

# Filíocht

## gnáthchúrsa agus ardchúrsa

# JACK

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

| | |
|---|---|
| Cairdeas: | tréithe an duine<br>na mothúcháin phearsanta<br>buanna agus lochtanna |
| Caitheamh aimsire: | rince |
| An Ghaeilge: | an Ghaeltacht agus na canúintí |
| Saol na hOibre: | slite beatha |
| Cultúr: | saol traidisiúnta na tuaithe |
| Laethanta saoire: | rómáns samhraidh |
| Litríocht na Gaeilge | |

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Mothúcháin a nochtadh a aithint

Cur síos a dhéanamh

Míniú a lorg a thabhairt

A rá gur cuimhin leat rud, duine nó áit éigin

Easpa tuisceana a chur in iúl

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

An Bhean Óg (an t-údar céanna)

Fiche Bliain ag Fás (an suíomh céanna – iarthar Chiarraí )

Lá Buí Bealtaine (grá ar an gcéad luí súl, nuair a bhí Nóinín agus Peadar óg)

A Thig ná Tit Orm (cur síos ar rince sa cheantar céanna)

Faoiseamh A Gheobhadsa (cuimhní)

Stair na Gaeilge

Máire Mhac an tSaoi

Canúintí

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

1. (a) Iarr orthu eolas a fháil ar Mháire Mhac an tSaoi ar an Idirlíon. Téigh go dtí Seomra na Ríomhairí. Aimsigh an suíomh seo ar an Idirlíon:

www.beo.ie/2003-08/agallamh.asp

Bíodh leathanach oibre acu, in oiriúint do chumas an ranga.

**Mar shampla**

**GL**

(i) Cé hí ábhar an agallaimh? M______ M______ a__ t ____

(ii) Cé a chur agallamh uirthi? A______ N__ C___________

(iii) Cá bhfuil teach chónaithe Mháire? i m______ E_______

(iv) Cá bhfuil an áit sin? i _______ _____ _______v___v___

(v) Cad atá i ngach áit sa teach? _______________________

(vi) Cé hé fear céile Mháire? __________________________

(vii) Cén leabhar a bhí fágtha ar oscailt? ________________

(viii) Cén leabhar nua a bhí in aice leis? _________________

(ix) Cad atá díreach críochnaithe ag Máire? _____________

(x) Cé a sheolfaidh é? _______________________________

(xi) Cár saolaíodh Máire? ____________________________

(xii) Cérbh é a hathair? ______________________________

(xiii) Cén post a bhí aige? ____________________________

(xiv) Cén post a bhí ag a máthair? _____________________

(xv) Cá raibh cónaí orthu? ___________________________

(xvi) Cén t-ainm a bhí ar uncail Mháire? ________________

(xvii) Cá raibh teach aige? ___________________________

(xviii) Tá an áit sin i gCo. ____________________________

**AL/SG**

Léigh an chéad chuid den agallamh.

Aimsigh eolas faoi Mháire Mhac an tSaoi, faoi na ceannteidil seo:

- a teach cónaithe anois
- a caitheamh aimsire anois
- a fear céile
- tuismitheoirí Mháire
- uncail Mháire
- a laethanta saoire nuair a bhí sí óg.

**Tasc Labhartha**

Déan na freagraí a phlé sa rang.

(b) Scríobh an file seo dán dár teideal "Jack". Cé hé Jack??

OBAIR AONAIR OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

2. (a)

Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

(i) Cé hé Jack?

(ii) Ní hé___________________ an fhile.

(iii) Tá a fhios agam nach é _______________ an fhile é.

(iv) Tá mé cinnte nach é _________________ an fhile é.

(v) B'fhéidir gur ___________ an fhile é. rómáns samhraidh

(vi) Is dóigh liom gur -__________________________ é.

**Tasc Labhartha**

(b) Déan comparáid idir na freagraí éagsúla.

(c) Ansin tabhair nod dóibh. Seinn véarsa de "Summer Loving" (Grease) nó………. amhrán ar bith le rómáns samhraidh mar théama ann.

Iarr orthu ansin "Cé hé Jack?"

OBAIR GHRÚPA

**AL/SG**

1. An féidir leo smaoineamh ar leabhair, scannáin, amhráin ina bhfuil cuimhní ar rómáns samhraidh mar théama iontu. An raibh rómáns mar sin riamh acu féin riamh? (i gcoláiste samhraidh nó…………………

**Cuimhní an fhile ar rómáns samhraidh atá sa dán seo.**

OBAIR GHRÚPA

**GL**

2.

(i) Is dóigh liom gur bhuail an file le Jack i __________

(ii) Beidh cur síos sa dán ar ________________________

(iii) Cuir ciorcal timpeall na mothúcáin a bheidh sa dán, dar leat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cairdeas | meas | pian | maoithneachas |
| grá | díomá | cion | saobhchion |
| brón | áiféal | paisean | croíbhriseadh |
| fuath | caitheamh i ndiaidh na hóige | | |

(iv) Anois tá an file________________________________

OBAIR GHRÚPA

**AL/SG**

3. Samhlaigh an suíomh, na híomhánna, na focail, na mothúcháin a bheidh sa dán.

Déan na freagraí a phlé sa rang.

FEASACHT TEANGA

**GL/AL/SG**

4. Cad iad na focail nua a d'fhoghlaim tú?

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

**GL/AL/SG**

1. (a) Léigh an dán cúpla uair ina iomláine.

Ansin **léigh véarsaí a haon agus a dó**. Ullmhaigh **gluais** ar na véarsaí sin.

OBAIR AONAIR   OBAIR GHRÚPA

**GL**

(b)

**Aimsigh an focal/nath**

| | | |
|---|---|---|
| (i) S _ _ _ _ _ _ _ _ _ | = | buachaill láidir |
| (ii) F _ _ _ _ | = | dath gruaige |
| (iii) I _ _ _ _ _ _ | = | tá Ciarraí, Gaillimh, Maigh Eo san _ _ _ _ _ _ _ |
| (iv) F _ _ _ _ _ | = | riamh arís |

srl.

OBAIR AONAIR   OBAIR GHRÚPA

**AL/SG**

2.

**Aimsigh an focal/na focail a chiallaíonn:**

(i) Buachaill láidir: ________________________________

(ii) Riamh arís: ____________________________________

(iii) Go raibh mé:__________________________________

**Tasc Labhartha**

**GL/AL/SG**

3(i) Cathain a tharla an oíche seo? Cén séasúr ?

(ii) Cén aois a bhí ag an bhfile, meas tú?

(iii) Tuairim is cén bhliain a tharla an oíche seo?

(iv) Samhlaigh Jack. Déan cur síos air.

(v) Cad faoi a thaitin leis an bhfile?

(vi) An raibh Jack dathúil, meas tú?

(vii) Samhlaigh an halla rince. Cé a bhí ann? Conas a bhí said gléasta?

Cén solas a bhí ann? Cén sórt úrláir a bhí ann?

(viii) Cén sort ceoil a bhí á sheinm?

(ix) Ar thit an file i ngrá ar an gcéad luí súl, meas tú? Ar thit seisean i ngrá léi?

4. **Véarsa** 3

(a) Arís ullmhaigh gluais i ngrúpaí.

(b) Tasc labhartha arís

(i) Cén sórt saoil atá leagtha amach do Jack?

(ii) Cad é an rud nach bhfeicfidh éinne arís? Cén fáth?

**5. Véarsa 4**

(a) Ullmhaigh gluais i ngrúpaí.

(b) Tasc labhartha arís

(i) Cad a ghuíonn Máire ar Jack? Cén fáth, an dóigh leat?

(ii) An bhfuil grá aici dó fós? Cá bhfios duit?

(iii) Féach ar ais ar an liosta mothúcháin a d’ullmhaigh tú níos luaithe.

(iv) An raibh an ceart agat? Cad iad na mothúchán atá sa dán?

(v) Cén áit sa dán a gchuirtear in iúl iad?

(vi) Cad iad na mothúcháin nach bhfuil ann? Cén fáth, meas tú?

OBAIR BHEIRTE   OBAIR GHRÚPA

**GL/AL/SG**

6(a) Léigh an dán cúpla uair ina iomláine.

(i) An raibh rince amháin nó oíche amháin nó samhradh amháin i gceist?

(ii) Cá bhfuil Jack anois, meas tú?

(iii) An dóigh leat gur cuimhin le Jack an file?

(iv) Cad a spreag an file chun an dán a scríobh, meas tú?

## OBAIR AONAIR

(b)

**Aimsigh an focal/ na focail a chiallaíonn:**

(i) An íomhá sa dán is fearr liom ná
_______________________ mar
__________________________________
______________

(ii) An líne is fearr liom sa dán ná ----
________________________ mar
__________________________________
______________

(iii) Is maith liom an dán seo mar ----
____________________________
__________________________________
______________

## OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

7. **FEASACHT TEANGA**

(a) Pioc amach samplaí de dheismireacht chainte sa dán. Cé acu is fearr leat?

(b) Pioc amach leaganacha canúna sa dán. Cad a déarfá féin?

(c) Pioc amach na guíonna sa dán. Cad iad na cinn eile atá agat?

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

## OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

1. Bhí todhchaí Jack leagtha amach dó. Ní raibh todhchaí an fhile. Léigh an chuid eile den agallamh ar an idirlíon le Máire Mhac an tSaoi agus faigh amach cad a rinne sí i rith a saoil.

   Déan an t-eolas a phlé sa rang.

2. **Ceapadóireacht**: Bunaithe ar na téamaí atá clúdaithe.

**GL**

3. (a) *Giota Leanúnach:*

(i) An tsaoire is fearr a bhí agam riamh.

(ii) Mo chéad ghrá

(iii) Duine nach ndéanfaidh mé dearmad air/uirthi.

(b) *Scéal:*

(i) “Bhí sé ard, fionn agus an-dathúil…………nó

(ii) “Bhí sí ard, fionn agus an-álainn…………

(iii) “Ní dhéanfaidh mé dearmad ort, scríobhfaidh mé chugat” a dúirt sé/sí...

(c) Litir:

(i) Is tusa Máire. Scríobh an litir a chuir sí chuig cara léi i mBaile Átha Cliath tar éis oíche an rince.

(ii) Tá tú ar chúrsa samhraidh sa Ghaeltacht. Buaileann tú le buachaill/cailín deas. Scríobh an litir a chuirfeá chuig cara leat sa bhaile.

(d) Comhrá:

(i) Buaileann Máire agus Jack le chéile tar éis níos mó ná caoga bliain.

Scríobh an comhrá a bhí acu.

(ii) Thit tú i ngrá nuair a bhí tú ar saoire. Scríobh an comhrá a bheadh agat le do chara, tar éis filleadh abhaile duit.

**AL**

**Ceapadóireacht**

(e) *Aiste:*

(i) Daoine a chuaigh go mór i bhfeidhm orm.

(ii) Grá

(f) *Scéal:*

(i) An té a bhíonn siúlach bíonn sé scéalach.

(ii) Bíonn dhá leagan ar gach scéal.

(g) *Alt:*

(i) Is iriseoir thú agus iarrtar ort tuairisc a scríobh ar shaoire a chuaigh i bhfeidhm go mór ort. Scríobh an tuairisc sin.

(h) *Díospóireacht*: Scríobh an chaint a dhéanfá, i ndíospóireacht scoile, ar son nó in aghaidh an rúin seo:

(i) "Níl meas ar bith in Éirinn ar an gcultúr Gaelach"

**nó**

(ii) "Tá saol na tuaithe in Éirinn millte"

**Féinmheasúnú**

- Cad iad na rudaí a d'oibrigh/nár oibrigh?
- Cad a d'fhoghlaim na daltaí nach mbeadh foghlamtha ó na téacsleabhair amháin?
- Cad a dhéanfá ar bhealach eile an chéad uair eile?

# GEALT?

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Cúrsaí Sláinte

Fadhb an óil/na ndrugaí

Daoine ar leith

Cearta an duine

### FEIDHMEANNA TEANGA

Cur síos a lorg

Cur síos a thabhairt

Mothúcháin a nochtadh

Tuairimí a nochtadh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

*Téamaí*: Brú/Réalachas?/Daoine ar an imeall

Oíche Nollaig na mBan

Clare sa Spéir

### CULT“R

*Stair na teanga: béaloideas agus seanfhocail*

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

1. (a) Ainmnigh gealt i sraith teilifíse nó i scannán ar bith. (m.sh. *Mr. Bean*) Cén tréithe a bhíonn ag gealt, dar leis an rang? Féach an foclóir thíos:

*Foclóir:*

duine ar a c(h)iall v. duine gan chiall

duine as a m(h)eabhair

fear buile/bean bhuile

baothchaint

seafóideach

óinseach/amadán

**AL/SG**

2(a) Pléigh sa rang céard is brí le gealtachas...

(b) Meall samplaí de ghealtachas ó na daltaí ina dtuairimí féin - an aontaíonn gach duine ar na samplaí a thugtar?

3. Dá mbuailfeá le gealt cad a bhraithfeá? Cad a dhéanfá?

**NOD don mhúinteoir**: níor mhór an **Modh Coinníollach** a bheith déanta sa rang roimh ré.

4. Cén fáth, meas tú, a bhfuil comhartha ceiste sa teideal ag an bhfile?

### OBAIR AONAIR

5. Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas le focal/nath ón liosta thíos:

*Foclóir:*

Teach na nGealt   an chiall   stuama
d(h)earcadh   as an ngnáth;

gan tuiscint   as a meabhair   baothchaint
buile   amadán seafóideach   óinseach

**GC** *Abairtí 1-6*

(i) Is ___________ é an fear a dhéanann rudaí gan smaoineamh.

(ii) Is _____________ í an bhean a dhéanann rudaí gan smaoineamh!

(iii) Duine difriúil ná duine a dhéanann rudaí _________________

(iv) Nuair a bhíonn an t-ól istigh bíonn ____________ amuigh!

(v) Go minic, téann daoine _________________ le buairt nó le brón.

(vi) Ní bhíonn meas ag duine ar rud atá _____________ dar leo.

**AL/SG** *Abairtí 1-12*

(vii) Sna seanlaethanta chuirtí daoine a síleadh go raibh galar meabhrach orthu i d______________________

(viii) Is minic a bhímíd ar fad __________________ ar chás an duine eile.

(ix) Duine __________ ná duine a bhíonn ciallmhar de ghnáth.

(x) Is ionann _____________ agus focail gan chiall.

(xi) Síleann fear na _____ gurb é féin fear na céille.

(xii) Bíonn a _________ féin ag gach duine ar gach rud a thiteann amach.

FEASACHT TEANGA

6. Céard iad na focail/téarmaí nua a d'fhoghlaim tú ó na tascanna réamhléitheoireachta?

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**GL/AL**

1(a) Déan liosta de na carachtair go léir san eachtra.

(b) Conas a chuaigh an ghealt i bhfeidhm ar na carachtair eile sa dán?

(c) Ar iompair na carachtair seo iad féin go ciallmhar dar leat? Mínigh.

### OBAIR AONAIR

**GL/AL**

2(a) Seo liosta de na mothúcháin a bhí ag na daoine éagsúla sa scéal. Ainmnigh an duine/na daoine leis na mothúcháin seo:

| | |
|---|---|
| Bhí faitíos uirthi | Bhí imní orthu |
| Bhí sé faoi bhrú | Bhí iontas air |
| Bhí deifir uirthi | Bhí sé sona sásta leis an saol! |
| Bhí faoiseamh orthu | |

(b) Líon na bearnaí thíos leis an mothú/duine cuí:

(i) Chuir an ghealt ________ ar an máthair.

(ii) Chuir an ghealt ________ ar an bpáiste.

(iii)Chuir an eachtra moill ar an __________.

(iv)Chuir fear an depot glaoch ar ___________.

(v) Chuir an tiománaí brú ar na __________ teacht i gcabhair air.

(vi) Chuir radharc an dochtúra __________ ar an ngealt.

### **GC** OBAIR RANGA **AL/SG** OBAIR AONAIR

3(a) Déan liosta de na fórsaí cosanta/seirbhísí slándála a luaitear sa dán. Cad iad na dualgais a bhíonn ar gach dream acu de ghnáth? An raibh an ceart ag an tiománaí bus glaoch orthu, an dóigh leat?

(b) Tá an dán lán de **ghreann agus áibhéil**. (i) Déan liosta de na línte ina léirítear áibhéil nó ina dtéann daoine **thar fóir ina n-iompar**. (ii) Déan liosta de na línte atá greannmhar mar go dtagann **casadh sa scéal**/nach bhfuilimid ag súil go n-iompóidh an scéal amach mar sin.

(c) An bhfuil iompar aon duine sa dán ciallmhar, dar leat?

(d) Cén fáth a raibh faitíos/imní ar chuile dhuine? Cuir tic leis na freagraí a n-aontaíonn tú leo:

- Mar rinne an ghealt rud mícheart.
- Mar rinne an ghealt rud ait.
- Mar bhí siad i mbaol.
- Mar níor thuig siad meoin na geilte.
- Mar cheap siad go raibh siad i mbaol.

(i) An aontaíonn tú go raibh siad **claonta** ina ndearcadh?

(ii) An raibh aon duine ar an mbus nach raibh claonta?

(e) Friotal simplí laethúil atá sa dán a bhaineann úsáid éifeachtach as athrá ar nathanna agus athruithe beaga greannmhara san athrá a chuireann casadh sa scéal. Déan liosta den athrá agus mínigh cén chaoi a gcuireann sé le dráma an dáin.

(f) Faigh na línte/focail sa dán a léiríonn an chodarsnacht idir:

(i) an baol a cheapann na carachtair eile a bheith ann agus soineantacht na geilte...

(ii) **dearcadh an fhile** agus dearcadh na gcarachtar sa dán

(iii)dearcadh na ndaoine fásta agus dearcadh an pháiste

## FEASACHT TEANGA

**GL/AL**

4. Cumadh an dán seo i bhfoirm eachtra a tharla lá amháin. Déan liosta de na briathra ar fad sa dán atá san **Aimsir Chaite**.

**GL/AL/SG**

5. (a) **Feasacht Teanga**: An **comhartha uaillbhreasa**: comhairigh cé chomh minic is a úsáidtear an comhartha uaillbhreasa sa dán seo. Conas a chuireann na comharthaí uaillbhreasa le hinsint an scéil?
Cad a chuireann siad in iúl?

(b) **Feasacht Teanga** Úsáidtear an **comhartha ceiste** faoi dhó sa dán. Cén cheist atá an file ag cur orainn i ndáiríre?

(c) Focla Béarla sa dán: *briefcase*, *depot*, *bloody*. Cén fáth go n-úsáideann an file Béarla i gcás gach ceann de na focail thuasluaite?

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR BHEIRTE

**GL/AL**

**Tascanna labhartha**

1. Déan cur síos ar **mhothúcháin** na gcarachtar éagsúil sa dán.

### OBAIR GHRúPA

2. Ceapadh gach grúpa dráma gairid bunaithe ar ábhar an dáin, ag glacadh páirteanna na gcarachtar seo a leanas: an ghealt, an tiománaí bus, an mháthair, an páiste, an fear gnó, an bhean choschrosáilte, an fear dóiteáin, an garda, duine de lucht an airm, an dochtúir. Bíodh rud éigin le rá ag gach carachtar acu.

### OBAIR BHEIRTE

**AL/SG**

**Tascanna labhartha**

3. Déan cur síos ar thréithe na gcarachtar éagsúil sa dán. Bain feidhm as an liosta tréithe seo a leanas agus cibé cinn eile atá oiriúnach dar leat:
   - ciallmhar
   - faiteach
   - seafóideach
   - mífhoighdeach
   - imníoch
   - tuisceanach
   - gan tuiscint
   - soineanta
   - praiticiúil
   - ró-údarásach

### OBAIR RANGA

4. An gceapann tú go raibh fear a'bhus ciallmhar sa chaoi inar dheileáil sé leis an ngealt? Cén fáth, dar leat?

5. Dá mba thusa fear a'bhus cad a dhéanfá?
**NOD don mhúinteoir**: níor mhór an **modh coinníollach** a bheith déanta sa rang roimh ré.

6. Cad a cheapann tú faoi **dhearcadh** lucht dóiteáin ar an scéal?

**Tascanna scríofa:**

### OBAIR AONAIR

**GL**

7(a) Is tusa an bhean choschrosáilte sa bhus. Nuair a théann tú abhaile an tráthnóna sin insíonn tú dod' fhear céile faoinar tharla ar an mbus an mhaidin sin. Scríobh amach an comhrá a bhí eadraibh.

(b) Is tusa an páiste ar an mbus. Scríobh amach **liosta deich rud** a bhfuil cosc ort iad a dhéanamh. Tosaigh gach abairt le ceann de na nathanna thíos:
   - Níl cead agam...

- Tá cosc orm...
- Ní ligeann mo mhamaí dom...

**NOD don mhúinteoir**: Níor mhór ceacht a dhéanamh ar na h**ainmneacha briathartha** de na briathra coitianta roimhré. Tá samplaí thíos:

caith - caitheamh

déan - déanamh

féach - féachaint

éist - éisteacht

ith - ithe

ól - ól

abair - rá

téigh - dul

tar - teacht

imir - imirt

**AL/SG**

8(a) Ceap aiste ar an téama: Gealtachas: galar intinne nó ár dtuairimí claonta féin?

(b) **Díospóireacht** ranga: Bíonn **faitíos ar dhaoine roimh dhaoine atá difriúil uathu féin** ar bhealach ar bith.

(c) Is socheolaí tú. Scríobh **alt nuachtáin ar rialacha** agus an gá atá leo nó ar an gcaoi a dtéitear thar fóir leo sa saol i gcoitinne.

(d) **Óráid phoiblí**: Is tusa an tAire Sláinte. Iarrtar ort labhairt ag comhdháil faoi **fhadhb an óil** in Éirinn. An chaint a thabharfá uait ar thionchar an óil ar intinn, iompar agus shláinte an duine.

# FAOISEAMH A GHEOBHADSA

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Tírghrá

Cuimhní

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Aontú agus easaontú

Dúil nó mian a chur in iúl

Moladh a dhéanamh

Mothúcháin a nochtadh agus a aithint

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE:

Bímse Buan Ar Buairt Gach Ló

Úirchill an Chreagáin

Jack

Lá Buí Bealtaine

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

**GL/AL**

**1. Teideal an dáin** *‘Faoiseamh a Gheobhadsa’*.

(a) Scríobh teideal an dáin ‘Faoiseamh a Gheobhadsa’ar an chlár agus ansin scríobh an dá nath seo thíos faoin teideal. Iarr ar na foghlaimeoirí liosta rudaí a scríobh do gach ceann acu.

**Is iad na rudaí a dhéanann daoine chun faoiseamh a fháil ón obair, agus ó thrioblóidí an tsaoil ná…**

**Is iad na rudaí a dhéanaimse chun faoiseamh a fháil ón staidéar agus chun scíth a ligean ná…**

(b) Nuair a bheidh siad críochnaithe, ba cheart dóibh an dá liosta atá acu a phlé leis an duine in aice leo. Ansin, ba cheart duitse cuid de na rudaí a scríobh siad a phlé leis an rang go léir.

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

**AL/SG**

**2. Áit ar leith**

(a) Iarr ar na foghlaimeoirí liosta a dhéanamh d’aidiachtaí a shamhlaíonn siad le cathair agus hoileán. Abair leo gur féidir leo úsáid a bhaint as foclóir mura bhfuil an focal ar eolas acu i nGaeilge.

(b) Nuair a bheidh siad críochnaithe, ba chóir dóibh an dá liosta atá acu a chur i gcomparáid agus a phlé leis an duine in aice leo.

(c) Ansin, déan cuid de na haidiachtaí a scríobh ar an chlár. Cuir ceisteanna ar na mic léinn chun a fháil amach cén fáth ar roghnaigh siad na haidiachtaí sin. Ansin, léigh an dán uair nó dhó agus déan é a phlé leo ag díriú go háirithe ar an chodarsnacht a dhéanann Ó Direáin idir an t-oileán agus an chathair. Déan plé leo ar na rudaí a chuireann isteach ar an fhile faoi shaol na cathrach.

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

**GL/AL**

**Léitheoireacht**

**3. Cúlra an fhile agus ceangal le Stair na Gaeilge**

(a) Scríobh an t-ainm Máirtín Ó Direáin ar an chlár agus abair leis an rang leathanach bán a thógáil amach agus gach fíric atá ar eolas acu faoin scríbhneoir a bhreacadh síos i bpeannaireacht shoiléir.

(b) Ansin, tabhair cóip den sliocht thíos do na foghlaimeoirí agus tabhair timpeall 5 nóiméad dóibh chun é a léamh os íseal. Abair leo gan bacadh le focail/frásaí nach dtuigeann siad ag an phointe seo. Ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh an bhrí a thomhas ón chomhthéacs.

(c) Nuair a bheidh an sliocht léite acu, abair leo breathnú ar an liosta a scríobh siad féin agus aon earráid a bhí ann a cheartú, chomh maith le cúig nó sé phointe thábhachtacha faoi shaol an Direánaigh nach raibh ar eolas acu a bhreacadh síos.

(d) Ansin, ba chóir dóibh na leathanaigh atá acu a mhalartú le duine éigin eile sa rang.

(e) Anois, iarr ar chúpla duine an t-eolas atá ar an leathanach atá acu féin a roinnt leis an rang go léir.

(f) Déanaigí plé ar shaol an Direánaigh, ag díriú go háirithe ar na gnéithe sin a bhfuil tionchar acu ar an dán seo. Mar shampla an t-aistriú cónaí go Baile Átha Cliath.

Máirtín Ó Direáin

Is in Inis Mór, Árainn, sa bhliain 1910, a rugadh Máirtín Ó Direáin, an duine ba shine de cheathrar clainne ag Seán Ó Direáin agus Mairéad Ní Dhireáin. Is cinnte gur chuir bás a athar i 1917 isteach go mór ar Mháirtín. Cé go raibh sé an-cheanúil ar a mháthair is léir gur ghoill easpa a athar go mór air. D'fhág Máirtín an t-oileán chun a bheatha a shaothrú i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1928 agus is le linn a chuid ama ansin a chuaigh sé i mbun pinn don chéad uair, ach is as an phrós agus ní as an fhilíocht a bhain sé triail. Ailt faoin bhéaloideas, saol an oileáin, scríbhneoirí na Gaeilge agus gearrscéalta is mó ar dhírigh sé orthu ag an phointe sin dá shaol. I samhradh na bliana 1937 a d'aistrigh an Direánach go Baile Átha Cliath, áit a raibh post faighte aige mar státseirbhíseach. Is dócha go raibh uaigneas ar Mháirtín nuair a d'fhág sé an t-oileán ar dtús ach bhí cathair na Gaillimhe cóngarach go leor d'Árainn, rud a d'fhág go raibh teacht agus imeacht idir an dá áit i gcónaí. A mhalairt scéil a bhí fíor faoi Bhaile Átha Cliath agus is í an chodarsnacht a bhraith sé idir an dá áit, an t-oileán agus an chathair, a bhí mar ábhar inspioráide aige go minic agus é i mbun pinn. Is é léacht le Tórna ar an fhilíocht a spreag an Direánach le cúl a thabhairt don phrós agus cloí leis an fhilíocht. Foilsíodh an chéad dán leis i 1938 agus ba léir go raibh ceangal na meadrachtaí traidisiúnta curtha i leataobh aige agus a aird dírithe ar rithimí nádúrtha na teanga. D'fhoilsigh sé go leor cnuasach filíochta le linn a shaoil agus pléann cuid mhaith de na dánta le huaisleacht shaol an oileáin. Ba mhinic an saol pobail a bhí ag bunadh an oileáin á chur i gcomparáid leis an saol aonarach, uaigneach a bhíonn ag bunadh cathrach. Is i mBaile Átha Cliath a chaith sé an chuid eile dá shaol agus is ann a cailleadh é i 1988. Dar le léirmheastóirí go raibh sé ar dhuine de mhórfhilí na Nua-Ghaeilge. Tá simplíocht agus áilleacht ag baint lena chuid dánta, a bhaineann le ceann de mhórthéamaí na nualitríochta - is é sin an t-athrú ó shaol an phobail traidisiúnta go dtí saol aonarach dífhréamhaithe an lae inniu.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

**1. Léitheoireacht**

(a) Anois, léigh an dán uair nó dhó don rang. Bheadh sé go maith dá bhféadfaí taifeadadh a fháil den fhile féin á léamh.

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**GL**

**2. An coimriú is fearr**

(a) Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus tabhair cóip den bhileog oibre thíos do gach duine acu.

(b) Nuair a bheidh na ráitis pléite acu, labhair le cuid de na grúpaí chun a dtuairimí a fháil. Ar scríobh aon ghrúpa ráiteas dá gcuid féin?

Léigí an tsraith ráiteas seo a leanas go cúramach. An bhfuil aon cheann acu a chuireann síos go beacht ar ábhair an dáin, dar libh? Mura gceapann sibh go bhfuil, scríobhaigí bhur ráiteas féin sa spás thíos. Beidh oraibh bhur gcinneadh a mhíniú i bhfianaise a bhfuil sa dán.

- An chodarsnacht idir saol an oileáin agus saol na cathrach
- Dearcadh rómánsúil an fhile faoi laethanta a óige
- Léargas leataobhach ar shaol oileáin
- Léiriú ar an easpa cairdis sa chathair
- Cáineadh ar shaol na cathrach
- Léargas ar uaigneas fear oileáin i gcathair

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

**3. Teachtaireacht an dáin**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu abairt nó dhó a scríobh faoi cad atá á rá ag Ó Direáin linn sa dán seo.

(b) Nuair a bheidh sé sin déanta acu, déan na rudaí a scríobh siad a phlé ceann ar cheann leis an rang. Scríobh eochairfhocail/eochairfhrásaí ar an chlár le linn an phlé.

OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**GL/AL**

**4. Ag lorg faoisimh**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus abair leo na ceisteanna seo a leanas a phlé. Abair leo gur chóir go mbeidis réidh chun a dtuairimí a phlé leis an chuid eile den rang.

(b) Cad iad na rudaí a bhfuil an file ag iarraidh faoiseamh a fháil uathu sa dán seo?

*(c) Cén fheidhm atá le hathrá na línte 'Faoiseamh a gheobhadsa, seal beag gairid, i measc mo dhaoine'?*

(d) Cén éifeacht atá ag athrá an fhocail 'ó'sna línte seo?

- chrá chroí
- bhuairt aigne
- uaigneas dhuairc
- chaint ghontach

(e) Cén áit atá i gceist ag an fhile le 'thiar'? Cén tábhacht a bhaineann leis seo?

(f) Cén chaoi a gcuirfeá síos ar fhriotal an dáin? An mbeadh aon cheann de na haidiachtaí seo a leanas oiriúnach?

lom ornáideach tomhaiste
ceolmhar gonta

OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**GL/AL**

**5. Do thuairimse**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus iarr orthu na ceisteanna seo a leanas a phlé sula bpléann tusa iad leis an rang go léir.

(i) Cad iad na rudaí a thaitníonn leat faoin dán?

(ii) An n-éiríonn leis an fhile dul i bhfeidhm ort?

(iii) An bhfuil aon rud sa dán, dar leat, nach bhfuil éifeachtach?

OBAIR AONAIR OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**GL/AL/SG**

**6. Mothúcháin an fhile**

(a) Tabhair cóip den liosta thíos do gach duine de na mic léinn.

(b) Abair leo tic a chur leis na mothúcháin a cheapann siad atá oiriúnach le cur síos a dhéanamh ar an chaoi ar bhraith an file agus é ag cumadh an dáin seo.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| in ísle brí | | Sásta | | scoite amach | |
| feargach | | Cumha | | ar buile | |
| uaigneach | | Cráite | | ar a shuaimhneas | |
| doilíosach | | Maoithneach | | dóchasach | |

(c) Anois, iarr orthu na roghanna a rinne siad a phlé leis an duine in aice leo.

(d) Déan iad a phlé leis an rang go léir. Cad iad na cinn a cheapann siad atá róláidir le cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin an fhile? Cad iad na cinn nach bhfuil oiriúnach in aon chor? Cad iad na cinn is fearr, dar leo? Abair leo tagairt a dhéanamh don dán chun tacú leis na pointí a dhéanann siad.

OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**AL/SG**

**7. Dearcadh rómánsúil?**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus tabhair an bhileog oibre seo do gach duine acu.

(b) Tabhair cúpla nóiméad dóibh leis an cheist a phlé sula ndéanann tú féin í a phlé leis an rang go léir.

(i) Léigh an blúire eolais seo faoi shaol an fhile Máirtín Ó Direáin.

'Tá a fhios againn gur fhág Máirtín Ó Direáin Inis Mór nuair a bhí sé measartha óg. Ní mór an taithí a bhí aige féin ar an chruatan a bhain le saol oileáin. Chaith sé an chuid eile dá shaol ag obair mar státseirbhíseach san ardchathair agus ní thugadh sé ach corrchuairt siar go hÁrainn.'

(ii) I bhfianaise a bhfuil ráite thuas, cén dearcadh atá agat féin agus ag an duine in aice leat maidir leis an ráiteas seo thíos.

Dá bhfanfadh Máirtín ina chónaí ina áit dúchais ní bheadh dearcadh chomh hidéalach aige faoi shaol an oileáin.

OBAIR RANGA

**AL/SG**

**8. Spreagadh don scríbhneoir**

(a) Cuir ceist ar na mic léinn an bhfuil eolas acu ar aon scríbhneoir eile, b'fhéidir ar an chúrsa litríochta Béarla, a d'fhág a (h)áit dúchais agus a fuair spreagadh le dul i mbun na scríbhneoireacht in áit eile. Mar shampla Synge – d'fhág seisean Páras agus chuaigh go hÁrainn áit a ndeachaigh sé i mbun pinn.

(b) Cuir ceist orthu an bhfuil aon eolas acu ar Kavanagh. D'fhág seisean contae Mhuineacháin le dul go Baile Átha Cliath agus dúirt sé *"I have always regretted going to Dublin. I had lost something which I could never regain from books."*

(c) Cad a cheapann siad faoi Ó Direáin, a bhí ar deoraíocht óna oileán dúchais? An gceapann siad go mbeadh ábhar scríbhneoireachta aige dá bhfanfadh sé ar an oileán? An dóigh leo go léiríonn sé dearcadh ró-rómánsúil faoi shaol an oileáin sa dán áirithe seo?

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR RANGA

**GL/AL**

**1. Airím uaim**

(a) Is léir go n-airíonn an file uaidh a áit dúchais sa dán seo agus go bhfuil uaigneas air. Cuir ceist ar na foghlaimeoirí ar chaith siad féin aon am as baile riamh, mar shampla, ar fhreastail siad ar choláiste samhraidh in aon am? An raibh uaigneas orthu? An raibh aon chara ina gcuideachta? Ar mhaolaigh an t-uaigneas le himeacht aimsire? Cén fáth ar tharla sé sin, dar leo?

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

2. Áit chónaithe

(a) Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu na ceisteanna seo a leanas a phlé sula ndéanann tusa iad a phlé leis an rang go léir.

(i) Ar thug tú féin riamh cuairt ar aon cheann de na hOileáin Árann nó ar aon oileán in Éirinn nó thar lear?

(ii) Cad iad na príomhdhifríochtaí a bhí idir saol an oileáin agus an saol ar tír mhór?

(iii) Cad iad na rudaí a thaitin leat faoin áit?

(iv) An bhfuil aon rud a chuirfeadh isteach ort dá mbeifeá i do chónaí ansin go fadtéarmach?

OBAIR RANGA

**SG**

**Léitheoireacht**

**3. Feamainn Bhealtaine**

(a) Déan cóip de roinnt leathanach as tús an leabhair *Feamainn Bhealtaine* ina ndéanann Ó Direáin cur síos ar a óige ar an oileán.

(b) Iarr orthu na leathanaigh a léamh mar obair bhaile.

(c) Déan plé leis an rang ar an chur síos a thugtar ar shaol an oileáin sa leabhar. An bhfuil sé ag teacht

leis an léiriú a thugtar dúinn sa dán 'Faoiseamh a Gheobhadsa'?

OBAIR RANGA

**GL/AL**

**Léitheoireacht**

**Ceangail le hábhair eile**: stair, tíreolaíocht

**4. Inis Mór**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr agus abair leo labhairt faoin eolas atá acu cheana féin ar na gnéithe seo d'Inis Mór.

- daonra an oileáin
- córas taistil chun an oileáin
- na rudaí a mheallann turasóirí ann

(b) Ansin iarr ar na mic léinn dul go dtí an t-alt faoi Inis Mór atá le fáil ar an iris idirlín Beo! Ag http://www.beo.ie/2003-03/an_ghaeltacht.asp

(c) Iarr orthu an t-alt, atá scríofa ag duine de bhunadh ná háite, a léamh. Cén t-eolas atá ann faoi na ceisteanna thuas nach raibh a fhios acu sular léigh siad an t-alt? Mura raibh siad féin ar an oileán cheana, an mbeadh fonn orthu cuairt a thabhairt air tar éis dóibh an t-alt seo a léamh? Cad iad na hathruithe a mheasann siad atá tagtha ar an oileán ó laethanta óige an Direánaigh?

**AL/SG**

**Cleachtadh scríbhneoireachta**

**5. Ag cur le chéile bróisiúir**

(a) Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus abair leo dul go dtí http://www.12travel.com/ie/West/Inishmore.html agus an t-eolas a thugtar faoi Inis Mór a léamh.

(b) Ansin, caithfidh siad bróisiúr beag Gaeilge a chur ar fáil chun cuairteoirí a mhealladh chun an oileáin.

(c) Ba cheart dóibh na tascanna a roinnt: duine amháin ag bailiú eolais agus ag scríobh faoi thaisteal chun an oileáin, duine eile ag plé le cúrsaí lóistín, duine eile ag tagairt do na caithimh aimsire ar an oileán agus araile.

(d) Má cheapann tú go bhfuil cabhair ag teastáil uathu is féidir leat samplaí de na bileoga Gaeilge atá ar shuíomh gréasáin Gaelsaoire a chur ar fáil dóibh. Féach: http://www.gaelsaoire.ie/asp/gaeltachtai.asp?language=gaeilge

(e) Feic – 'An Charraig Stoite', scannán a rinne TG4 mar gheall ar shaol agus ar shaothar Mháirtín Uí Dhireáin.

# N L AON N

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

| | |
|---|---|
| Áit Chónaithe: | an tuath agus an chathair |
| Cairdeas: | |
| An Ghaeilge: | an Ghaeltacht |
| Fadhbanna an Duine Óig: | cúrsaí grá |
| An Timpeallacht: | an timpeallacht áitiúil |

### FEIDHMEANNA TEANGA

Cuireadh a thabhairt/a dhiúltiú

Cur síos a thabhairt

Seasamh a thógáil/taobh a ghlacadh

Tuairimí a nochtadh

Aontú agus easaontú

Dúil nó mian a chur in iúl

Moladh a dhéanamh

Mothúcháin a nochtadh agus a aithint

Comhairle a lorg/a thabhairt

Grá a chur in iúl

Easpa tuisceana a chur in iúl

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Faoiseamh a Gheabhadsa (grá d'áit dhúchais)

Jack

An tOileán

Dá mB'Fhéidir Arís Dár gCumann

An Mháthair

Dán do Mhelissa

Clare sa Spéir

Cathal Ó Searcaigh

Logainmneacha

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

1(a) **Éist** le liricí *The Hills of Donegal* (nó amhrán ar bith ina bhfuil cur síos ar cheantar tuaithe.)

Tugann gach grúpa cuntas ar na liricí.

(i) Cén sort áite atá i gceist san amhrán?

(ii) Cad iad na tréithe a bhaineann leis an áit?

(iii) Cad iad mothúcháin an té a chum i leith na háite seo?

(b) Ansin éist le liricí I remember that summer in Dublin le Bagatelle, nó The Town I Loved so Well (nó amhrán ar bith ina bhfuil cur síos ar cheantar cathrach )

(i) Cén sórt áite atá i gceist san amhrán seo?

(ii) Cad iad na tréithe a bhaineann leis an áit?

(iii) Cad iad mothúcháin an té a chum i leith na háite seo?

(iv) Cad iad na difríochtaí idir an dá áit?

(v) An mbeadh an chéad amhránaí sona sa dara áit, an dóigh leat?

**Tasc Labhartha**

2. (a) Déan cur síos ar d'áit chónaithe/d'áit dhúchais féin.

(i) An bhfuil amhrán ar bith a bhaineann leis an áit sin?

## OBAIR AONAIR

3. (a)

(i) An áit is áille ná

______________________________

(ii) An radharc is aoibhne ná

______________________________

(iii) An fhuaim is deise ná

______________________________

(iv) An ní is suaimhní ná

______________________________

(v) Áit nach maith liom ná

______________________________

(vi) Radharc nach maith liom ná

______________________________

(vii) Fuaim nach maith liom ná

______________________________

(b) Déan comparáid mhalartach ar na freagraí.

"Is fearr liomsa __________ ná ______________ mar ____________________"

## OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

4. Scríobh **Cathal Ó Searcaigh** an dán seo faoin áit is fearr leis.

(i) Cad a bheidh sa dán?

(ii) Beidh cur síos ar

______________________________

(iii) Molfaidh sé

______________________________

(iv) Beidh na mothúcháin seo sa dán

______________________________

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

**GL/AL/SG**

1(a) Léigh an dán cúpla uair.

(b) Pioc amach na focail / línte a thuig tú.

(c) Léigh an dán arís.

*Ní thuigim cad is brí le…*

*Cad a chiallaíonn ………..*

*Níl mé cinnte faoi cad is brí le …………..*

Soléirigh na rudaí seo.

**Tasc Labhartha**

2(a) Cé leis a bhfuil Cathal ag caint sa dán?

(b) Cad iad na háiteanna i nDún na nGall a luann sé? Má tá léarscáil Gaeilge sa scoil, aimsigh ar an léarscáil iad. Cén sórt áiteanna iad?

(c) Cén áit eile a luaitear sa dán? Cén sórt áite í sin?

## OBAIR AONAIR

3. Líon isteach an cárta seo, a líon tú isteach duit féin níos luaithe, do Chathal.

(i) An áit is áille ná

______________________________

(ii) An radharc is aoibhne ná --

______________________________

(iii) An fhuaim is deise ná

______________________________

(iv) An ní is suaimhní ná

______________________________

srl

Ansin líon isteach do chara Chathail é.

**Tasc Labhartha**

4(a) Cad a thaitníonn le Cathal faoi Dhún na nGall?

(b) Cad nach maith leis faoi Bhaile Átha Cliath?

(c) Cad í an chodarsnacht/na difríochtaí is mó idir an dá áit?

(d) Cén cuireadh a thugann Cathal dá chara?

(e) Cad a gheallann sé dá leannán?

(f) Cén freagra a thugann a leannán dó?

OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRÚPA

5(a) Tá fadhb idir Cathal agus a leannán. Cén focal sa dán a chuireann an fhadhb sin in iúl?

(b) Cad í an fhadhb?

(c) An bhfuil siad ábalta teacht ar chomhréiteach?

(d) Féach ar an bhfocal "dá " sa dán. Cad a chuireann sé in iúl, seachas "má"?

(e) Cé acu is láidre – grá Chathail dá áit dhúchais nó a ghrá dá leannán?

(f) An bhfuil trua agat do Chathal? ……….dá leannán?

Déan na freagraí a phlé sa rang.

6(a) Éist le Cathal Ó Searcaigh ag léamh an dáin é féin ar dhlúthdhiosca m.sh. :

*Ag Tnúth leis an tSolas* Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta )

(b) Cad a chuireann a ghuth féin leis an dán? Ceol, draíocht, nó…………………..

(c) Nuair a éisteann tú leis an dán cad iad na pictiúirí a fheiceann tú? Cad iad na dathanna a fheiceann tú? Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú?

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR GHRÚPA

**GL**

1(a) Déan na híomhánna atá sa dán a tharraingt/a phéinteáil nó déan collage le cártaí poist , grianghraif srl. Scríobh na línte cuí as an dán air. Croch suas sa seomra ranga é.

(b) Cén chuid den phictiúir is fearr leat? Cén fáth?

OBAIR GHRÚPA

**AL/SG**

2(a) Déan amach liosta de na híomhánna sa dán. Cad é an ceann is deise, dar libh?

(b) Cad é an líne is allabhraí sa dán, dar libh?

(c) Cén sórt atmaisféir a chruthaíonn an file sa dán? Conas a dhéanann sé é sin?

(d) Cén sórt ceoil a bheadh oiriúnach don dán seo?

OBAIR AONAIR

**GL/AL/SG**

3.

(i) Thaitin an dán seo liom mar
____________________________________

(ii) An rud is mó a thaitin liom faoi ná
____________________________________

(iii) An mothúcháin is láidre sa dán seo ná
____________________________________

(iv) Na mothúcháin a mhúscail an dán seo ionam féin ná____________________________________

## OBAIR GHRÚPA

**AL/SG**

4(a) Féach ar na logainmneacha sa dán . Aimsigh an chiall a bhaineann leo.

(b) Déan staidéar ar na logainmneacha i do cheantar féin. Cad atá le foghlaim faoin áit uathu.

## OBAIR BHEIRTE

**SG**

5(a) Aimsigh eolas ar an idirlíon ar "haiku" na Seapáine.

(b) An raibh aon tionchar ag an bhfoirm sin ar an dán seo, an dóigh leat?

6. **Ceapadóireacht -** bunaithe ar na téamaí atá clúdaithe.

**GL**

(a) **Giota Leanúnach:**

(i) M'áit chónaithe féin.

(ii) An áit is fearr liom in Éirinn.

(iii) Na buntáistí a bhaineann le saol na tuaithe.

(iv) Na buntáistí a bhaineann le saol na cathrach.

(b) **Scéal:**

(i) "Ní raibh mé ag tnúth le mí a chaitheamh i nDún na nGall…..

(ii) "Ní raibh mé ag tnúth le mí a chaitheamh sa chathair ………..."

(iii) "Bhí sceitimíní an domhain orm. Bhí mé ar mo bhealach go…."

(c) **Litir:**

(i) Is tusa leannán Chathail. Scríobh an litir a chuirfeá chuig Penni na bPian ar Leathanach na bhFadhbanna i Foinse, ag lorg comhairle.

(ii) Is tusa Penni. Scríobh an freagra a chuirfeá chuig leannán Chathail.

(d) **Comhrá:**

(i) Is breá leatsa do cheantar ach is fuath le do chara é. Scríobh an comhrá a bheadh eadraibh faoin scéal.

(ii) Tá tú ar ais sa bhaile tar éis saoire a chaitheamh áit éigin in Éirinn. Buaileann tú le do chara. Scríobh an comhrá a bheadh eadraibh.

**AL**

(e) **Aiste:**

(i) Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

(ii) Ceileann searc ainimh is locht.

(f) **Scéal:**

(i) Croí briste.

(ii) Bíonn dhá leagan ar gach scéal

(g) **Alt Nuachtáin:**

(i) Áit a chuaigh i bhfeidhm go mór orm.

(h) **Díospóireacht:**

(i) "Tá an cheart ag an Rialtas dul ar aghaidh le dílárnú"

(ii) "Is maith an smaoineamh an cleamhnas"

**GL**

(i) **Tionscnamh**
(a chabhróidh mar ullmhú don scrúdú cainte)

(i) Cuir collage le chéile ar d'áit chónaithe féin – úsáid cártaí poist, griangrafanna, ailt as nuachtán áitiúil srl. Ansin cuir i latháir don rang é.

(ii) Cuir collage le chéile ar "Na rudaí is fearr liom sa saol" - ceol, bia, caithimh aimsire, ábhair scoile srl. Úsáid pictiúirí, griangrafanna, ….srl.
Cuir i láthair don rang é nuair a bhíonn sé críochnaithe.

## FÉINMHEAS"N"

- Cad a spreag na daltaí? Cad nár spreag iad?

- Cad a d'fhoghlaim siad nach mbeadh foghlamtha ó na téacsleabhair?

# MO GHILE MEAR/B MSE BUAN AR BUAIRT GACH LŒ

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS:

### TOPAIC

Cúrsaí Náisiúnta

Fadhbanna tire

Cúrsaí Córa

Daoine Ar Leith

Cearta an duine

Cearta daonna

Litríocht na Gaeilge

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Réiteach a thairiscint

Mothúcháin a nochtadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Cur síos a dhéanamh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

An Aisling

Úirchill An Chreagáin

### CULT“R

Amhrán Gaelach

Litríocht an éadochais

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**GL/AL**

1. (a) Laochra

(i) Cé iad na laochra atá agat féin/atá mór le rá in Éirinn faoi láthair?

(ii) Cén fáth?

(iii)Cad iad na tréithe is mó a bhíonn acu?

(iv) Conas a chabhraíonn said le daoine/tíortha?

(b) Déantar comparáid mhalartach idir na freagraí ó na grúpaí éagsúla.

### OBAIR GHRúPA

**GL**

(c) (i) Cé iad na laochra staire atá agat féin?

(ii) Cén fáth?

(iii) Cad iad na tréithe is mó a bhí acu?

(iv) Conas a chabhraígh said le daoine/tíortha?

(d) Déantar comparáid mhalartach idir na freagraí ó na grúpaí éagsúla.

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

(e) (i) Scrúdaigh na cúiseanna le laochadhradh

(ii) Cad a thuilleann laochadhradh?

(iii) Cé hiad laochra móra na staire, dar leat/libh? Cén fáth

(iv) Pléigh laochra comhaimseartha polaitiúla

### OBAIR AONAIR

**GL/AL**

2. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

### FEASACHT TEANGA

**Tasc labhartha**

(i) Is maith liom laochra mar
……………………………………………………

(ii) Cuireann……………………….fearg orm

(iii) Cuireann ……………………….brón orm

(iv) Bíonn daoine ag fulaingt nuair
…………………………………………………

(v) Bíonn tír agus daonra ag fulaingt nuair
…………………………………………

(vi) Nuair a bhíonn daoine ag fulaingt ní bhíonn siad ábalta …………

3(a) Déantar comparáid idir na leaganacha éagsúla i ngrúpaí.

(b) Céard iad na focail nua a d'fhoghlaim tú?

(c) Conas a d'fhoghlaim tú iad?

---

OBAIR GHRúPA

---

**GL/AL/SG**

4. Iarr orthu eolas a fháil ar Nelson Mandela ar an Idirlíon.

(a) Feic m.sh

http://www.anc.org.za/people/mandela

**nó**

www.time.com/time/time100/leaders/profile/mandela

**Tasc labhartha**

(b) Cad tá suimiúil duit san eolas seo?

---

OBAIR GHRúPA

---

**GL/AL/SG**

5(a) Éist le liricí Mandela Dolores Keane/Cry of Freedom/Bico Drum ag Christy Moore.

(b) Tugann gach grúpa cuntas ar na liricí.

(c) Cuireann siad síos i ngrúpaí ar na mothúcháin atá sna liricí sin / sa cheol.

(d) Iarrtar orthu na mothúcháin atá sa cheol a tharraingt.

---

OBAIR GHRúPA

---

**GL/AL/SG**

6(a) Éist le liricí a roghnaíonn siad féin ina bhfuil cur síos ar laochra.

(b) Tugann gach grúpa cuntas ar na liricí.

(c) Cuireann siad síos i ngrúpaí ar na mothúcháin atá sna liricí sin/sa cheol.

(d) Iarrtar orthu na mothúcháin atá sa cheol a tharraingt.

---

OBAIR RANGA

---

**GL/AL/SG**

7(a) Sa dán seo, tá an file agus an tír faoi bhrón mar tá an laoch a bhí acu imithe.

(b) Samhlaigh na rudaí/na pictiúir/na focail a bheidh sa dán.

**GL**

8. Seo liosta de fhocail agus de théarmaí thíos:
Tá cuid de na téarmaí seo a bhaineann le brón, cad iad ?

- Tá gliondar croí ar an bhfile
- Tá an tír faoi ghruaim
- Tá gach rud go breá
- Tá an file ag caoineadh gan stad
- Níl cúram dá laghad ar an tír
- Tá na héin ag cantain go meidhreach
- Tá cuma dhubhach ar an ngealach
- Tá stoirm mhór ag bagairt
- Tá sceon is sceimhle le mothú gach áit
- Tá gach duine suairc
- Tá gach duine duairc
- Tá na fir óga ag imirt spóirt go croíúil

*Nóta:* Iarr ar ghrúpaí áirithe gluais a ullmhú do na véarsaí éagsúla.

FEASACHT TEANGA

9. Cuir treoir ar fáil maidir le gluais a ullmhú agus maidir le foclóir a úsáid.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

1(a) Éist le véarsa a haon á chanadh (Leagan Sting/ Cór Chúl Aodha).

(b) Pioc amach focail a thuig tú.

(c) Anois éist le véarsa a haon agus féach ar na liricí (bíodh gluais acu).

**Léitheoireacht le chéile**

2. Bíodh abairtí mar seo ar eolas agus á rá acu agus iad ag léamh na véarsaí le cabhair na gluaise nó an fhoclóra.

*Ní thuigim cad is brí le*

*Cad a chiallaíonn*

*Níl a fhios agam cad a chiallaíonn*

*Is dóigh liom go gciallaíonn sé….ach nílm cinnte*

*Caithfidh go gciallaíonn sé*

*Féachaimis ar an ngluais/ bhfoclóir………*

### OBAIR GHRúPA

**GL/SG**

3(a) Tar éis dóibh an chéad véarsa a léamh, iarrtar orthu na cúiseanna a bhfuil an file trí chéile a thuar.

(b) Ansin tabhair leagan de chúlra an dáin le léamh (ón leabhar) agus déantar comparáid idir na leaganacha a bhí acu féin agus an leagan ceart.

(c) Canann said an chéad véarsa agus an curfá.

### OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

4. Piocann said liricí a bhaineann le daoirse agus fulaingt. Tugtar cead dóibh cuid den amhrán a chur ar dhlúthdhiosca agus ar chaiséad agus tugtar cuntas ar na liricí.

### OBAIR GHRúPA

5. Éistear leis an bhfonn arís- cad iad na mothúcháin a chuirtear in iúl tríd an gceol

Déantar comparáid idir na leaganacha.

### OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

6. Samhlaigh gur mhair tú le linn an ama sin, déan cur síos ar an tír/ar do chuid mothúchán/ar do chairde srl.

### OBAIR GHRúPA

**GL/AL/SG**

7. Abair go bhfuil cara an fhile ag caint faoi. Cad a deir sé faoi? Samhlaigh an comhrá.

### OBAIR AONAIR

8. Anois léigh **véarsaí 3, 4** agus **5**

Cén líne sna véarsaí sin a deir linn (can an líne más féidir):

- Níl an chuach ag déanamh ceoil
- Tá na mná óga faoi bhrón
- Tá cuma bhrónach ar an ngealach
- Níor éirigh an ghrian mar tá an laoch imithe
- Níl aon sport á imirt ag na laochra

**GL/AL**

9. Samhlaigh an tírdreach.

(a) Cad iad na dathanna a fheiceann tú?

(b) Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú?

(c) Conas atá a fhios ag an gcuach go bhfuil an laoch imithe?

OBAIR GHRUPA

**GL/AL/SG**

10. Ceap íomhanna do:

Éire anois faoi bhláth        Éire shuaite chorraithe

**SG**

11(a) Dá n-iarrfaí ort scannán a bhunú ar véarsaí 2-3 agus 4.

(b) Cad a bheadh le feiscint?

(c) Conas a chuirfear na claochlaithe in iúl?

(d) Cén ceol a d'úsáidfeá?

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR GHRúPA

1(a) Cad í an íomhá is brónaí sa dán? Cén fáth?

(b) Déan na freagraí a chur i gcomparáid le chéile.

(c) Cad í an íomhá is mó a gcuimhneoidh tú uirthi sa dán? Cén fáth?

(d) Déan na freagraí a chur i gcomparáid le chéile.

(i) Cuimneoidh mé ar…………………………………………………..

(ii) An líne is allabhraí ná…………………………

(iii) Cad í bunionsparáid an dáin?

(iv) Conas a mhothaigh an file tar éis dó an dán a chumadh, dar leat

(v) Cad déarfá leis anois faoin dán?

(vi) Cén mhaith a bhí sa dán má bhí an laoch imithe

OBAIR AONAIR   OBAIR GHRúPA

**GL**

2. Picture 1 -1 Person agus comparáid mhalartach i ngrúpaí

(i) An chuid de dán is mó a thaitin liom ná . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

(ii) An íomhá is suntasaí sa dán ná . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

(iii) Na mothúcháin a spreag an gearrscéal ionam ná . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .

**FÉINMHEASÚNÚ**

- Le líonadh ag an múinteoir:
- Cad iad na tascanna is mó a spreag foghlaimeoirí?
- Ar léirigh siad taitneamh i mbun na dtascanna/ag léamh an dáin?
- Cad a dhéanfá ar shlí éagsúil an chéad uair eile agus tú ag teagasc an tsaothair seo?

# Dánta

## don ardleibé amháin

**Níl ach Ardleibhéal nó Scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge i gceist anseo**

# AN tOILE«N

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Gnéithe den ghrá agus den chairdeas

An dúlra

### FEIDHMEANNA TEANGA

Cur síos a dhéanamh

Mothúcháin a nochtadh

Tuairmí a nochtadh

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

Is féidir (1) nó (2) a dhéanamh anseo.

OBAIR RANGA OBAIR BHEIRTE

**AL/SG**

1. **Seanfhocail**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus tabhair an bhileog oibre seo thíos dóibh.

Féach an seanfhocal Béarla seo thíos:

*No man is an island*

(i) Cén chiall atá leis an seanfhocal sin, dar libh?

(ii) Cén fáth a luaitear 'oileán'?

(iii) Cén téarma is fearr a chuireann síos ar úsáid an fhocail 'island'sa seanfhocal sin?

- meafar
- samhail
- parabal

Cén fáth atá agat leis an rogha sin?

(iv) An féidir leat smaoineamh ar sheanfhocal Gaeilge atá gar go leor don seanfhocal Béarla ó thaobh céille de?

(b) Nuair a bheidh na ceisteanna pléite ag na foghlaimeoirí, déan iad a phlé leis an rang go léir. Is é an seanfhocal 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'atá i gceist i gcuid (iv) thuas.

OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**AL/SG**

2. An t-amhrán I am an Island

(a) Abair leis na foghlaimeoirí go bhfuil siad chun éisteacht leis an amhrán I am an Island. Cuir ceist orthu an bhfuil aon eolas acu faoin amhrán. An bhfuil a fhios acu cé a cheol an t-amhrán seo?

(b) Cuir ag obair ina mbeirteanna iad agus tabhair cóip de liricí an amhráin dóibh.

A winter's day
In a deep and dark December;
I am alone,
Gazing from my window to the streets below
On a freshly fallen silent shroud of snow.
I am a rock,
I am an island.
I've built walls,
A fortress deep and mighty,
That none may penetrate.
I have no need of friendship; friendship causes pain.
It's laughter and it's loving I disdain.
I am a rock,
I am an island.

Don't talk of love,
But I've heard the words before;
It's sleeping in my memory.
I won't disturb the slumber of feelings that have died.
If I never loved I never would have cried.
I am a rock,
I am an island.

I have my books
And my poetry to protect me;
I am shielded in my armor,
Hiding in my room, safe within my womb.
I touch no one and no one touches me.
I am a rock,
I am an island.

And a rock feels no pain;
And an island never cries.

(c) Déan iarracht an t-amhrán a chur ar siúl dóibh chomh maith. Is iad Simon agus Garfunkel a cheol an t-amhrán seo ar dtús. Tabhair an bhileog oibre seo thíos do na mic léinn.

Léigh na liricí agus/nó éist leis an amhrán *'I am an Island'*. Ansin, pléigh na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat.

(i) Cad é atá i gceist ag an amhránaí nuair a deir sé gurb 'oileán'é?

(ii) Cén fáth ar mian leis an amhránaí a bheith ina 'oileán'?

(iii) An measann sibh gur féidir le duine é/í féin a scaradh amach ó dhaoine eile mar sin? Cén fáth?

Meafar: **Focal a bhfuil gnáthchiall aige ach go bhfuil sé ag seasamh do rud eile.**

(iv) Meafar a bhí in íomhá an oileáin san amhrán. Sa dán a léifidh sibh ar ball, baintear úsáid as oileán mar mheafar chomh maith. Cad iad na fáthanna a mbaineann scríbhneoirí úsáid as an mheafar áirithe seo, dar libh?

## OBAIR GHRúPA

**AL/SG**

**3. Cén chiall atá leis?**

(a) Roinn na foghlaimeoirí i ngrúpaí de thriúr. Tabhair an bhileog oibre thíos do gach grúpa agus mínigh dóibh go gcaithfidh siad an sainmhíniú is fearr a chuireann síos ar gach focal a roghnú ón liosta. Níl cead acu na foclóirí a úsáid go fóill.

(b) Nuair a bheidhsiad críochnaithe - ná déan an ghníomhaíocht a phlé leo ag an phointe seo ach téigh ar aghaidh chuig an chéad ghníomhaíocht eile thíos.

*Cé acu sainmhíniú is fearr a oireann do na focail seo thíos?*

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Cailleach dhubh: | éan mara | ❑ |
| | | brón, briseadh croí | ❑ |
| | | bean rialta | ❑ |
| (ii) | Lamaire: | tonn mhór | ❑ |
| | | sruth láidir san fharraige | ❑ |
| | | áit a dtagann bád i dtír | ❑ |
| (iii) | Drantán: | torann | ❑ |
| | | draíocht | ❑ |
| | | bád beag | ❑ |
| (iv) | Suan: | faoiseamh | ❑ |
| | | codladh | ❑ |
| | | síocháin | ❑ |
| (v) | Ithir: | cré | ❑ |
| | | torthaí | ❑ |
| | | bia | ❑ |
| (vi) | Líonmhaireacht: | iomláine | ❑ |
| | | mórchuid | ❑ |
| | | éagsúlacht | ❑ |
| (vii) | Roc: | créacht nó cneá ar chraiceann duine | ❑ |
| | | spota ar chraiceann duine | ❑ |
| | | líne nó filleadh i gcraiceann duine | ❑ |
| (viii) | Taisligh: | cuir i dtaisce | ❑ |
| | | tarlaigh de thaisme | ❑ |
| | | déan fliuch nó tais | ❑ |
| (ix) | Céaslaigh: | tabhair drochíde do dhuine | ❑ |
| | | tiomáin bád chun cinn | ❑ |
| | | deán gearán | ❑ |
| (x) | Beathú: | leanbh a bhreith, a thabhairt chun an tsaoil | ❑ |
| | | bia a thabhairt do dhuine | ❑ |
| | | duine a shábháil ón bhás | ❑ |

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR OBAIR GHRÚPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

**1. Ag léamh agus ag plé an dáin**

(a) Déan cinnte go bhfuil cóip den dán ag gach duine de na foghlaimeoirí agus déan an dán iomlán a léamh os ard dóibh. Ansin, tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimeoirí leis an dán a léamh os íseal iad féin.

(b) Anois, cuir na foghlaimeoirí ar ais sna grúpaí a bhí ann le linn na gníomhaíochta faoi fhoclóir an dáin. Ba cheart dóibh an dán a léamh arís ag smaoineamh faoi chiall na bhfocal a raibh siad ag plé leo ar ball. I bhfianaise a bhfuil sa dán, an bhfuil siad sásta leis na roghanna a rinne siad nó ar mhaith leo aon cheann a athrú?

(c) Déan na focail go léir a phlé leis an rang. An bhfuil focail ar leith ann, dar leo, a úsáidtear go héifeachtach i gcomhthéacs an dáin?

OBAIR GHRÚPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

2. An chéad dá véarsa

(a) Léigh an chéad véarsa den dán arís. Déan cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí brí na bhfocal go léir.

(b) Cuir na foghlaimeoirí i ngrúpaí agus tabhair am dóibh leis na pointí seo thíos a phlé sula ndéanann tusa iad a phlé leis an rang go léir.

Pioc amach na híomhánna sa chéad véarsa a bhaineann le torthúlacht agus le rúndiamhaireacht agus fiántas an oileáin.

Cén chaoi a léirítear an t-oileán sa dara véarsa; an bhfuil sé mar an gcéanna leis na híomhánna a chuirtear os ár gcomhair sa chéad véarsa?

Dá mbeifeá le pictiúr a phéinteáil den oileán faoi mar atá léirithe sa dá véarsa seo, cad iad na rudaí a bheadh le feiceáil ann agus cad iad na dathanna a mbainfeá úsáid astu? An mbeadh ort dhá phictiúr éagsúla a dhéanamh – ceann do gach véarsa?

Cad iad na mothúcháin is láidre a bhraitheann tú sa dá véarsa seo? An measann tú go bhfuil an file ar a suaimhneas?

OBAIR AONAIR OBAIR GHRÚPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

**3. An dá véarsa dheireanacha**

(a) Tabhair tamall do na foghlaimeoirí chun na véarsaí seo a léamh ar a suaimhneas arís. Bíodh plé agaibh faoi aon fhocal nó aon fhrása nach dtuigeann siad.

(b) Ansin, i ngrúpaí, iarr orthu a machnamh a dhéanamh faoi na pointí seo a leanas.

(c) Nuair a bheidh siad críochnaithe, déan na ceisteanna a phlé leis an rang go léir.

(i) An dea-thionchar nó drochthionchar a bhíonn ag an oileán ar an fhile sa tríú véarsa? Cén chaoi a léirítear é seo?

(ii) Tá cuireadh á thabhairt ag an fhile do dhuine éigin. Cé hé sin, dar libh?

(iii) Baineann an file úsáid as an mhodh ordaitheach sa véarsa deireanach:

(iv) ‘Tar agus taisligh…’ ‘Céaslaigh…’

(v) An bhfuil aon éifeacht aige seo, meas sibh?

(vi) Cén chaoi a n-éiríonn leis an fhile paisean an ghrá a léiriú dúinn sa véarsa deireanach? An bhfuil sé éifeachtach, dar libh?

OBAIR AONAIR OBAIR RANGA

**AL/SG**

4. Teanga na filíochta

(a) Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimeoirí lena machnamh a dhéanamh ar an ráiteas seo:

**Ní hionann teanga an fhile agus teanga an scríbhneora próis.**

(b) Anois, abair leo go bhfuil cúpla nóiméad acu féin chun leagan simplí próis a scríobh den dara véarsa den dán.

(c) Nuair a bheidh siad críochnaithe, déan plé leo ar na leaganacha a d'úsáid cuid acu in ionad na bhfocal agus na bhfrásaí seo a leanas sa dán:

ainmhí dhoicheallaigh
a mhúscáilteacht
a dhrantán
oícheanta muirbhuailte
suan

(d) Cuir i gcás go n-úsáidfeadh an file teanga atá níos cosúla le prós, cén tionchar a bheadh aige sin ar an dán?

(e) Iarr orthu breathnú ar an dán iomlán arís. Cad iad na híomhánna, na meafair, nó na frásaí eile a chuireann le héifeacht an dáin, dar leo?

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**AL/SG**

**5. Meafar an oileáin**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí agus abair leo na pointí seo thíos a phlé sula ndéanann tusa iad a phlé leis an rang go léir.

(b) An measann sibh gurb áit fhírinneach nó áit shamhlaíoch é an t-oileán a ndéanann an file tagairt dó i rith an dáin?

(c) An bhfeiceann sibh aon chosúlachtaí idir ábhar an dáin agus an t-amhrán 'I am an Island' a pléadh níos luaithe?

OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**AL**

**6. Ábhar an dáin**

(a) Cuir an rang ag obair i ngrúpaí agus tabhair an bhileog oibre thíos dóibh.

Agus sibh ag cur síos ar an dán seo, an mbainfeadh sibh úsáid as aon cheann de na focail seo a leanas? Cén fáth?

| | | |
|---|---|---|
| UAIGNEAS | AN NÁDÚR | AONARACHT |
| GRÁ | CAIRDEAS | FAOISEAMH |
| | PRÍOBHÁIDEACHT | |

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR OBAIR BHEIRTE OBAIR RANGA

**AL/SG**

1. Anailís ar an dán

(a) Abair leis na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo thíos sula ndéanann siad iad a phlé leis an duine in aice leo.

(i) Cén íomhá sa dán is mó a chuaigh i bhfeidhm ort?

(ii) Cén dearcadh a bhí agat maidir leis an chás a raibh an file ann?

(iii) An gcríochnaíonn an dán go suairc nó go duairc, dar leat?

(b) Anois, déan na ceisteanna thuas a phlé leis an rang go léir. Déan iarracht díospóireacht a chur ar súil. **Cuir i gcuimhne dóibh gur minic nach mbíonn aon fhreagra 'ceart'ann nuair a bhímid ag plé leis an fhilíocht**. Mar sin, tá cibé tuairimí atá acu féin an-tábhachtach, a fhad is gur féidir leo iad a chosaint ag tagairt don dán é féin.

OBAIR AONAIR   OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

**AL/SG**

**2. Grinnstaidéar**

(a) Tabhair an bhileog oibre seo thíos do na foghlaimeoirí.

**Léigh na ráitis seo thíos go cúramach. An bhfuil aon cheann acu a chuireann síos go beacht ar théama an dáin, dar libh? Cén fáth? Mura bhfuil, déanaigí iarracht ráiteas de bhur gcuid féin a scríobh. Ní gá go mbeadh an ráiteas céanna ag gach duine agaibh.**

(i) Cuireann an file síos ar dhúlra an oileáin a bhfuil sí ina cónaí ann. Is breá léi an t-oileán ach éiríonn sí uaigneach in amanna agus santaíonn sí comhluadar daoine ón saol mór lasmuigh.

(ii) Tá an saol nua-aimseartha ar tír mór á chur i gcomparáid le saol nádúrtha, traidisiúnta an oileáin. Molann an file áilleacht an oileáin agus impíonn sí ar lucht na mbailte móra teacht ar cuairt ann.

(iii) Meafar is ea an t-oileán, a úsáideann an file chun cur síos ar conas a bhíonn daoine scartha ó chéile ina gcorp agus ina n-aigne féin.

Ach bíonn gach uile dhuine ag iarraidh teagmhála agus caidrimh le daoine eile, caidreamh collaí san áireamh.

OBAIR BHEIRT   OBAIR RANGA

**AL/SG**

**3. Tuairimí eile**

(a) Cuir na foghlaimeoirí ag obair ina mbeirteanna agus iarr orthu smaoineamh ar aon saothar ealaíne eile a bhfuil an t-ábhar céanna faoi chaibidil ann. An bhfuil, mar shampla, aon rud gaolmhar ar an chúrsa litríochta Béarla nó an bhfuil a fhios acu aon amhrán nó scannán a théann i ngleic leis an ábhar seo?

(b) Déan liosta de na rudaí a luann na mic léinn ar an chlár. Déan gach ceann acu a phlé ansin:

(i) An bhfuil aon chosúlachtaí idir an chaoi a láimhsítear an t-ábhar sa dán seo agus an chaoi a láimhsítear é i….?

(ii) Cé acu saothar is fearr a théann i ngleic leis an ábhar?

(iii) Dá n-iarrfaí oraibh féin dráma nó scannán gearr a scríobh chun téama an dáin seo a léiriú, cén cineál plota a roghnódh sibh leis an ábhar a chur i láthair?

# “R CHILL AN CHREAG«IN

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Daoine ar leith

### FEIDHMEANNA TEANGA

Ag fiafraí cé hé duine

Mothúcháin a nochtadh

Tuairimí a nochtadh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Téama: Tírghrá:

Bímse Buan ar Buairt gach Lá

Faoiseamh a Gheobhadsa

Níl aon Ní

### CULT“R

Stair na litríochta:

An Aisling

Stair na Teanga

Logainmneacha

Canúintí

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

1. **Nod don mhúinteoir:** Tabhair isteach pictiúr de *Dhealbh na Saoirse* i Nua Eabhrac nó de *La Liberté* ó leabhar staire faoi Réabhlóid na Fraince. Iarr ar na daltaí:

(i) Cad a thuigeann siadsan ó na híomhánna seo?

(ii) Samplaí eile de phearsanú ar ídéil/coincheap a lua (m.sh. an diabhail don olcas; aingil don mhaitheas; *the Grim Reaper* don bhás)

(iii) Samplaí de phearsanú ar thír a lua (m.sh. Caitlín Ní Uallacháin / Éire ar na sean-nótaí punt nó mar rianuisce ar na nótaí punt; Uncail SAM lena hata stríocach agus réaltógach do Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Bíodh pictiúir díobh seo agat sa rang chomh maith más féidir.

2. Tabhair isteach cóip de '**My Dark Rosaleen'/'Mo Róisín Dubh'** dóibh mar shampla de dhán/amhrán tírghrách ina bhfuil pearsanú ar Éirinn mar bhean.

3. Léigh teideal an dáin agus tabhair sracfhéachaint ar an dán i do leabhar. Ní gá an dán a léamh ach foirm an dáin ar an leathanach a thabhairt faoi deara. Anois, buille faoi thuairim uait maidir leis na ceisteanna seo a leanas.

(a) Scríobhadh an dán sa bh20ú haois

(a) Tá an dán suite i gCúige Uladh

(a) Saorvéarsaíocht atá sa dán seo

(a) Tá an dán i bhfoirm agallaimh

(b) Scríobhadh an dán san 18ú haois

(b) Tá an dán suite i gCúige Laighean

(b) Meadaracht fhoirmeálta atá sa dán

(b) Níl aon chomhrá sa dán

**4. An Aisling Pholaitiúil i Litríocht na Gaeilge**

Mínigh cúlra na hAislinge Polaitiúla dóibh.

Is Aisling Pholaitiúil í an dán seo. Genre filíochta is ea an Aisling a tháinig chun cinn san ochtú haois déag. Mar thoradh ar Phlandáil Uladh, ar Phlandáil na Mumhan agus ar Phlandáil Chonnachta, bhí an córas Gaelach a bhí i réim roimhe sin briste agus bhí Taoisigh na nGael marbh nó imithe thar lear (Teitheadh na n-Iarlaí agus na Géanna Fiáine). Bhí na Gaill i réim agus bhí na Gaeil faoi ghruaim agus faoi éadóchas.

San Aisling Pholaitiúil i gcoitinne

- Ag tús an dáin, bíonn an file ina aonar agus é faoi bhrón.
- Titeann an file a chodladh agus bíonn brionglóid nó fís aige.
- Tagann bean óg álainn ('spéirbhean'nó 'ainnir' nó 'síóg') ar cuairt chuig an bhfile sa bhfhís.
- Caoineann an bhean drochstaid na hÉireann agus cáineann sí na Gaill.
- Ceistíonn an file í agus cuireann sé a háilleacht i gcomparáid leis na bandéithe nó le banlaochra na bhfinscéalta.
- In Aislingí na Mumhan is í Éire í an spéirbhean agus insíonn sí don fhile go bhfuil sí faoi bhrón de bhrí gur thréig a fear céile í (i. na Taoisigh Ghaelacha ) agus go

bhfuil na Gaeil i gcruachás dá bharr. In Aislingí Uladh, deir an spéirbhean gur sióg í agus tugann sí cuireadh don fhile éalú léi.

- Caoineann an file drochchás na tíre agus céim síos na dTaoiseach Gaelach.
- Uaireanta críochnaíonn na hAislingí ar nóta dóchais - síleann an spéirbhean go dtiocfaidh cabhair ón Fhrainc, ón Róimh nó ón Spáinn. Uaireanta bíonn dóchas acu go dtiocfaidh na Stíobhartaigh chun Éire a shaoradh.
- Dánta fáithchiallacha is ea na hAislingí (i. is féidir iad a léamh ag dhá leibhéal - leibhéal an scéil agus leibhéal na teachtaireachta.)

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR AONAIR

**AL/SG**

**1. Véarsa 1**

Tús na hAislinge.

(a) Fíor nó bréagach?

(i) Tháinig spéirbhean chuige ag tús na hoíche

(ii) Chuir radharc na mná óige gruaim ar an bhfile

(iii) Phóg an ainnir an file

(iv) Bhí luis ina leicne aici

(v) Tá an dán suite i ndeisceart chontae Ard Mhacha

(vi) Bhí gruaig dhubh ar an ainnir

(vii) Chodail an file i reilig don oíche

(b) Cad a d'fhoghlaim tú sa véarsa seo

(i) faoi shuíomh an dáin?

(ii) aoin spéirbhean?

(c) Cén staid ina raibh an file má bhí air codladh i reilig, meas tú?

Meastar go raibh sé ag teitheadh ó na húdaráis. Ní bhíodh eagla air labhairt amach agus aoir a scríobh faoi dhuine a chuir isteach air agus uair amháin ar a laghad bhí sé i dtrioblóid dá bharr. Chum sé aoir ar dheirfiúr an tSagairt Pharóiste ('Máire Chaoch') agus bhí air imeacht as an gceantar ar feadh bliana. Nuair a d'fhill sé ar an dúiche, ghabh sé leithscéal leis an mbean agus chum sé dán molta fúithi!

**2. Véarsa 2**

Sa véarsa seo tugann an ainnir cuireadh don fhile éalú léi chuig Tír na nÓg.

(a) Inis cad iad na línte sa véarsa a fhreagraíonn do na habairtí seo a leanas:

(i) Cloisfidh an file ceol deas i hallaí na n-uasal a chuirfidh gliondar air

(ii) Tír álainn nach bhfuil na Sasanaigh i gceannas uirthi

(iii) Deir an spéirbhean leis an bhfile gan brón a bheith air

(iv) Iarrann an ainnir ar an bhfile éalú léi

(b) Cad atá le tuiscint ó líne a trí faoin staid ina bhfuil Éire?

### OBAIR AONAIR

**3. V éarsa 3**

(a) Cén leithscéalta atá ag an bhfile gan glacadh le cuireadh na hógmhná? Cuir tic leis na freagraí cearta:

| | |
|---|---|
| Tá an file pósta agus níor mhaith leis brón a chur ar a bhean chéile. | |
| Tá an file tuirseach agus níl fonn air dul ag taisteal. | |
| B'fhearr leis an bhfile ór a fháil seachas imeacht leis an spéirbhean. | |
| Ní mian leis an bhfile a chairde a thréigint. | |

OBAIR RANGA

(b) An aontófá go bhfuil dílseacht, tírghrá agus buanseasmhacht le léiriú sa véarsa seo?

**4. Véarsa 4**

Tasc labhartha: Obair ghrúpa:

(a) Iarr ar an rang cás duine i ndrochstaid sa lá atá inniú ann a shamhlú. Iarr orthu liosta a dhéanamh de na cúinsí atá i gceist le bheith i ndrochchás san aonú haois is fiche.

(b) Cuireann an ainnir a lán fáthanna faoi bhráid an fhile nár cheart dó fanacht in Éirinn. Faigh an focal / nath sa véarsa a chuireann na fíricí seo in iúl:

(i) Tá an file imithe ar strae

(ii) Bíonn daoine ag magadh faoina chuid filíochta ( i. a chuid oibre)

(iii) Níl mórán airgid aige

(iv) Níl mórán éadaí aige

(v) Tá sé amaideach

(vi) Tá sé i ndrochstaid

(vii) Níl mórán de shealbh an tsaoil aige

(viii) Ní cairde cearta iad a chuid gaolta

(c) Cé mhéid de chúinsí shaol an fhile a bhí ar liosta na ndaltaí mar fhreagra ar cheist (a) thuas?

OBAIR RANGA

**Tascanna labhartha**

**5. Véarsa 5**

(a) Iarr ar an rang ar chuala siad iomrá ar an Traí riamh? An bhfaca siad an scannán *TROY?* Seinn an t-amhrán *Vanished Like the Snow* dóibh faoi mhná sa stair, Helen sna áireamh (á chanadh ag Karen Casey, ar an dlúthdhiosca ag SOLAS, *Sunny Spells and Scattered Showers).*

(b) Iarr ar an rang liosta a dhéanamh de na mná clúiteacha/réalta scannán agus a leithéid a ndeirtear futhu go bhfuil siad ar chuid de na mná is áille ar domhan. An dtuilleann siad a gclú dar leis an rang?

(c) Sa véarsa seo cuireann an file an ainnir i gcomparáid le mná áille as na scéalta clasaiceacha a raibh iomrá orthu as a n-áilleacht.

*Helen*=bean chéile ghalánta Menolaus ach theastaigh ó Pharis í a bheith aige mar chéile. B'shin an chúis le Léigear na Traí inar maraíodh na mílte saighdiúirí.

*Parnassus*=sliabh sa Ghréig

*Na naoi mná deas*a = na Béithe a raibh cónaí orthu ar Pharnassus. Mná áille ab ea iad agus foinsí ionspioráide d'fhilí agus lucht ealaíon.

**6. Véarsa 6**

Sa véarsa seo míníonn an ainnir go bhfuil baint aici le cuid de na háiteanna is ríoga agus is iomráití i bhfinscéalaíocht na Gaeilge.

FEASACHT TEANGA

(a) Déan nóta de **na logainmneacha** sa véarsa seo:

*An Bhóinn* = abhainn na Bóinne a ainmníodh i ndiaidh an Bhandia Boand a chónaíonn san abhainn. Tá Brú na Bóinne (Newgrange) ainmnithe i ndiaidh na habhann.

*Gráinne Óig* = Móta Ghráinne Óige i gContae na hIarnhí. B'í Gráinne, iníon an rí, Cormac mac Airt. D'éalaigh sí leis an laoch clúiteach, Diarmuid ó Duibhne cé go raibh sí geallta le Fionn mac Cumhaill, ceannaire na bhFiann.

*Teamhair* = Teamhair na Rí i gContae na Mí. An áit a mbíodh Ardrí na hÉireann ina chónaí. Lárionad na cumhachta sna seanlaethanta.

*clár Thír Eoghain* = machairí chontae Thír Eoghain i gCúige Uladh.

(b) An dóigh leat go gcuireann úsáid na logainmneacha le huaisleacht nó le hísleacht na mná?

(c) Sa véarsa seo an dóigh leat go bhfuil an file ag cur i gcuimhne dúinn drochchás na tíre nó an stair ghlórmhar a bhí ag Éirinn anallód?

(d) Ar thug tú cuairt riamh ar Theamhair na Rí nó ar Bhrú na Bóinne? Iarr ar do mhúinteoir/ar do theaghlach turas lae a eagrú chun cuairt a thabhairt ar an dá Shéadchomhartha Náisiúnta seo.

**7. Véarsa 7**

(a) Sa véarsa seo caoineann an file na taoisigh Ghaelacha.

*Gaeil Thír Eoghain* = na Niallaigh nó muintir Néill. Daoine uaisle.

*oidhribh an Fheadha* = uaisle de shliocht mhuintir Néill. As Fiodh i gContae Ard Mhacha.

*Niall Frasach* = Ard rí na hÉireann, 758 - 765 AD. Duine de na Niallaigh.

(b) Cén fáth go gcaoineann an file na Taoisigh seo? Pioc amach na focail / nathanna a léiríonn brón nó gruaim sa véarsa.

(c) Conas a léiríodh na Taoisigh seo a n-uaisleacht? Cén tréithe a bhí acu?

**8. Véarsa 8**

Sa véarsa seo caoineann an spéirbhean céim síos na nGael.

(a) Luann sí na catha móra inar buadh ar na Gaeil agus a d'fhág an tír scriosta, faoi smacht na nGall:

Cath na Bóinne, 1690

Cath Eachroma, i gContae na Gaillimhe, 1691

(b) Tagraíonn sí do na taoisigh Ghaelacha ag cur a n-uaisleachta in iúl:

*na flaithibh* = na flatha, na prionsaí Gaelacha, na taoisigh

ach tagraíonn sí do na Gaill go fonóideach:

*clann Bhullaí* nó lucht leanúna Liam Oráiste.

(c) Léirigh an chodarsnacht sa chaoi ina gcuireann an ainnir síos ar na Gaeil agus ar na Gaill. Roinn an liosta tréithe thíos i ndá ghrúpa faoi mar a léirítear iad sa dán:

**Tréithe daoine**

uasal
flaithiúil
foiréigean
dílis don chultúr
meas acu ar an gceol
fonóideach faoin bhfilíocht
ag cosaint na bhfilí

| Na Gaeil | Na Gaill |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

**9. Véarsa 9**

Sa véarsa seo glacann an file le cuireadh na spéirmhná in ainneoin a chuid argóintí gan dul léi i véarsa a trí. Is dócha go léiríonn sé seo go bhfuil fírinne fhocail na spéirmhná faoina dhrochchás féin agus drochchás na tíre tar éis dul i bhfeidhm air.

(a) Cén chaoi a dtaispeánann an file gurb é a cheantar dúchais an áit is ansa leis ar domhan?

(b) Déan nóta de na logainmneacha arís:

An tSionainn = abhainn na Sionnainne. Ainmnithe i ndiaidh an bhean, Sionna, a bádh san abhainn mar nach raibh sí sásta géilleadh do cheansacht na bhfear.

Crích Mhanainn = oileán Mhanainn. Ainmnithe i ndiaidh Dia na Mara sa mhiotaseolaíocht Cheilteach, Manannán mac Lír.

An Éiphte = an Éigipt. Tír a bhfuil stair uasal, ríoga ag baint léi agus tír a bhfuil meas mór ag scoláirí uirthi.

An Creagán = baile dúchais an fhile i ndeisceart Ard Mhacha

(c) B'fhearr leis an bhfile bheith curtha sa Chreagán ná áit ar bith eile ar domhan. Cuireann sé an áit i gcomparáid le háiteanna mór le rá - céard atá sé ag iarraidh a chur in iúl dúinn?

**10. FEASACHT TEANGA**

- Tá cuid den fhriotal sa dán canúnach. Úsáideann an file *cha* in ionad *ní*: m.sh. *Cha shílim*. Seo nós i nGaeilge Uladh fós. Pioc amach na samplaí eile d'úsáid cha sa dán.
- An fhoirm tháite den bhriathar: m.sh. *mar 'bhfaighir*
- Scríobhadh an dán seo san ochtú haois déag agus tá an Ghaeilge tar éis athrú ó shin. Pioc amach na focail sa dán a bhfuil leagan beagáinín difriúil díobh i nGaeilge an lá atá inniú ann. M.sh. *Chadail mé* = Chodail mé

**An Mheadaracht**

**Tabhair isteach sampla den amhrán seo á chanadh agus seinn do na daltaí é.**

Meadaracht an amhráin atá ann:

Tá ceithre líne i ngach véarsa / ceathrú.

Tá cúig chéim i ngach líne.

Tá an fhuaim ó sa chéim dheiridh tríd síos an dán.

Tá an dán lán de shamplaí d' uaim agus de chomhardadh inmheánach.

De bharr go n-úsáideann an file an mheadaracht seo, tá an dán ceolmhar le n-éisteacht leis á rá. Chomh maith leis sin, tá a lán tagairtí don cheol sa dán féin.

OBAIR GHRÚPA

11(a) Pioc amach samplaí d'uaim sa dán

(b) Pioc amach samplaí de chomhardadh inmheánach sa dán

(c) Léirigh meadaracht an amhráin i do rogha véarsa as an dán.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR

**Tascanna labhartha/scríofa**

1(a) Déan liosta de na línte/focail/nathanna ina léirítear drochchás an fhile.

(b) Déan liosta de na línte/focail/nathanna ina léirítear **drochchás na tire.**

(c) Cad iad **na mothúcháin** is láidre sa dán, meas tú? Roghnaigh as an liosta seo a leanas:

Tírghrá
Sonas
Éadóchas
Féintrua
Iontas
Brón
Fearg
Eagla

Céard iad na mothúcháin a roghnaigh tú? I gcás gach ceann acu, cad iad na línte ina léirítear an mothú sin?

(d) Pioc amach na **meafair/samhlacha** a úsáideann an file

chun cur síos ar an ainnir
chun cur síos ar na Sasanaigh
chun cur síos ar Thír na nÓg

**Tascanna scríofa**

2. (a) Tá **codarsnacht** le léiriú sa dán seo idir drochchás na hÉireann agus Tír na nÓg. Cad iad na difríochtaí?

(b) Tá **codarsnacht** sa dán idir an saol atá ag an bhfile faoi láthair agus an saol a bheidh aige i dTír na nÓg. Léirigh.

(c) Tá **codarsnacht** sa dán idir an saol atá ag an bhfile faoi láthair agus an saol a bhí aige faoi na Niallaigh. Léirigh.

(d) Tá an t-amhrán scríofa i bhfoirm agallaimh. Pioc amach samplaí de chaint na ndaoine/den Ghaeilge labhartha ann.

(e) Léirigh go bhfuil an friotal sa dán ceolmhar, fileata, ornáideach.

**Tascanna scríofa breise**

3(a) Ceap **aiste** ar an téama: Tírghrá - a bhfuil i gceist leis san aonú haois is fiche.

(b) **Díospóireacht** ranga: Is ionann cás na tíre agus cás gach saoránaigh inti.

(c) Scríobh **alt nuachtáin** ar thír éigin ar domhan atá faoi smacht ag tír eile faoi láthair.

(d) **Óráid phoiblí**: An chaint a thabharfar uait ar an téama: An aisling atá agam d'Éirinn faoi cheann tríocha bliain eile.

# AN CHÉAD DR«MA

### COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

#### TOPAIC

Creideamh

Mothúcháin Phearsanta

Caitheamh Aimsire

Cultúr

#### FEIDHMEANNA TEANGA

Comhghairdeas a dhéanamh.

Leithscéal a ghabháil.

Teachtaireacht a thabhairt.

Tuairim a nochtadh.

Mian a chur in iúl.

Mothúcháin a nochtadh.

#### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

An Triail

Faoiseamh a Gheobhadsa

An Cearrbhach Mac Cába

### TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

**Nóta**: Tabhair an rang chun dráma a fheiscint, aon dráma, in aon teanga. Bheadh sé ar fheabhas iad a thabhairt go dráma Gaeilge nó dráma Béarla ar an gcúrsa ach ní gá go mbeadh baint ag gníomhaíochtaí i gcónaí go díreach leis an gcúrsa. Tá eilimint an taitnimh an- tábhachtach chomh maith.

**[Ní gá i gcónaí rud a phlé-** má thugann tú an rang go dtí dráma mar chuid den réamhobair, b'fhéidir gur leor mar obair é an gníomh amháin sin, seachas é a phlé ina dhiaidh go mion. Uaireanta tógann sé roinnt ama ar an dalta teacht ar a thuairim féin faoi.]

#### OBAIR GHRúPA

1. Cúpla ceist ghinearálta le plé, .m.sh.

(i) Cad is dráma ann? [taispeáin píosa scannáin; "The Devil's Advocate"]

(ii) Cad é an difríocht idir dráma agus scannán?

(iii) Ar ghlac tusa páirt riamh i ndráma? Má ghlac, cén dráma? (nasc le Slógadh?)

(iv) (nasc leis an mbunscoil agus drámaí na Nollag)

(v) Cad a mhúsclaíonn ár gcuid suime i ndráma? Cén sórt ábhair?

#### OBAIR GHRúPA

2. Roinnt ceisteanna le plé, m.sh.:

(i) Cad iad na drámaí a chonaic tú i nGaeilge, i mBéarla, ag an amharclann, ar an teilifís?

(ii) Cé bhí in éineacht leat? Conas a roghnaigh tú an dráma áirithe sin?

(iii) Cad a thaitin leat faoi?

(iv) Cad nár thaitin leat faoi?

(v) Ar thuig tú é?

(vi) An dóigh leat go ndéanann sé difríocht mhór an dráma a fheiscint ar an stáitse nó ar an teilifís seachas é a léamh sa rang? (nasc anseo le "An Triail" ar an gcúrsa, nó dráma Béarla ar an gcúrsa Béarla, m.sh.Shakespeare)

#### OBAIR BHEIRTE

3. (a) Iarr orthu liosta a chur le chéile de na saghasanna éagsúla drámaí atá ann, dar leo.

(b) Bailigh liosta ar an gclár dubh/bán. Obair ranga - Class ar na saghasanna éagsúla agus na roghanna a dhéanfadh na daltaí iad féin. Is féidir béim faoi leith a chur ar thragóid agus roinnt múinteoireachta a dhéanamh ar an ábhar sin.

**Éisteacht**

(c) Cad leis a n-éistimíd? Foclóir na h-éisteachta a chur i gcuimhne...
Cad a théann i bhfeidhm orainn?

(d) Féach ar bhlúire den scannán "*Lost in Translation*" le Bill Murray.

Tá an taithí againn ar an bhféachaint, agus an-mhinic bíonn gá againn le rud a bheith an- drámatúil chun fiú ár n-aird a thabhairt air. Ach chun dul i ngleic leis an bhfilíocht, **caithfimíd béim a chur ar ár gcéadfaíthe go léir** agus go h-áirithe ar an éisteacht.

### OBAIR GHRúPA

**4. An Stáitse**

(i) Cé a bhíonn ar stáitse?

(ii) Cé a bhíonn "thuas"? Cad is brí le bheith "thuas"?

(iii) An mbíonn dearcadh fé leith againn orthu siúd a bhíonn" thuas"?

(iv) Cé h-iad na daoine go léir a ghlacann páirt chun go gcuirfí an dráma ar an stáitse? m.sh. léiritheoir, leideoir…..

(v) Obair Ranga ar na ceisteanna seo.
Nasc: Léigh an píosa as "As You Like It" le Shakespeare.
"All the world's a stage…………………"

### OBAIR BHEIRTE

5. Stáitse mór an domhain agus sinn ar fad ag glacadh páirteanna éagsúla ann.
Iarr ar gach beirt

(i) Cúpla gairm beatha dhifriúil a roghnú.

(ii) Cén pháirt a ghlacann an duine sin sa saol?

(iii) An bhfuil script chinnte ag an duine sin?

(iv) Cad iad na roghanna atá ag an duine maidir lena pháirt sa saol agus cad iad na gnéithe nach bhfuil rogha aige/aici iontu?

Obair Ranga nuair atá roinnt oibre déanta ag na foghlaimeoirí ina mbeirteanna.

**6. Téama na Críostaíochta sa dán seo**

(a) Iarr ar na daltaí pictiúirí de Dhia agus an Diabhal a thabhairt isteach, nó pictiúirí a tharraingt iad féin sa bhaile nó sa rang.

(b) Cad iad na nathanna a úsáidtear sa chaint , sa Bhéarla nó as Gaeilge, agus sinn ag caint futhu? Cuir liosta le chéile- m.sh. "Grim Reaper……."

(c) Cad iad na teachtaireachtaí atá timpeall orainn an t-am go léir futhu?

(d) Cad iad na teachtaireachtaí a fuaireamar inár n-óige?

*N.B. Ní mór a bheith cúramach ag plé leis an ngné seo mar go minic bíonn daltaí sa rang nach mbíonn eolas acu ar an gCríostaíocht, nó a mbíonn creideamh éagsúil acu.*

### OBAIR GHRúPA

**7. Greann**

(a) *Riachtanais:* irisí, nuachtáin, cartúin, ailt éagsúla, píosaí ón idirlíon…….

*Tasc:* Piocadh gach grúpa amach píosa nó dhó a chuireann ag gáire iad agus mínídís cén fáth.

(b) Ina dhiaidh sin, pléadh an rang ceisteanna ar nós:

(i) Cad a chuireann ag gáire sinn?
(ii) An bhfuil cineálacha eile grinn ann?
(iii) Cad iad?
(iv) Cá dtagaimid trasna orthu?
(v) Cad is brí le "greann dubh/dorcha"?
(vi) Aithnítear é sa Bhéarla ach an bhfuil a leithéid ann sa Ghaeilge?
(vii) Luaigh roinnt samplaí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. (bunaithe ar na cúrsaí scoile).

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

1. Léadh an múinteoir an dán ar fad ar dtús, nó bíodh sé ar théip léite ag duine eile- an file féin b'fhéidir. Tá béim ar an éisteacht anseo. Tá gá le cruinneas chun go mblaisfeadh an rang an dán mar aonad cruinn ceart. Tá gá le dea-léamh chun seans a thabhairt don rang féachaint cad iad na focail a thuig siad, cad iad na mothucháin a mhúscail an dán iontu an chéad uair a chuala siad an dán. Pléadh an rang cén sórt dáin é seo? Cad é atmaisféar an dáin?

### OBAIR BHEIRTE

**2. Vearsaí 1 agus 2**

Tragóid staire.

(a) Freagraíodh gach beirt na ceisteanna seo leanas, obair scríofa.

(i) Cad a thuigeann tú leis an bhfocal "tragóid"?

(ii) Cad iad na tragóidí a bhfuil eolas agat orthu, ón am atá thart/fadó? (sh. Campaí géibhinn Hitler, Kurt Cobain.)

(iii) Iarr orthu eolas a lorg (idirlíon/leabharlann) futhu.

(iv) An raibh tionchar ag aon cheann acu san ort féin?

(v) Luaigh cén ceann agus abair cén fáth.

(b) Obair Ranga ar théama na tragóide. Is féidir a iarraidh ar an rang píosa a scríobh do nuachtán nó oráid a scríobh bunaithe ar an dtopaic seo.

### OBAIR GHRúPA

**3. Vearsaí 3 agus 4**

(a) Athbhreithniú ar íomhánna den Diabhal agus Dia.

(i) Pléigh"fear na n-adharc" mar leideoir.

(ii) Cad a thuigeann tú le "leid"?

(iii) Cé a thugann leid, de ghnáth? Cen sórt leide?

(iv) Cathain a fuair tusa leid i do shaol?

(v) An rud maith nó dona é leid a fháil?

(b) Obair Ranga ar an dtopaic seo.

(i) Cén pháirt a ghlacann "fear na n-adharc" sa dráma seo?

(ii) Cén pháirt a ghlacann sé i saol an lae inniu? An mbíonn sé as radharc i gcónaí?

(iii) Cé a léiríonn an dráma?

(iv) Cé hiad na "daoine mánla" agus na "daoine cama"?

### OBAIR AONAIR

**4. Vearsa 5**

(i) Cuimhnigh siar ar am éigin i do shaol nuair a rinne tú botún, beag nó mór.

(ii) Conas a bhraith tú?

(iii) An raibh dea-thoradh nó droch-thoradh ar an mbotún?

(iv) An mbíonn duine éigin ann i gcónaí ag coiméad marcannaí? Cen fáth, dár leat?

(v) Cén sórt torthaí a fhaighimíd inár saoil?

### OBAIR GHRúPA

**5. Vearsaí 6, 7, 8 agus 9**

Titim an chuirtín, tá sé sa Bhéarla chomh maith–"its curtains"

(i) Cad is brí leis?

(ii) Cad a thuigeann tú le "h-uaigneas"?

(iii) Cé hiad na daoine a bhíonn uaigneach, de ghnáth, dár leat?

(iv) An orthu féin an locht, dár leat, nó an mbíonn an locht ar éinne?

(v) Cad iad na bealaí chun faoiseamh a fháil ar an uaigneas? (nasc; léigh "Faoiseamh a Gheobhadsa" le Máírtín Ó Díreáin.)

(vi) Cén sórt faoisimh a fheiceann an file sna dánta seo?

(vii) An mbraitheann tú go bhfuil an file sásta ag críoch na ndánta? Luaigh fáthanna. Comparáid á dhéanamh.

### TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

1. Léigh scéal as an leabhar "Leabhar Shéain Uí Chonaill" m.sh."An Gréasaí agus an t-Áirseóir" nó scéal as an leabhar "An Seanchaí Muimhneach" (Scata scéalta ann faoin Diabhal….)

Nasc leis an scéal ar an gcúrsa "An Cearrbhach Mac Cába".
Tá téama an diabhal mar leideoir an- choitianta i seanscéalta na Gaeilge agus an choimhlint idir an diabhal agus Dia. Is féidir an Béaloideas a fhí isteach anseo go deas agus beidh cuid den chúrsa staire clúdaithe chomh maith.

OBAIR GHRÚPA

**2. Íomhánna an dáin**

*Tasc*

- Roinntear an rang i ngrúpaí éagsúla
- Ceapadh grúpa (A) cúpla ceist bunaithe ar íomhánna.
- Beidh an grúpa eile(B) ag tarraingt pictiúir.
- Ansin bíodh dhá ghrúpa ag obair le chéile.
- Cuireadh daltaí as grúpa amháin(A) na ceisteanna ar dhaltaí as an ngrúpa eile(B).Ansin malartaídís agus cuireadh daltaí as grúpaí (B) ceisteanna ar na daltaí as grúpaí (A) faoi na pictiúir.
- Beidh gá ag an múinteoir leis an rang a thabhairt le chéile tar éis tamaill agus bheith cinnte go bhfuil tuiscint faighte acu ar na h-íomhánna éagsúla.

OBAIR GHRÚPA

**3. Dán Fáithchiallach**

Liosta ceisteanna le freagairt. Ansin Obair Ranga.

(i) Teideal an dáin,”An chéad dráma”, cad a chiallaíonn sé?

(ii) Cad é téama an dráma?

(iii) An bhfeiceann tú searbhas nó íoróin sa dráma seo? Pléigh cathain a bhíonn daoine searbhasach? An mbíonn tusa riamh searbhasach? múinteoirí? tuistí?..

(iv) Ar thaitin an dán leat? Na fáthanna a dtaitneodh dán leat?

(v) Cén ról a roghnófa féin sa dráma seo?

**Nóta:** Ní dráma é seo a tharla uair amháin - leanann an dráma ar aghaidh le daoine nua.

OBAIR RANGA

4. I mbliana 2004 táimíd ag comóradh 100 bliain de Amharclann na Mainistreach. Is iomaí dráma a taispeáineadh ann arís agus arís eile thar na blianta, go minic le foireann nua m.sh “ The Playboy of the Western World”, “The Plough and the Stars”….

Léiríodh an dráma Gaeilge “An Triail “ go minic ón gcéad uair agus arís le foireann nua de ghnáth.

(i) Cad faoi “*Big Brother*” *agus a leithéidí?*

(ii) Cén teachtaireacht atá anseo dúinn faoin saol agus ár bpáirt áirithe féin ann?

(iii) Conas a bhraithimíd faoi seo?

OBAIR BHEIRTE

**5. FEASACHT TEANGA**

Féach ar an meadaracht agus rogha fhocal an fhile.

(a) As Indreabhán, Co.na Gaillimhe an file. An bhfuil aon rian de sin le brath ar an dán?

(b) Má tá cónaí ortsa i nGaeltacht eile, an bhfuil focail difriúla a úsáidfeása agus cad é an tionchar a bheadh acu ar an dán, dár leat?

(c) An bhfuil tábhacht le roghnú focal, dár leat?

(d) Pléadh an rang ar fad é seo mar chríoch na hoibre.

# D«N DO MHELISSA

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

An grá

Na mothúcháin phearsanta

An timpeallacht áitiúil.

### FEIDHMEANNA TEANGA

Sonraí pearsanta a thabhairt

Geallúint a thabhairt.

Teachtaireacht a thabhairt.

Dúil nó mian a chur in iúl.

Cinnteacht a chur in iúl.

Grá a chur in iúl.

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

1(a) Faigh amach an bhfuil an t-amhrán "Mo Pháistín Fionn" ar eolas ag aon dalta. Má tá, iarr air/uirthi é a chanadh don rang.

(b) Seinm an t-amhrán don rang, nó can tú féin é má tá an bua sin agat!
Pléigh a bhfuil i gceist san amhrán, dár leo.

### OBAIR AONAIR

2(a) Tabhair isteach pictiúr de pháiste/pháistí ag súgradh i measc na ndumhach, nó iarr ar gach dalta pictiúr a tharraingt de pháiste ag súgradh cois trá. Bíodh an páiste 5/6 bliana.

(b) Iarr ar gach duine cur síos tapaidh a dhéanamh ar a phictiúr agus ar lá a chaith sé/ sí cois farraige- cé thug ann é/ í? Conas a bhí an aimsir? An cuimhne deas é? srl.

**3. Plandaí fiáine na hÉireann**

Tá sraith leabhrán ann bunaithe ar ghnéithe de shaol na hÉireann agus ina measc tá leabhrán ar an dúlra, plandaí agus ainmhithe dúchasacha -An Gúm.

(a) Iarr ar na daltaí sampla nó dhó de phlandaí/ bhláthanna fiáine atá le fáil timpeall orthu sa bhaile a thabhairt isteach. Mura bhfuil cónaí orthu faoin tuath nó cóngarach don tuath, b'fhéidir go mbeidh ar a gcumas teacht ar léaráidí sa leabharlann nó ar an idirlíon, nó i leabhar sa bhaile srl.

Múin ainmneacha cuid de na bláthanna fiáine is coitianta dóibh agus cuir léaráidí leo.

### OBAIR RANGA

(b) Dob fhéidir comórtas postaer a bhunú ar an ábhar seo, mar spórt chomh maith le h-eolas.

[Nasc leis an dán "Níl aon Ní" ar an gcúrsa]

### OBAIR GHRvPA

**4. Ainmhithe**

(a) Tabhair pictiúr difriúil do gach grúpa ach bíodh ainmhithe i gceist i ngach ceann. m.sh – ag an sú, cois farraige, suíomh feirme, suíomh Artach, suíomh dhufair, srl.

(b) Iarr orthu liosta a dhéanamh de na hainmhithe a chónaíonn sna ceantair sin. Luaigh tréith amháin le gach ainmhí!

(c) Cad nach bhfuil acu? Líon na bearnaí eolais leo.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

1. Léadh an múinteoir an dán ar fad ar dtús.

**Tá an-tábhacht ag baint le éisteacht chruinn.**

(i) Cad a chuala an rang?

(ii) Cén sórt atmaisféir a bhraith siad?

### OBAIR BHEIRTE

**2. Véarsa 1**

(a)(i) An gcuireann an véarsa aon pháiste nó páistí i gcuimhne duit?

(ii) Cad iad na rainn páistí atá fós agat? Cad chuige iad? Pléigh.

(iii) Cé a thugann bronntanas duit, de ghnáth? Cén fáth? Pléigh.

(iv) Cé atá ag caint sa dán , dar leat?

(v) Cad é an gaol idir an file agus an páiste?

(b) Obair Ranga ar thorthaí na cainte go léir.

(c) Léigh an dán "To a Child Dancing in the Wind" W.B.Yeats.

(d) An bhfeiceann tú aon chosúlachtaí idir an dán seo agus "Dán do Mhelissa"?

OBAIR GHRúPA

**3. Véarsaí 2 agus 3**

(a) Cúpla ceist ghinearálta le freagairt.m.sh.:

(i) Cén fath go léimeann "an gearrcach éin as tóin na nide"?

(ii) An bhfeiceann tú aon chomparáid idir v.1 agus v.2? Cad í?

(iii) Cad atá aisteach faoi na hainmhithe a luaitear i v.3?

(iv) Tá difríocht shuntasach idir v.3 agus v.4. Cad í?

(b) Pléigh na freagraí leis an rang go léir.

(c) Léigh an dán "I taste a liquor never brewed" le Emily Dickinson.

(d) Nasc leis an gcúrsa Béarla- Plé ar chomparaidí atá difriúil.

OBAIR GHRúPA

**4. Véarsa 4**

(a)(i) Fiafraigh díobh an bhfuil a fhios acu cad is "Ceiribín" ann. An bhfuil ceann sa bhaile ag aon duine? An bhfuil ceann sa gháirdín?

(ii) Taispeáin léaráid de gháirdín Éidin dóibh. Iarr ar gach grúpa cur síos a ullmhú agus é a insint don rang ansin.

**Nó**

(b)(i) Iarr ar gach grúpa léaráid a dhéanamh bunaithe ar an íomhá atá acu de Gháirdín Éidin.

(ii) Ansin iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an bpictiúr.

**Nó**

(c) Iarr ar an rang íomhá a chruthú de Gháirdín Éidin ag baint úsáide astu féin mar áiseanna - sort portráide.

[gá le páipéar daite, pinn daite srl. chuige seo]

OBAIR AONAIR

**5. Véarsa 5**

(a) Freagair na ceisteanna seo leanas:

(i) Geallann an mháthair dhá rud dá h-iníon sa véarsa seo. Cad iad?

(ii) Cén fáth a dtugann sí na geallúintí úd?

(iii) Cad a deir sé seo leat faoi mhothúcháin na máthar i leith a h-iníne?

(b) Pléadh an rang torthaí na gceisteanna seo.

OBAIR GHRúPA

**6. Seanfhocail**

(a) Déan liosta de na seanfhocail go léir ata ar eolas ag an ngrúpa.

(b) Ceartaigh agus scríobh suas ar phostaeirí ar fud an tseomra ranga iad!

(c) Foghlaimeoidh gach duine iad de réir a chéile.

(d) Soiléirigh cad atá i gceist le gach ceann! [Ní gá iad ar fad.]

(e) Maidir leis an dán seo, an bhfuil aon seanfhocal luaite?

(f) *"meileann muilte Dé go mall ach mín mín" ……?*

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

1(a) Pléadh gach grúpa na ceisteanna seo:

(i) Cén sórt saoil a ghealLann an mháthair dá h-iníon?

(ii) An dóigh leatsa go bhfuil sé réalaíoch? Cuir fáth le do thuairim.

(iii) Cad iad na téamaí atá sa dán seo, dár leat?

(b) Plé ar na freagraí éagsúla agus ar an sórt saoil ar mhaith leo féin.

(Nasc leis an scrúdú béil - cad a dhéanfaidh tú amach anseo?…srl.)

### OBAIR BHEIRTE

2(a) Freagair an dá cheist.

(i) Cad í íomhá na Críostaíochta sa dán seo?

(ii) Cad deir sé seo linn faoin bhfile féin?

(b) Bailigh an t-eolas agus líon na bearnaí eolais. Tá macallaí ón mBíobla sa dán seo. m.sh.Éasáias srl.

### OBAIR GHRúPA

3(a) An cheist seo a phlé agus teacht ar chinneadh faoi. “Braithimíd gur dán éadtrom, lán de ghile é an dán seo ach tá an teachtaireacht trom go leor” Bíodh freagraí i bhfoirm poíntí.

(b) Scríobhadh gach duine a fhreagra fhéin mar obair bhaile, tar éis roinnt Obair Ranga.

4. (a) Ceisteanna eile le plé

(i) Is dorcha an íomhá den domhain atá laistiar de na focail. “Chun nach meilfí tú”. Do thuairim uait faoi sin.

(ii) “Níor ghá dhuit duilliúr fige...” cad atá á rá anseo faoi shaol an lae inniu agus cúrsaí móráltachta?

(iii) Tá an dán seo lan de shamplaí den Ainm Bhriathra. Cén éifeacht atá aige seo ar an dán?

(iv) Cad a thuigeann tú leis an bhfocal “ Forbairt”? Pléigh é i gcomhthéacs an tsaoil inniu.

(v) Ansin féach ar cad atá i gceist le forbairt téama. Cén sórt forbartha a dhéantar ar an téama sa dán seo?

(vi) Déan comparáid le haon dán eile ar an gcúrsa.

(vii) Éifeacht na h-úsáide den Aimsir Láithreach agus an Modh Coinníollach a phlé.

(b) Chun plé a dhéanamh ar shoinneantacht na hóige, dob fhéidir “*A Christmas Childhood*” le Seamas Heaney a léamh.

# O CHE NOLLAIG NA MBAN

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

An Dalta Féin

Áit Chónaithe

An Aimsir

Daoine ar Leith

Creideamh agus Eitic

Cultúr

Fadhbanna an Duine Óig

An Timpeallacht

Bia agus Sláinte

An Litríocht

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Réiteach a thairiscint

Mothúcháin a nochtadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Cur síos a dhéanamh

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

**Nóta**: Má oireann, d'fhéadfaí tús a chur le staidéar ar an dán a seo a léamh thart ar an 7ú Eanáir (tar eis filleadh ó laethanta saoire na Nollag0.

### OBAIR GHRúPA   OBAIR RANGA

1. Aiseolas na ndaltaí a chur ar an gclár dubh/bán/leictreonach.

Traidisiúin:

- De réir traidisiúin, is ceart sos a thabhairt do na mná an oíche sin.
- De réir traidisiúin, is ceart coinneal a lasadh agus a chur sa bhfuinneog an oíche sin.
- De réir traidisiúin, bíonn coimhlint ghéar idir an Mhaith agus an tOlc ar an oíche sin.
- Tá deireadh tagtha le séasúr beannaithe na Nollag agus d'fhéadfadh fórsaí an Oilc bheith i réim arís.

### OBAIR RANGA

2. (i) Féach ar theideal an dáin. Cad é téama an dáin, dar leat?

(ii) Cén dáta a bhí againn inné?

(iii) An bhfuil ainm ar leith tugtha ag muintir na hÉireann don dáta sin? (Nollaig na mBan)

(iv) An ndearna do mham/na mná/cailíní i do theach aon rud ar leith inné/aréir toisc gur Nollaig na mBan a bhí ann?

(v) Cén nós a bhíonn/a bhíodh ann faoin tuath in áiteanna áirithe maidir leis an oíche sin?

### OBAIR BHEIRTE   OBAIR RANGA

3. [Seans go raibh stoirm am éigin i rith an gheimhridh.]

(a) Spreagadh cluaise: Taifeadadh de stoirm.

(i) Cad é seo?
(ii) Cén fáth a ndeir tú sin?
(iii) Cad a chuala tú ar dtús?
(iv) Cad a chuala tú ansin?...[liosta sainiúil d'fhuaimeanna]
(v) Ar chuala tú fuaimeanna mar sin le déanaí?
(vi) Cá raibh tú? laistigh/lasmuigh?
(vii) An raibh éinne in éineacht leat?
(viii)Conas ar mhothaigh tú nuair a chuala tú na fuaimeanna sin? …
(ix) Ar mhaith leat dá mbeadh stoirm anois? Cén fáth?
(x) An raibh tú riamh i d'aonar nuair a bhí stoirm ann?
(xi) Cén t-am den lá/oíche a bhí ann?
(xii) Conas ar mhothaigh tú?

(b) Spreagadh súl: Pictiúr de ghealt/theach na ngealt a chur ar fail d'fhoghlaimeoirí.
**(Caithfear bheith cúramach anseo. D'fhéadfadh go mbeadh gaol le dalta in áit mar seo.)**

(i) Cad é seo?
(ii) Cén sort daoine a bhíonn anseo?

(c) Céim: Spreagadh súl Picture of Jack Nicholson ón scannán The Shining.

(i) Cén chuma atá air?
(ii) Cén fáth?
(iii) Cén fáth a ndeir tú é sin?

### OBAIR RANGA

**4. Pictiur/léaráid den ghealach**

(i) Céard é seo?

(ii) Cad é an t-ainm fileata ar ghealach? [ré. Feasacht teanga: uair sa ré]

(iii) Dírigh chomh maith b'fhéidir ar mhóthúchán na heagla agus an uamhain agus cé chomh deacair is a bhíonn sé cur síos ar dhéine an mhothúcháin sin go prósúil.

(iv) Roghnaigh meafair, siombail, íomhánna dathanna etc a d'fhéadfaí a roghnú chun an eagla nó an dubhsceon a chur i bhfriotal.

(v) Plé ar rudaí a chuireann uamhan ar dhaoine.

**5. Tionscnamh**

(a) Tionscnamh ar Ó Ríordáin (ag obair as leabhair *Filí Faoi Sceimhle* (An Clóchomhar)/*Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar* le Seán Ó Coileán etc).

(b) Pléigh a raibh ag cur uamhain air i bhfianaise shonraí a bheathaisnéise.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

**1. Tasc éisteachta**

'Cloze'éisteachta. Téip. m.sh.: An Teanga Bheo Comhar na Múinteoirí Gaeilge, BÁC, 1999.

(a) Scríobh amach an dán. Cuir focail eile in áit na bhfocal seo sna línte a leanas:

3: tá
4: scréach
5: ghíosc
6: bhúir
7: múchadh
8: las
9: ba mhaith liom
10: mbeadsa
11: ag filleadh
12: ag dul as
13: líonfaí
14: ndéanfaí
15: ná cloisfinn ag gluaiseacht
16: ag stad

(b) Éist leis an téip agus líon na bearnaí leis na focail sa bhosca i (d) thíos

(c) Cuir na focail thuas (tá, scréach 7rl) sna colúin seo a leanas:

| Aimsir Chaite | Aimsir Láithreach | Aimsir Fháistineach | Modh Choinníollach | Ainm Briathartha |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Freagraí**

| Aimsir Chaite | Aimsir Láithreach | Aimsir Fháistineach | Modh Choinníollach | Ainm Briathartha |
|---|---|---|---|---|
| bhí | | | | |
| éalaigh | | | | |
| scréach | tá | mbeadsa | ba mhaith liom | ag filleadh |
| ghíosc | | | líonfaí | ag dul (as) |
| bhúir | | | ndéanfaí | ag gluaiseacht |
| múchadh | | | cloisfinn | ag stad |
| las | | | | |

(d) Féach ar na colúin thuas arís: an suim le Seán Ó Ríordáin an t-am faoi láthair, meas tú? Cuir fáth(anna) le do thuairim.

(e) Féach ar na briathra arís. Cad a bhíonn ar siúl ag an bhfile Seán Ó Ríordáin? Ag féachaint siar? Ag féachaint ar an saol mar a bhí/ mar atá/mar a bheidh/mar a bheadh.

| **Nodanna** | **Freagraí** |
|---|---|
| cumhacht | fuinneamh |
| a bhris amach | a éalaigh |
| an 6ú Eanáir | Oíche Nollaig na mBan |
| comhfhocal | Gealt-teach |
| taobh thiar de | laistiar de |
| focal fileata ar ghealach | ré |
| scread | screech |
| duine le Dia | Gealt |
| thaitin siad seo le Seán Ó Ríordáin | geataí |
| faimfhoclaíocht | gogallach gé |
| glór ard a rinne tarbh | bhúir |
| abhainn ag cur thar maoil | abhainn shlaghdánach |
| cuireadh amach | múchadh |
| mo shiombal den dóchas | mo choinneal |
| meafar an tsolais: 'mo choinneal', 'splanc obann', '…' | solas an pheaca |
| tobann | obann |
| mothúchán | an fhearg |
| go mbeidh mé | go mbeadsa |
| tréith | lag |
| ag dul/teacht abhaile | ag filleadh |
| ag fáil bháis | ag dul as |
| nóiméad | neomat |
| béic | scread |
| meafar don mbás | an ciúnas |
| am lorg | fám dhéin |
| meafar don chroí | inneall an ghluaisteáin |

(f) Cad faoi na briathra a úsáideann an file san Aimsir Chaite? Cad is féidir leat a chloisteáil? (callán na stoirme)

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

1(i) Cén fáth gur úsáid an file 'éalaigh' seachas 'tharla' agus é ag cur síos ar an stoirm, meas tú ?

(ii) Cén fáth gur úsáid an file 'gealt-teach'seachas 'teach na ngealt', meas tú?

### OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

2. (i) An gceapann tú gur stoirm a bhí ann,dáiríre?... meafar, b'fhéidir.

(ii) Cad faoin gcoinneal?

splanc obann?

solas an pheaca?

rince an tsaoil?

inneall an ghluaisteáin?

### OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRúPA

3(i) Dírigh ar na fuaimeanna.

(ii) Féach ar na péirí focal seo:

| | | |
|---|---|---|
| Fuinneamh | lag | |
| Múchadh | las | |
| ag gluaiseacht | ? | (ag stad) |
| cloisfinn | ? | (ciúnas) |
| solas` | ? | (peaca/ag dul as) |

(iii) Cén fáth gur úsáid an file na focail seo, meas tú? (codarsacht0

(iv) Léigh an líne seo os ard: 'Gur ghíosc geataí comharsan mar ghogallach gé'.

(v) Cad a chloiseann tú? Cad a fheiceann tú? (NB 2

fhrása amach sa líne) An bhfuil aon fhrása eile uamach sa dán?

(vi) Péigh '…áit go mbíonn geataí bíonn filíocht'

– Seán Ó Ríordáin ina dhialann, 21-01-1957

(vii) Féach ar an líne 'Ag filleadh abhaile ó rince an tsaoil'

(viii) Cén sort rince?

a. seanwaltz

b. tango

c. *dance macabre*

d. ríl

(ix) Cuir fáth (anna) le do thuairim.

(x) Cad faoi rithim an dáin tríd síos? (tomhaiste). An gcuirfeadh sé frithbhualadh croí i gcuimhne duit?

**4. FEASACHT TEANGA**

(i) Bunaigh tasc ar fheidhm na ngutaí fada/ onamaitipé (feasacht teanga) le linn éisteachta- piocann said amach na fuaimeanna a théann i bhfeidhm orthu.

(ii) An don chluais go príomha an dán seo?

**5. Atmaisféar an dáin**

Éist leis an gceol seo a leanas. Cloisfidh tú 4 phíosa ceoil.

Roghnaigh ceann amháin a bheadh oiriúnach chun cur síos ar an atmaisféar i véarsa a 1 agus ceann eile chun cur síos ar an atmaisféar i véarsa a 2.

Cuir fáth (anna) le do rogha.

(i) Ceol ard, áthasach

(ii) *Danse macabre*

(iii) Wagner 'sturm unt drang'20 soicind ag críochnú le plimp

(iv) Damhsa waltz

# AN MH«THAIR

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

An teaghlach

Cairdeas

Tréithe an duine

Daoine ar leith

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Mothúcháin a nochtadh

Forbairt an duine a iniúchadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Comparáid a dhéanamh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

Lá Buí Bealtaine

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR BHEIRTE

**1. An Ciorcal Cabhrach**

Thíos sa chiorcal, tá cuid de na príomhfhocail atá le feiceáil i ndán a bheidh á léamh agaibh ar ball beag. Ag obair leis an duine in aice leat, an féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar an dáin seo. Pléigh leis na grúpaí eile é.

| | | |
|---|---|---|
| Seanbhean | síoraí | Titithe I bhfeoil |
| Luas | géag | an triúr mac |
| An óige | láidir | Uaisleacht |
| Grá | Maighdeanacha | |

### OBAIR BHEIRTE

**2. Cantan na Muisriún**

Baintreach - triúr mac: Ogun, Oja agus an Deartháir Beag.

Bailíonn siad leo chun cogaíocht a dhéanamh. Geallann an tríur acu go maróidh siad seachtar fear…príosúnaigh seachtar eile.

Ogun agus Oja ag gáirí faoin nDeartháir Beag.
Bíonn a mbeart de réir a mbriathar ag an triúr acu.
Maraíonn Deartháir Beag an Rí namhdach freisin.
Buann ór.
Fearg ar Ogun agus Oja.

I bhfásach fan na slí abhaile:
Tartmhar
Tagann Deartháir Beag ar shruth.
Ólann Ogun, ansin Oja.
Cromann Deartháir síos chun óil, baintear a cheann de.
Cuirtear sa bhfásach é.

Na deartháireacha:
Deir siad leis an mháthair gur maraíodh Deartháir Beag sa chath.
Caoineann sí.
Leanann an saol ar aghaidh.

Lá amháin, trasnaíonn sí an fásach.
Feiceann muisriúin.
Piocann iad — canann siad scéal bhás an Deartháir Bhig.

Filleann ar an sráidbhaile — fonn díoltais.
Téann na deartháireacha i bhfolach i gcúinní an tí.
Déantar deilbh cré-umha díobh.
Cuirtear ar an matal iad.

(bunaithe ar ‘The Story of the Singing Mushrooms’, in *Folk Tales and Fables*, (eag.) P.Itayemi & P.Gurrey)

(a) Inis an scéal do na foghlaimeoirí.

(b) Léigh leo é.

(c) Iarr orthu liosta a dhéanamh de na briathra sa scéal agus é a dhéanamh ar an mbonn seo: caoineann ~ caoin.

(d) Roinn ina mbeirteanna iad agus iarr orthu freagra a thabhairt ar an scéal seo i bhfoirm dáin. Mínigh dóibh nach bhfuiltear ag súil uathu go n-inseoidís an scéal in athuair i bhfoirm dáin.

(Tá an tasc seo tógtha ó *Once Upon a Time*, J. Morgan & M. Rinvolucri. Cambridge.)

## OBAIR BHEIRTE

### 3. Ag Féachaint Siar

(a) Faigh sraith ghrianghraif nó pictiúir a thugann léiríu dúinn ar shaol mná éigin (b'fhéidir gur fearr bean cháiliúil a úsáid m.sh. Princess Diana, Margaret Thatcher, Maureen Potter, Marilyn Monroe srl.). Beidh gá le cúig phictiúr déag.

(b) Ina mbeirteanna, fág faoi na foghlaimeoirí iad a chur in ord.

(c) Iarr orthu scéal na mná seo a scríobh bunaithe ar na pictiúir seo.

## OBAIR GHRúPA

### 4. Bean Uí Mhuiríosa

Bhí Bean Uí Mhuiríosa 80 bliain d'aois agus bhaineadh sí taca as maide.
Thugainn a ciseán abhaile ón siopa di.
Lá amháin, theaspáin sí buidéal a cheannaigh sí.
Dar leis an lipéad, 'bhainfeadh blaiseadh amháin de fiche bliain díot'.
Lean sí uirthi ag bacadaíl suas céimeanna a tí agus isteach léi.

Lá arna mhárach, chonaic mé í agus bhí sí ag siúl léi gan dua ar bith.
Bhí a maide siúil imithe agus chroith sí lámh orm.

An Domhnach ina dhiaidh, bhí mé ag spaisteoireacht sa pháirc.
Bhí Bean Uí Mhuiríosa ina suí ar bhinse cóngarach don gheata.
Bhí gúna álainn agus scairf ghalánta uirthi.
Bhí cuma dhá scór uirthi.

An tseachtain dar gcionn, chas mé uirthi sa pháirc arís.
Bhí sí gléasta i mbríste gréine cúng agus t-léine an-ógánta.
Shuigh mé taobh léi agus rug mé greim láimhe uirthi.
Thug mé cuireadh chun na pictiúrlainne di.
Dúirt sí gur theastaigh uaithi dul abhaile ar dtús agus malairt éadaí a chur uirthi.
Shocraíomar bualadh lena chéile i gceann uair a chloig.

Tar éis uair a chloig, d'fhill mé ar an bpáirc — ní raibh sí ann.
Chuaigh mé go dtí an tigh agus lasc mé cnaganna ar an doras.
Freagra ní bhfuair mé.

(a) Inis an scéal don rang go mall agus dean cúpla babhta é. Beidh gá le geáitsí agus pictiúir, b'fhéidir, ar an gclár dubh.

(b) Roinn ina ngrúpaí cothroma iad. Tabhair sraith d'abairtí deighilte dóibh. Tabhair an tsraith chéanna do gach grúpa acu. Iarr orthu na habairtí deighilte a aontú le chéile arís agus iad a chur in órd. Ó am go chéile, déan duine a bhogadh ó ghrúpa amháin go grúpa eile. Téigh timpeall chuig na grúpaí ag freagairt ceisteanna agus tabhair cabhair *más gá*.

(c) Inis an scéal arís. Bíodh d'insint lán de gheáitsí agus de mhímeanna agus lig dóibh ord a scéil a scrúdú arís.

(d) Ansin, lig dóibh a scéalta a léamh amach.

Na habairtí deighilte (samplacha)

| | |
|---|---|
| Bhí Bean Uí Mhuríosa | 80 bliain d'aois |
| Agus bhaineadh | sí taca as maide |
| Thugainn a ciseán | abhaile ón siopa di |
| Bhí a maide síul imithe | agus chroith sí lámh orm |

(Tagann ábhar an taisc seo ó *Once Upon a Time* le J. Morgan agus M. Rinvolucri. Cambridge.)

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

OBAIR BHEIRTE

1. **Gramadach**

Léigh an dán arís. Ag obair leis an duine in aice leat, an féidir libh roinnt samplaí de gach ceann de na míreanna gramadaí seo a leanas a aimsiú?

| **Briathar** | **Ainmfhocal** | **Aidiacht** | **Forainm** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| **Réamhfhocal Comhshuite** | **An t-alt** | **Réamhfhocal** | **Forainm Réamhfhoclach** |
| | | | |
| | | | |

OBAIR AONAIR

2. **Dialann**

Tá an triúr mac sa dán seo i mbéal a dtugtha amach sa saol. Tuigeann siad nach fada nó go mbeidh a máthair imithe ar shlí na fírinne. Is é Aodán an duine is uaillmhianaí den triúr. Scríobh an iontráil a dhéanfadh sé ina dhialann faoin saol atá amach acu in éagmais a máthar.

OBAIR BHEIRTE

3. **An t-Athair**

Is furasta é a dhearmad ach nach ait nach ndéantar tagairt ar bith don athair sa dán seo? Cé hé? Cá bhfuil sé? Cén fáth nach luaitear é? Cé acu den triúr is dealraithí leis agus conas gurb ea? Cathain ar bhuail sí leis? Ar phós said riamh? Ag obair leis an duine in aice leat, scríobh an t-agallamh a chuirfeá ar an máthair seo i dtaobh an ábhair seo.

OBAIR AONAIR OBAIR GHRúPA

**4. Obair Fhoclóra**

Sa dán, luaitear *an eala, an fiach dubh* agus *an smólach*. Níl anseo ach trí cinn de na héin is coitianta sa tír seo. An mó atá ar eolas agatsa?

(a) Déan liosta de na cinn arb eol duit iad.

(b) Anois, déan liosta de ocht gcinn nach eol duit agus téigh á gcuardach sa bhfoclóir.

(c) Déan iad a roinnt leis na daoine eile sa rang. Ba cheart liosta cuimsitheach go maith a bheith bailithe agat faoi dheireadh an ranga.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR OBAIR RANGA

1. **Athair**

(a) Léigh an dán *Athair* le Nuala Ní Dhomhnaill. Lig do na foghlaimeoirí úsáid a bhaint as foclóirí.

(b) Roinn an rang i ngrúpaí agus iarr orthu teacht ar na difríochtaí is suaithinsí idir an dá dhán agus iad a phlé sa rang.

(c) Mar obair aonair sa bhaile, iarr orthu an dán a aistriú go Béarla.

OBAIR GHRúPA

2. **Cleamhnas**

Abair gur máthair tusa agus tá triúr mac leat ag glacadh páirte sa chlár *Cleamhnas* ar TG4. Faigheann siad na ceisteanna a bheidh le freagairt acu ar an gclár cúpla lá roimh ré.

(a) Mar obair ranga, déan iarracht bheith ar aon fhocal mar gheall ar na trí ceisteanna a chuirfear.

(b) Roghnaigh an triúr mac, an mháthair agus an cailín a bheidh ag cur na gceisteanna

(c) Roinn an rang ina ngrúpaí. Bíodh grúpa amháin do gach mac, grúpa eile don mháthair (cuirfidh sí ceist nó dhó ar an gcailín) agus grúpa eile don lucht éisteachta a mbeidh cead acu ceist achrannach nó dhó a chaitheamh isteach sa chur agus sa chúiteamh.

(d) Prapáil na freagraí agus cuir an clár ar siúl ar bharr an ranga. Ag an deireadh, fág faoin mháthair é an rogha a dhéanamh ar cé acu dá mic is oiriúnaí don chailín seo.

OBAIR GHRúPA

**3. Uacht na Máthar**

Samhlaigh gur tusa an mháthair sa dán seo. Suíonn tú síos chun d'uacht a dhéanamh. Seo a bhfuil agat mar oidhreacht:

- Gadhar an teaghlaigh
- Luaimh álainn
- Caoga acra lasmuigh de Bhéal Feirste.
- Seoda luachmhara
- Bailiúchán CD a n-athar
- Geansaí iomána D.J. Carey
- Ticéad oscailte chun turas a tabhairt ar an QM2
- Do ghníomhaireacht taistil atá fós ar an bhfód ach go bhfuil fiacha móra uirthi
- Leabhar ar shínigh Adolf Hitler
- Búidéal uisce beatha ó 1950 nár osclaíodh riamh

Ag am céanna, ní mór duit tréithe éagsúla na mac a chur san áireamh. Mar shampla:

- Is leisceoir cruthanta é Jimmy. Ní dhéanann sé buille oibre.
- Níl snámh ag Liam ach duine stuama go maith isea é.
- Is gealt é Aodán. Níl meas madra aige ar an daonlathas.
- Is fear gnó an-chumasach é Aodán áfach.
- Is aonarán é Liam. Níl aon chairde aige.
- Bíonn Jimmy sa tóir ar na mná ó dhubh go dubh.

I ngrúpaí, scríobhann na foghlaimeoirí uacht na máthar. Téann an múinteoir timpeall ag cur comhairle orthu más gá. Nuair ata deireadh déanta acu, éisteann siad leis na huachtanna difriúla agus pléann siad ina dhiaidh iad.

# MAIGDILÉANA

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

Daoine ar leith

Saol na hOibre

Duine ar an Imeall

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Mothúcháin a nochtadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Cur síos a dhéanamh

### NASC LE H«BHAR EILE AR AN GC“RSA LITR OCHTA/STAIR NA GAEILGE

An Gealt

Mailí sa dráma « An Triail»

Nóra Mharcais Bhig le Páraic Ó Conaire

Mórfhilí na Gaeilge

### CULT“R

Filíocht nua-aimseartha

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**1. Ag obair thar lear**

(a) Is Éireannaigh sibh.Téann sibh ag obair go Londain.Conas a bhraitheann sibh?

(b) Anois tá duine amháin nach bhfaigheann obair. Conas a bhraitheann an duine sin?

(c) Conas a bhraitheann na daoine eile ina leith?

(d) Má thosaíonn an duine sin ag díol a choirp chun airgead a thuilleamh an n-athraíonn bhur dtuairim i leith an duine sin?

(e) Cén saghas duine a dhéanann striapachas?

(f) Cad iad na cúiseanna a thugann ar dhuine a chorp a dhíol ar airgead?

(g) An bhfaca aon duine an scannán “Indecent Proposal”?

(h) Ar athraigh do thuairim i leith striapachachais tar éis an scannán sin a fheiceáil?

### OBAIR GHRúPA

**2. Leasainmneacha**

(a) Cad iad na leasainmneacha atá agaibh ar a chéile?

(b) Cén fáth go dtugann daoine leasainmneacha ar a chéile?

(c) An bhfuil leasainmneacha agaibh ar na múinteoirí?

(d) Nuair a úsáideann tú leasainmneacha, an léiríonn tú meas nó dímheas don duine sin?

(e) Éist leis an amhrán “Sliabh na mBan”/Streets of London/Eleanor Rigby agus déan plé ar na liricí.

(f) Conas is féidir le duine bheith ina aonar i measc slua mór?

(g) An raibh éinne i Londain /Baile Átha Cliath/Páras riamh? Ar bhraith tú uaigneach ann? Cén fáth?

### OBAIR GHRúPA

3. Iarr ar na daltaí eolas a thabhairt duit faoi Mhaigdiléana, faoi Chalvaire agus faoin nGailíléach. Is féidir é sin a bheith mar obair bhaile.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA OBAIR RANGA

**1. Téama agus atmaisféar**

(a) Cérbh í Maigdiléana?

(b) Cad faoi théama an dáin seo dar leat ?

(c) Ba bhreá an rud é, dá mbeadh an dán ar théip agus an file féin á aithris.

(d) B'fhéidir go léifeadh an múinteoir os ard don dara uair dóibh é.

(e) Iarr orthu a rá leat cén saghas atmaisféir a chruthaigh an file féin le linn dó an dán a rá.

(f) Faigh amach cad é an pictiúr a fheiceann siad sa dán?

(g) Iarr orthu an dán a léamh anois leat.

OBAIR GHRúPA

2. Samhlaigh gur tusa Maigdiléana,déan cur síos ar do chuid mothúchán san oíche agus conas a bhraitheann tú ar maidin sa chaifé.

OBAIR GHRúPA

**3. An chéad véarsa**

(a) Iarr orthu na ceisteanna seo a fhreagairt ó bhéal.

(i) Cén t-am den lá atá ann?

(ii) Cad iad na dathanna a chruthaítear sa véarsa seo?

(iii) Cá bhfeiceann an file an bhean seo?

(iv) An ndéanann sé cur síos uirthi?

(v) Cad is brí leis an líne deireanach den chéad véarsa, dar libh?

(vi) Cén fáth go mbeadh duine ag cuartú a C(h)alvaire, dar libh?

(vii) Cad é do Chalvaire féin?

(b) Iarr ar thriúr daltaí an chéad véarsa a léamh in athuair.

OBAIR GHRúPA

**4. An chéad véarsa**

(a) Cad iad na mothúcháin a bhraitear?

(b) Cad a chiallaíonn na focail seo i gcomhthéacs an dáin

Tachta
marbhsholas chnámhach
ag cuartú a Calvaire

(c) Éist leis na freagraí a bhíonn ag na grúpaí éagsúla.

OBAIR GHRúPA

**5. An dara véarsa**

(a) Iarr ar thriúr daltaí an dara véarsa a léamh.

(i) Cén t-am den lá atá ann anois?

(ii) Cad iad na mothúcháin a bhraitear anois?

(iii) Cad iad na mothúcháin a bhraitear anois?

(iv) Cathain a ólann tú féin cupán caifé?

(v) An bhfuil aon chairde aici timpeall?

(vi) Cén rogha atá ann sna trí líne dheireanacha?

(b) An fearr libh an chéad nó an dara véarsa? Cén fáth?

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR AONAIR OBAIR BHEIRTE OBAIR GHRúPA

**1. Ag machnamh ar an dán**

(a) Cad í an íomhá is uaigní sa dán, dar leat?

(b) Cad é an mothúchán is treise sa dán dar leat?

Conas a chuireann an file an mothúchán seo in iúl?

(c) Tá tagairtí sa dán seo don Bhíobla naofa m.sh:

| | | |
|---|---|---|
| Maigdiléana | Calvaire | Galailéach |
| Tumba folamh | Scáilí na gcros | |

(d) Cén teachtaireacht a thugann an Bíobla dúinn?

(e) Cén teachtaireacht a thugann an dán dúinn?

**2. Codarsnacht**

(a) Tá codarsnacht le feiceáil sa dán seo.Cá háit?

(b) Conas a chabhraíonn an codarsnacht le téama an dáin?

**3. Meas an file?**

(a) An dóigh libh go bhfuil meas ag an bhfile ar an ngirseach sa dán?

(b) An bhfuil meas ag an bhfile ar an nGalailéach?

(c) Cén fáth gur chum an file an dán seo?

(d) Cad é an líne is cumasaí sa dán seo, dar leat?

## OBAIR AONAIR

**Obair scríofa**

4. **Bunsmaoineamh, meafar agus atmaisféar**

(a) Cad é bunsmaoineamh an dáin?

(b) Mínigh an meafar seo-ag cuartú a Calvaire.

(c) Conas a chabhraíonn na dathanna sa dán le hatmaisféar a chruthú?

# D« mB’FHÉIDIR AR S D«R gCUMANN

## COMHTHÁTHÚ LEIS AN SIOLLABAS

### TOPAIC

An Dalta Féin

Cairdeas

Saol na hOibre

An Aimsir

Daoine ar Leith

Creideamh agus Eitic

Cultúr

Fadhbanna an Duine Óig

An Timpeallacht

Bia agus Sláinte

An Litríocht

### FEIDHMEANNA TEANGA

Tuairimí a nochtadh

Mothúcháin a nochtadh

Forbairt an duine a iniúchadh

Cur síos a lorg

Scéal a fhiosrú

Comparáid a dhéanamh

## TASCANNA RÉAMHLÉITHEOIREACHTA

### OBAIR RANGA

**1. Na mórmhothúcháin**

(a) Cad iad na mórmhothúcháin dhaonna?

### OBAIR BHEIRTE

(b) Cén sórt grá atá ann? (grá tíre, grá clainne, grá rómánsúil, gra áite, grá buan, grá samhraidh)

### OBAIR GHRúPA

(c) Déan liosta de lánúin cháiliúla a raibh grá buan acu

Romeo agus Juliet
Abelard agus Héloise
Eibhlín agus Art Ó Laoire

### OBAIR BHEIRTE

(d) (i) Cén fáth go maireann lánúin mar Romeo agus Juliet/pé daoine a luaitear san aiseolas i gcuimhne daoine?

(ii) Cad is ‘grand amour’ ann, dar leat?

(iii) Conas a d’aithneofá é?...

### OBAIR RANGA

(e) (Conas a mhothódh Juliet tar éis bhás Romeo? Aiseolas ar an gclár dubh/bán/leictreonach.

### OBAIR RANGA

**2. An nádúr: Na séasúir**

Déan machnamh ar na línte seo sa Bhíobla:

**Ecclesiastes 3**

(i) To every thing there is a season, and a time to every purpose under the heaven:

(ii) A time to be born, and a time to die; a time to plant, and a time to pluck up that which is planted;

(iii) A time to kill, and a time to heal; a time to break down, and a time to build up;

(iv) A time to weep, and a time to laugh; a time to mourn, and a time to dance;

(v) A time to cast away stones, and a time to gather stones together; a time to embrace, and a time to refrain from embracing;

(vi) A time to get, and a time to lose; a time to keep, and a time to cast away;

(vii) A time to rend, and a time to sew; a time to keep silence, and a time to speak;

(viii) A time to love, and a time to hate; a time of war, and a time of peace.

(ix) What profit hath he that worketh in that wherein he laboureth?

(x) I have seen the travail, which God hath given to the sons of men to be exercised in it.

(xi) He hath made every thing beautiful in his time: also he hath set the world in their heart, so that no man can find out the work that God maketh from the beginning to the end.

(xii) I know that there is no good in them, but for a man to rejoice, and to do good in his life.

(xiii) And also that every man should eat and drink, and enjoy the good of all his labour, it is the gift of God.

(xiv) I know that, whatsoever God doeth, it shall be for ever: nothing can be put to it, nor any thing taken from it: and God doeth it, that men should fear before him.

(xv) That which hath been is now; and that which is to be hath already been; and God requireth that which is past.

(xvi) And moreover I saw under the sun the place of judgment, that wickedness was there; and the place of righteousness, that iniquity was there.

(xvii) I said in mine heart, God shall judge the righteous and the wicked: for there is a time there for every purpose and for every work.

(xviii) I said in mine heart concerning the estate of the sons of men, that God might manifest them, and that they might see that they themselves are beasts.

(xix) For that which befalleth the sons of men befalleth beasts; even one thing befalleth them: as the one dieth, so dieth the other; yea, they have all one breath; so that a man hath no preeminence above a beast: for all is vanity.

(xx) All go unto one place; all are of the dust, and all turn to dust again.

(xxi) Who knoweth the spirit of man that goeth upward, and the spirit of the beast that goeth downward to the earth?

(xxii) Wherefore I perceive that there is nothing better, than that a man should rejoice in his own works; for that is his portion: for who shall bring him to see what shall be after him?

(a) Déan machnamh ar na línte seo:

Fáinne an lae, dul faoi na gréine, ‘ebb agus flow’na taoide
Saol an duine: an chéad lá ar scoil, an lá deiridh sa bhunscoil…

(Go cúramach toisc go mb’fhéidir go mbeadh gaol/cara/peata dalta tar éis bás a fháil: an raibh taithí ag éinne ar an mbás/chailliúint.)

### OBAIR RANGA

**3. Liricí agus Mothúcháin**

(i) Éist leis an amhrán: ‘Tears in Heaven’le Eric Clapton.

(ii) Pléigh tuin an amhráin agus na liricí.

(iii) Conas a bhíogann na liricí anam agus croí an duine?

### OBAIR BHEIRTE

(iv) Cén dath/dathanna a d’úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an atmaisféar ?

(v) Cad iad na dathanna nach n-úsáidfeá? Cén fáth?

### OBAIR RANGA

4. Déan machnamh ar na línte seo ón mBíobla:

**Corinthians 13: 3-8**

Mura bhfuil grá i mo chroí, ní tairbhe ar bith dom é.

Bíonn an grá go foighneach carthanach; ní bhíonn an grá éadmhar ná mórtasach; ní bhíonn sé díomasach ná mímhúinte. Ní iarrann an grá a chomhairle féin; ní bhíonn sé confach ná díoltasach; ní bhíonn sé lúcháireach faoin olc, ach lúcháireach faoin maith. Bíonn acmhainn ag an ngrá ar na nithe uile, creideann an grá sna nithe uile, bíonn dóchas ag an ngrá as na nithe uile, fulaingíonn an grá na nithe uile.
Ní bhíonn deireadh leis an ngrá.

## TASCANNA LE LINN LÉITHEOIREACHTA

### OBAIR GHRúPA

**1. An teideal**

Dírigh ar an teideal

(i) Cad is brí leis?

(ii) Déan téama an dáin a thomhas ón teideal.

(iii) Cad a thugann an focal ‘arís’le tuiscint?

### OBAIR GHRúPA

**2. Véarsa 1**

Cuid a haon (línte 1-3) a léamh le chéile. D’fhéadfaí iarraidh ar ghrúpaí éagsúla gluais a ullmhú agus a chur ar fáil roimh ré.

(i) Cad is spás folamh sa chroí?

(ii) Déan cúiseanna an uaignis seo a thuar nó a thomhas.

(iii) Roinntear tuairimí i dtaobh thaithí na bhfoghlaimeoirí ar bheith ag fágáil slán.
Cad é an slán ab uaigní a d'fhág tú riamh?

(iv) Déantar compoaráid mhalartach idir na freagraí éagsúla ó gach grúpa.

(v) Pléigh éifeacht …..*croílár saoil di.*

(vi) Dá mbeadh am ag múinteoirí agus iad ar a suaimhneas, d'fhéadfaí iarraidh ar fhoghlaimeoirí na rudaí/daoine atá mar chroílár saoil dóibh a bhreacadh síos. Ní gá a mbeadh breactha síos a phlé.

OBAIR GHRúPA

**3. Véarsa 2**

Cuid a dó (línte 4-6) a léamh le chéile. D'fhéadfaí iarraidh ar ghrúpaí éagsúla gluais a ullmhú agus a chur ar fáil roimh ré.

(i) Dírigh anseo b'fhéidir ar na cúiseanna nár :

- *labhair sí focal*
- *nár shil sí deoir*
- *nár nocht sí mothúcháin*

(ii) Cad a bhí mar sciath idir í agus cairdeas le daoine eile ?:

- a pearsantacht
- a cuid bróin agus uaignis
- a cuid neamhspleáchais
- féintrua

(iii) Cad a tharla di i ndáiríre?

(iv) Ar shéan daoine í?

(v) An séanann daoine i gcoitinne an duine atá ag caoineadh?/a bhfuil gaol leis/léi marbh?

(vi) Déan comparáid mhalartach idir na smaointe agus na tuairimí éagsúla

OBAIR GHRúPA

**4. Véarsa 3**

Cuid a trí (línte 7-19) a léamh le chéile. D'fhéadfaí iarraidh ar ghrúpaí éagsúla gluais a ullmhú agus a chur ar fáil roimh ré.

(a) Déan *freeze frame* ar na línte seo.

(b) Pléigh aiséirí an dúlra.

(c) Pléigh an gaol idir an duine agus an dúlra agus céimeanna bheatha an dúlra- fás/feo/meath srl.

OBAIR GHRúPA

**5. Véarsa 4**

Cuid a ceathair (línte 19-27) a léamh le chéile. D'fhéadfaí iarraidh ar ghrúpaí éagsúla gluais a ullmhú agus a chur ar fáil roimh ré.

(i) Dírigh anseo ar ar tharla agus ar an litir.

(ii) Tasc ceapadóireachta:

(iii) Iarrtar ar ghrúpaí a raibh sa litir a shamnhlú agus a scríobh.

(iv) Déan comparáid mhalartach idir na litreacha éagsúla.

## TASCANNA IARLÉITHEOIREACHTA

OBAIR BHEIRTE

1. Cén sort saoil a bhí ag an lánúin le chéile, meas tú? [Fáth(anna)]

OBAIR GHRúPA

2. (i) Samhlaigh an sort duine a bhí i bhfear na mná seo.

(ii) Samhlaigh gur tusa comharsa bhéal dorais na mná seo- cad déarfá fúithi?

(iii) Cad déarfá faoin athrú/gclaochchló atá uirthi? [creideamh?, aiséirí? an nádúr?]

### OBAIR GHRÚPA

3. (i) An bhfuil deireadh an dáin sásúil ?

(ii) An bhfuil sé róthacair?

(iii) Deirí eile a chumadh?

(iv) Déan comparáid mhalartach idir na deirí éagsúla.

(v) An mbeadh an dán níos éifeachtaí dá gcríochnódh sé leis na línte seo?

*'is mar ar chaoin go fras*
*ualach a seisce'*

### OBAIR GHRÚPA

4. (i) Déan na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionat a phlé.

(ii) Dá mba rud é gur fear a bheadh i gceist, an mbeadh smaointe an dáin mar an gcéanna- cad iad na difríochtaí a bheadh ann?

### OBAIR GHRÚPA

5. Scríobh léirmheas ar an dán le chéile ag cur síos ar thuairimí gach baill den ghrúpa faoin mbean seo agus faoin athrú a tháinig uirthi.